# Iorras Aithneach 2013

## Carna/Cill Chiaráin











An Fóram do Phobal Iorras Aithneach

€8

# Céad Slán le beirt chairde



**Rang a 6 i Scoil Mhuire i gCarna deich mbliana ó shin – scoilbhliain 2003/2004.**

*Líne cúil, ó chlé*: Meibhdhín Ní Rúiséil, Maeve Seoige, Irene Ní Fhlatharta, Eileanóir Ní Chatháin, Michelle Ní Chuaig, an Mháistréas – Máire Ní Uaithnín, Séan Dundass, Cathal Ó Loideain, Daniel Ó Conaire agus Séamus Dundass.

*Chun tosaigh, ó chlé*: Sarah Ní Chlochartaigh, Alenadh Nic an Airchinnigh, Laura Ní Iarnáin , Conor Ó Catháin, Edel Ní Dhúbhda agus Katie Ní Cheannabháin.

Cé nach bhfuil sé ach deich mbliana ó tógadh an pictiúr seo, tá beirt de na gasúir seo imíthe ar shlí na fírinne. Bhásaigh Daniel Ó Conaire in Aibreán na bliana seo agus bhásaigh Maeve Seoige beagán blianta ó shin. Go raibh suaimhneas síorraí acu.

# Iorras Aithneach 2013 – foireann na bliana seo.

**Fógraí:**
Nóirín Mhic an Iomaire.

**Socrú Pictiúir agus grianghrafanna:**
Deirdre Ní Chatháin

**Bailiú ábhair agus sean phictiúir:**
Eibhlín Uí Dháibis agus Susan Uí Chatháin.

**Leagan amach ar leabhar Iorras Aithneach:**
Mairéad Ní Chonaire i Ros Muc.

**Priontáil:**
Clódóirí Lurgan,
Eastáit Údarás na Gaeltachta,
Casla.

**Coiste:**
Máirtín Ó Gríofa,
Eibhlín Uí Dháibhís,
Seosamh Ó Cuaig,
Nóirín Mhic an Iomaire,
Micheál Ó Maoláin,
Louis Mac an Iomaire,
Susan Uí Chatháin,
Áine Máire Ní Fhlatharta,
Máirtín Ó Catháin.

## AN CLÚDACH – NA PICTIÚIR

**Sa lár:**
Marty Walsh an oíche ar toghadh é ina Mhéara ar Bhoston, 5ú Samhain 2013. A pháirtí, Lorrie Higgins ar chlé agus a hínion Megan ina tenant.

**Barr, ar chlé:**
Marty Walsh ina ghasúr agus fear dearg na Nollag in éineacht leis. Fuair Marty droch thinneas ina ghasúr ach tháinig sé as de réir a chéile.

**Barr, ar dheis:**
Marty sa lár anseo ar cuairt abhaile in éineacht lena mháthair Mary agus a athair, John.

**In íochtar, ar chlé:**
Ag Tobar Muire i Roisín na Mainíoch. Marty (ar chlé) agus a dheartháir, John.

**In íochtar, ar dheis:**
Marty ina pholaiteoir sinsireach i mBoston agus Uachtarán Mheiriceá, Barack Obama.

## An Clár


3 **Fáilte go 'Iorras Aithneach 2013'**
Máirtín Ó Catháin

5 **Méara nua Bhoston - as teach suailceach agus gnaiúil.**
Máirtín Ó Catháin

9 **Muintir Mhéara nua Boston**

13 **Teach Altranais Charna - 10 mbliana bunaithe i mbliana.**
Máirtín Ó Catháin

17 **Foireann Cispheile Charna - ag dul ó neart go neart.**
Dolores Uí Mhadaoin

19 **2013 - Scéalta anonn agus anall.**

22 **Club Lúthchleasa Chonamara.**

26 **I nGáirdín Dé.**

30 **Paddy Fields agus an "Angel" - Cuimhní Cinn ar Shasana.**
An tAthair Pádraig Standún

35 **An Bóthar Seo Againne 100 Bliain ó shin.**
Seosamh Ó Cuaig

42 **Cumann Charna / An Chaisil - anois agus amach romhainn.**
Agallamh le Seán Ó Cualáin

45 **1963 - 50 Bliain ó shin.**
Seosamh Ó Cuaig

52 **Ionad Cuimhneacháin na nImiriceach - tá an Méara Bhoston ar dhuine de na pátrún.**
Máirtín Ó Catháin

58 **Ar Thóir a nDúchais.**
Seosamh Ó Cuaig

60 **Coming Home.**
Jo Johnson

61 **Bealach Naomh Shéamais - ag siúl go Santiago.**
Máirtín Bairéad

64 **Go New South Wales aríst.**
Meta Uí Mháille

75 **An Aimsir Chaite - cuimhní cinn as Carna.**
Pádraic Ó Gaora

84 **Ómós do James Berry -** Seosamh Ó Cuaig

90 **Joe Mháire Mhicilín -** Seosamh Ó Cuaig

93 **Litir as Cill Chiaráin roimh an nGorta**
Seosamh Ó Cuaig

97 **Saol crua in 1882**
Seosamh Ó Cuaig

98 **Doire Iorrais - Soir nó Siar**
Máirtín Ó Laoi

101 **An tAthair Seán Mac Philbín.**

102 **Dán le James O'Neill- Moran.**

105 **Dán le Máirín De Paor Uí Mhaoláin.**

105 **Ceoltóir Óg Cumasach Eile -** Seosamh Ó Cuaig

110 **Jean Paul na Feamainne**
Seosamh Ó Cuaig

# Arramara Teo.

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co. na Gaillimhe




Arramara ag freastal ar phobal Chonamara agus Mhaigh Eo ó 1947. AG cur margadh ar fáil do bhainteoirí feamainne Chonamara le trí scór bliain. Táirge den scoth á dhíol ar fud an Domhain. Gnó Arramara bunaithe ar chaighdeán agus inmharthanacht a ghnó, na feamainne agus an timpeallacht.

| | |
|---|---|
| **Fón:** | 095 - 33404/33417 |
| **Facs:** | 095 - 33494 |
| **E phost:** | info@arramara.ie |
| **Suíomh:** | www.arramara.ie |

# Fáilte go "Iorras Aithneach 2013"

Go raibh rath agus sonas ar Marty Walsh ina chúramaí mar Mhéara ar chathair Bhoston.


Is iontach an t-árdú croí a thug bua Mharty i dtogchán na Méarachta i mBoston do mhuintir na háite seo i mí na Samhna – muintir na háite sa mbaile agus muintir na háite i Meiriceá agus ar fud an domhain.

Is de fhior-mhianach na háite seo é Marty; máthair as Ros Cide i Ros Muc agus athair as Caladh bhFuinnse i gCarna.

Scuab an imirce cuimse daoine cumasacha as an gceantar; tá an dul chun cinn a rinneadar thar sáile ina chruthúnas ar sin. Sampla dó sin iad muintir Mháille as Ros Cide agus na Breathnaigh as Caladh bhFuinnse.

Is údar an-mhór bróid don phobal seo – agus do Chonamara uilig – é an stadas atá bainte amach ag Marty Walsh. Thar chathair ar bith i Meiriceá tá Boston luaite leis na Gaeil agus le muintir Chonamara. Rinneadar cosán ansin ó aimsir an Ghorta Mhóir...nó roimhe sin féin. Tá daoine muintireacha linn uilig i mBoston.

Is iomaí drís chosáin a tháinig roimh muintir Chonamara a chuaigh ar an imirce san aimsir a caitheadh; bhíodar i measc na n-aicmí daoine ab isle stadais i Meiriceá tamall den tsaol. Ach san am chéanna chuireadar airgead agus 'parcels' anall. Munach sin ba dhuairc an saol a bheadh ag go leor againn ag teacht na Nollag.



**Máirtín O Catháin**
Eagarthóir "Iorras Aithneach 2013"

Nach iontach an rud é anois go bhfuil sé tárlaíthe sa saol go bhfuil duine againn féin ina Mhéara ar chathair Bhoston. Tá idir mhothúcháin croí, áthas, stair agus sásaimh ag baint leis an scéal uilig.

Bhféidir gur beag le rá an t-aitheantas atá muid a thabhairt do Mharty Walsh i leabhar bliantúil seo "Iorras Aithneach" i gcomórtas leis an bpoiblíocht atá fáighte aige i bpáipéir nuachta, ar stáisiúin raidió agus teilifís i bhfad agus i ngearr. Ach tá muid inann an méid seo a rá: duine againn féin é Marty Walsh. Tuigeann Marty Walsh gur duine againne eisean freisin...agus níl duine ar an saol atá níos mortasaigh as an áit as a dtáinig a mhuintir ná Marty Walsh, Méara chathair Bhoston – ceann de chathracha móra Mheiriceá.

Bainigí sult as "Iorras Aithneach 2013" agus go mba fearr a bheidh sibh uilig bliain ó inniú.

Beannachtaí na Féile
ar phobal Iorras Aithneach sa mbaile, agus thar lear.




Lón sa Spéir- DVD ar díol anois

2014






STAIR AN CLG i MEIRICEÁ

SEÓ SPÓIRT

@sontafilms /sontafilms

# Méara nua Bhoston
## – as teach suailceach agus gnaiúil.

*Máirtín Ó Catháin*

D'oibrigh muid cleas ar Mhary – Mary Walsh, máthair an Mhéara nua ar Bhoston. Ceart go leor, ní raibh Marty ina Mhéara fós ach bhí an feachtas faoi lán tseoil. Dhá lá roimhe sin a thuirling muid in Aerfort Logan, mo bhean Susan agus mé féin. Shocraigh muid cuairt a thabhairt ar Mhary. Níor thug muid fógra ar bith d'í go raibh muid ag teacht. Is iomaí uair cheanna a bhí muid sa teach ag Mary agus John – go ndéana Dia grásta air – agus na lads, Johnny agus Marty. Teach gnaiúil agus suailceach.

Bhí Vincent Ó Cadhain as Gabhla linn an iarraidh seo. Sé Vincent a chuimhnigh ar an bplean – níl cleasaíocht ar bith mar sin ag baint linne! Bhí páipéir ceanbhasála Mharty sa gcar ag Vincent. Ghabhfadh Vincent suas chuig an doras ag tóraíocht vótaí do Mharty; ní raibh aithne ag Mary air. D'fhanfadh muide ar an gcúlshráid ag an mbinn.

Cupla cnag beag ar an doras agus tháinig Mary amach. Chuir Vincent goití údarásach ar féin agus tharraing amach an páipéar ceanbhasála.

"I am looking for votes for this man. He is running for Mayor. This is his picture – Marty Walsh. He is a good man...."
"But a stór, I am his mother".
"You're his mother? I don't believe you. I met another woman today who said she was his mother. I don't believe you".
"Stop a dhiabhail...I'm his mother. I'll sure be voting for him anyhow"
"I don't believe you...."
"Come in so 'til you see the pictures on the wall – come on in now..."


Mary Walsh

D'fhág sin Vincent agus a chuid cleasanna ar charraig. Tháinig muide amach ó choirnéal na binne. Scairt Mary amach ag gáirí. "A dhiabhla, a dhiabhla – sibh a rinne é. Bigí istigh". Bhain Mary an-spraoí as an bpíosa diabhlaíochta. "Is brea an rud ruainne grinn i lár na polaitíochta seo uilig", adeir sí. Sin é an bealach atá léi...greann, suailceas agus gnaiúlacht. Teach mar sin a bhí ann i gcónaí.

"Thagadh slua cailíní ar cuairt ann nuair a bhíodh lá saoire acu ón obair san aimsir a caitheadh" adeir Tom Sheáinín (Mac an Iomaire) as Ros Dúgáin liom. Chaith Tom scaitheamh mór blianta ina chónaí ar an tsráid chéanna leis na Breathnaigh. "Teach suailcis agus flaithiúlachta a bhí ann i gcónaí".


**Colm Ó Cuirrín agus Bríd Mháirtín Tom i mBoston.**

### Leitheóir agus dochtúr!

Tá John –John Mháirtín Tom, athair an Mhéara nua – imíthe ar shlí na firinne le beagán blianta. Fear mórchríoch a bhí ann. An "Dochtúr" a thugadh cuid de na lads ar na suíomhanna oibre ar. Bhíodh cuid acu sách 'sleaiceáilte' ar maidin Dé Luain de bharr ragairne na hoíche roimhe sin. Bhíodh buidéal curtha i bhfolach ag John agus thugadh sé scluig as an mbuidéal do fhear a bheadh tuirsíthe agus tinn dá gceapfadh sé go dtabharfadh sé leigheas dó. Fear mór léitheoireachta a bhí ann – leabhar i ndiaidh leabhair. Sa deireadh, nuair a rug an tinneas air, ba bheag corraí a dhéanfadh sé as an seomra. "Bhinn ag tabhairt ábhar léitheoireacha chuige agus cabhar

scannán ar video" adeir a mhac Johnny. "Is cuimhin liom uair amháin ar thug mé an scannán 'Brokeback Mountain' chuige. Sin scannán faoi bheirt homoghnéasaigh in éineacht. Ní raibh a fhios agam céard a déarfadh sé faoi...no an eireodh sé chugam faoina leithide de rud a thabairt isteach. Níor bhain sé cor as. Is é a dúirt sé gur scannán an-spéisiúil a bhí ann!"

Chaith muid píosa deas do thráthnóna tí Bhreathnaigh agus shocraigh muid go dtiocfadh muid ar ais le breathnú ar an dara díospóireacht teilifíse idir John Connolly agus Marty in éineacht le Mary – agus Colm Ó Cuirrín as Roisín na Mainíoch linn freisin. Bhí muid féin sách neirbhíseach ag breathnú air agus dúirt Mary go raibh beagán oilc ag teacht uirthí scaittí. Pé ar bith scéal é is ag teacht chun cinn a bhí Marty agus is cosúil gur mo a thaithnigh sé le daoine ar an teilifís ná Connolly.




**Stella Meehan as Stáisiún Raidió Galway Bay FM agus Marty Walsh sna Greenhills i mBoston le linn an fheachtais toghchanaíochta.**

## Ar an stáitse mór

Socraíodh go dtabharfadh muid turas thimpeall na cathrach lá eicint eile. Bhí Stella Meehan, iriseoir le raidió Galway Bay FM sa gcathair ar feadh cupla lá. Bhí sí ag scríobh colún taistil don irisleabhar "Galway Now". Theastaigh uatha castáil leis na Breathnaigh. Tháinig sí linn ar an gcamchuairt – Castle Island, an Kennedy Library agus áiteacha eile. Bhí treoraí maith againn, Colm Ó Cuirrín, ar ndoigh fear muintireach leis na Breathnaigh.

Chuaigh muid isteach i bpríomh oifig toghchánaíochta Mharty. Bhí 18 oifig aige ar fud na cathrach. Ansin go dtí an Greenhills Bakery. D'éirigh le Peter Joe Pheadair (Ó Máille) athrú beag a chuir ar sceideal Mharty agus tháinig sé chuig na Greenhills. "Tá siad ag stocaireacht duit sa mbaile i gConamara freisin" arsa mé féin le Marty. "Sin é a chuala mé" adeir sé "agus tá comharthaí tacaíochta crochta dom freisin". Ba léir dom go raibh an tacaíocht sin as Conamara fíor-thábhachtach do Mharty Walsh agus go raibh sé ag tabhairt misnigh dó. Tháinig Peter Ó Cuinn as Leitir Móir isteach sna Greenhills, bhí Ruairí Ó Coincheannainn as Inis Meáin ann, bhí Patsy Ó Mainnín as an gCaiseal ann. Ach bhí cuairt amháin eile le déanamh again. "Caithfidh muid cuairt a thabhairt ar John" adeir sí. Chuaigh muid go reilig Cedar Grove. Bhí na dilliúir iompaithe ar dhath dearg agus buí ar an gcrann mór atá ina sheasamh go daingean in aghaidh na haimsire. Istigh faoina scáth ta uaigh John agus lena thaobh tá a dheartháir, Pat fear an 'Union'...agus ansin iníon Phat – Mary – a bhásaigh níos túisce i mbliana. Níor dúradh mórán. Bhí a fhios againn céard a bhí in intinn Mhary: "Dá mbeidís linn anois".

Dúirt Stella Meehan go bhfuair sé tuiscint an lá sin ar an gceangal atá idir Conamara agus Boston agus an cáirdeas atá idir mhuintir Chonamara i Meiriceá. B'é an lá a bhfearr a bhí aice i Meiriceá é adeir Stella. D'éirigh sí féin agus Mary an-cháirdiúil lena chéile agus tá teagbháil idir an bheirt i gcónaí.

Tháinig deirfiúracha Mhary – Margaret agus Nóra – amach go Meiriceá chomh maith le Máirín (iníon Margaret) agus na gasúir. Ba mhór an chúnamh agus an chuideachta iad do Mhary de réir mar bhí an toghchán ag teannamh níos gaire.

D'éirigh linn an bealach a dhéanamh faoi dheireadh i dtreo an árdáin an oíche ar toghadh Marty ina Mhéara ar Bhoston. An bhfeicfidh muid oíche mar seo go deo aríst? D'éirigh linn láimh a shíneadh ón urlár chuig Mary. Ní raibh sí inann é seo a chreiscint. Bóthar fada a bhí ann. D'fhág sí an baile in aois a 17 ach níor fhág sí an baile ina diaidh. Bhíodh sí ag cuidiú leo i gcónaí pé áit a raibh sí.

Bhí a fhios agat go raibh mianach den scoth sa bhfear a bhí díreach théis a chéad óráid a thabhairt mar Mhéara nua-thofa ar chathair Bhoston.


# Gasúr - Feisire Stáit agus Méara ar Bhoston



**An chéad thoghchán ag Marty Walsh – seo hiad na Breathnaigh ag ceiliúradh théis do Mharty a bheith gaibhte isteach ina State Representative i Massachusetts i 1997.**
*Ó chlé*: Martin Walsh (mac Phat), Johnny Walsh (deartháir Mharty), John Mháirtín Tom (athair Mharty), an State Rep nua-thofa Marty Walsh, a mháthair Mary agus ar dheis uilig, Pádraic Mháirtín Tom – Pat Walsh an ceannasí iomráiteach ar an Union i mBoston agus uncail Mharty.



**Marty Walsh ina ghasúr agus a athair John Mháirtín Tom.**



**Te, teolaíthe ina gheansai – Marty Walsh.**

# Oíche iontach & gáirí go gealach!



**Théis an fhógra go raibh Marty Walsh tofa ina Mhéara ar Bhoston sa Park Plaze Hotel ar an 5ú Samhain, 2013.**
*Ó chlé*: Gerry McDonough, an comhairleoir dlí a bhí ag feachtas Marty Walsh, Susan Uí Chatháin agus Máirtín Ó Catháin. Aturnae é Gerry – mac le Josie Joe Phaitsín as an Aird Thiar ó dhúchas. Oibríonn sé go deonach don pháirtí Daonlathach agus shocraigh sé gur le feachtas Mharty a bheadh sé ó thus.



**Sa Park Plaza -**
*Ó chlé*: Jimmy Mac an Rí as an Aird Thoir – col cheathrar leis an Méara nua- Máirín Sinuta (Máirín Chuimín Ó Neachtain) as an Aird Mhóir agus Teresa King, bean Jimmy Mhic an Rí.

# Muintir Mhéara nua Boston

Tá a fhios againn ar fad faoi seo gurbh as Iorras Aithneach athair Mhéara Bhoston, John Mháirtín Tom Bhreathnaigh, agus gur as Ros Muc a mháthair, Mary Joe Pheadair Joe Ó Máille. I gCaladh Mhaínse a bhí cónaí ar Mháirtín Tom Bhreathnaigh cé gur dhúirt duine an lá cheana go bhfuil ainm níos áitiúla ná sin ar an áit a raibh sé, i.e., an tSráid Leacrach. Bhí Máirtín i Meiriceá ina óige agus ba í an bhean a bhí pósta aige Winnie Ní Churraoin as Roisín na Mainiach, deirfiúr do Cholm Churraoin agus aint do Mhichael, do Mháirtín agus don chuid eile acu. Thóg Máirtín Tom Bhreathnaigh agus Winnie clann mhór:

John, athair an Mhéara, a bhásaigh i mBoston
Páraic, an ceannaire cáiliúil ceardchumainn a bhásaigh i mBoston
Tom a bhí san Astráil
Joe a bhí san Astráil
Mattie atá i mBoston
Máire, bean rialta i San Antonio, Texas
Kate a cailleadh i mBoston
Barbara a cailleadh i mBoston
Nan a cailleadh i mBoston
Peige, bean Francis Mhic an Rí
Bríd atá i mBoston
Sally atá i Sasana
Tá slua gaolta acu sa bparóiste seo.

Níl an oiread sin gaolta ag na Máilligh i Ros Muc ach is dream iad a bhfuil an-ómós dhóibh. “Ní fhéadfadh sé tarlú do dhream níos groíúla,” a dúirt comharsa leo nuair a fógraíodh bua Mharty. Tá na Máilligh i Ros Muc le fada. Saor cloiche den scoth a bhí i ndeartháir do shinsheanathair an Mhéara nua, Michael Joe. Ba é a rinne scoil Inis Treabhair, an sconsa atá ag séipéal Ros Muc agus píosa a cuireadh siar as Tí Chonroy.


Bean as an Oileán Iarthach , atá amach ón Aill Bhuí, a bhí pósta ag Joe Pheadair Joe, Mary Ann Thomáis an tSeoige. Seo iad na gasúir a bhí acu:

Mary, máthair an Mhéara
Margaret atá pósta ag Briocán Ó Mainnín i Ros Muc
Nóra atá i Sasana agus a bhí pósta le fear a raibh gaol aige leis na hiománaithe cumasacha as Corcaigh,
Muintir Uí Ailpín
Bríd atá i Sasana
Baba atá i mBleá Cliath
Peter atá i mBoston
Nan a cailleadh i Meiriceá.



MRI CARNA

Martin Ryan Institute, Carna
Institiúid Mháirtín Uí Riain, Carna



**Is é atá mar aidhm ag MRI Charna tacú leis an tráchtálú inbhuanaithe atá á dhéanamh ag pobail chósta agus Ghaeltachta na hÉireann ar ár n-acmhainní muirí trí chláir ghníomhacha a eagrú sna réimsí seo a leanas:**

- **Scrúdú a dhéanamh ar speicis nua a bheidh feiliúnach do shaothrú atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil.**
- **Nuatheicneolaíochtaí a oiriúnú agus a thástáil a luaithe agus a bhíonn a leithéid ar fáil.**
- **Comhcheangail a éascú idir earnálacha áitiúla tráchtála agus earnálacha feidhmeacha taighde.**
- **Saineolas a bhailiú maidir le raon disciplíní muirí.**

Déan teagmháil le:

**MRI Charna 095-32201**

# "Gathering" Chonamara i Leicester Square.






**Pictiúr in uachtar:**
Bhaist siad "Gathering Chonamara" ar an teacht le chéile seo i Waxy O Connors - Irish Pub i Leicester Square i lár Londain ar 23ú Samhain 2013.
*Ó chlé*: Róisín Ní Chatháin (Gabhla), Ciara Kelly (Tuairín), Orla Ní Chualáin (Crumpán, Carna), Siobhán Gamble (as na h-oileann a mathair), Séamus Ó Catháin (Gabhla), Regina McVeigh (iníon le Barbara O' Toole as Cill Chiaráin agus a rugadh sa tSéalainn Nua).
*Ar chúl*: Caroline Burke (Lios Uachtair, Sraithe Salach) Séamus Ó Maloid (Carna) taobh thiar de Charoline agus ar dheis tá Rónán Ó Cualáin (Crunpán, Carna).
*Chun tosaigh*: Páraic Ó hIarnáin (Roisín na Mainíoch, Carna).
Nóta: An ceamara a chuir an loinnir sna súile!

**Pictiúr ar chlé:**
Dónal Ó Loideáin as Carna a fuair céim i gcúrsaí Spóirt agus Caitheamh Aimsire sa gColáiste Teicneolaíochta i Sligeach i mí na Samhna. Na deartháracha Alex (ar chlé agus Conor.

# Ceiliúradh deich mbliana i dTeach Altranais Charna




***Ó chlé*: Máirtín Ó Catháin, Peadar Ó Maoláin (Údarás na Gaeltachta), Éamon Ó hÉanaigh (Údarás na Gaeltachta) agus an Dr Micheál Ó Cathasaigh, Carna.**



***Ó chlé*: Eileanóir Ní Chatháin, Bríd Uí Chathain agus Susan Uí Chatháin.**
***Chun tosaigh*: Máire Mhaidín.**

# Teach Altranais Charna
## – 10 mbliana bunaithe i mbliana.



*Máirtín Ó Catháin*

Scór blianta go ham seo a thosaigh an iarracht dháiríre le Teach Altranais a bhunú í gCarna.

Deich mbliana go ham seo díreach – an 19ú Nollaig 2013 – a hosclaíodh na doirse. Ó shin i leith tá 425 duine théis a theacht isteach thar táirseach ann...cuid acu ag cuir futhu go buan ann agus tuilleadh daoine ar theastaigh scith agus cóir leighis uathu, ar feadh tamaill. Cé go bhfuil córas leighis den scoth ar fail ag na daoine atá ag cur futhu sa Teach Altranais tá i bhfad níos mo ná sin i gceist sa tseirbhís; is baile agus áit chónaíthe é an Teach Altranais dóibh siúd atá ag caitheadh píosa den tsaol ann. Is iontach an chompóird do dhaoine sa nGaeltacht seo go bhfuil an Teach Altranais seo atá chomh maith agus atá sa tír uilig chomh gar sin do bhaile. Tugann sé deis freisin dá dteaghlach féin, dá gcomharsanaí agus dá gcáirde cuairt a thabhairt orthu go minic.

Ós cionn dhá scór atá ag obair sa Teach Altranais agus tá na postanna sin ann i gcaitheamh na bliana. Sé Teach Altranais Charna an áit is mo sa gceantar anois a thugann fostaíocht bhuan.

Tá na cuspóirí a bhí ag an gcoiste a chuaigh i mbun na hoibre an chéad lá ariamh bainte amach. Ach ní féidir luí ar na maidi agus táthar ag braith i gcónaí ar scileanna, ar ghairmiúlacht agus ar chumas oibre na ndaoine atá ag obair sa Teach Altranais.

Siad an Dr Micheál Ó Cathasaigh agus Sally Uí Chathasaigh, S.R.N. stiúrthóirí an Tí Altranais. Is inmholta go mór an obair atá déanta acu; fear gnímh iontach é an Dr Ó Cathasaigh – dochtúr an cheantair seo. Rinneadh ceiliúradh i mbliana ar na deich mbliana atá slánaíthe anois ag Teach Altranais Charna. Feicfidh sibh pictiúir san irisleabhar seo a tógadh le linn na n-imeachtaí sin; ócáideacha breatha a bhí iontú. Ba dhual don tseirbhís agus do fhoireann an Tí Altranais gur mar sin a bheadh. Ba í an Seanadóir Margaret Craven an t-aoí speisialta ag an gcéad ócáid acu ar an 3ú Iúil. Ar ndóigh, is as Leitir Ard ó dhúchas í an Seanadóir Craven – Mairéad Mhattie Sheáinín (Ní Chonghaile). Sí atá ina cathaoirleach ar an gCoiste Sláinte sa bPáirlimint Stáit i Maine i Meiriceá. Sí Margaret an t-aon nduine a rugadh in Éirinn atá ina Seanadóir Stáit i Meiriceá, chomh fada agus is eol dúinn. Labhair an Seanadóir Craven faoin téama "Chuile Lá den tSaol".

Ar an 15ú Iúil a bhí an dara ócáid cheiliúrtha ann. Ba é an tOllamh John McDonough as Ollscoil Harvard i mBoston an t-aoí speisialta an lá sin. Sé an tOllamh McDonough an ceannasaí ar an Rannóg Sláinte Poiblí i Harvard. Tá lorg a láimhe go láidir freisin ar an Acht nua Sláinte i Meiriceá – "The Affordable Care Act". Scríobh sé leabhar faoin gcaoi ar múnlaíodh an dlí sin chomh maith le roint leabhra eile faoi sheirbhísí sláinte. Bhí sé ina chomhairleoir freisin ar feadh tamaill in oifig an tSeanadóra Ted Kennedy i Washington. Ba as an Aird Thiar é athair an Ollamh McDonough – bh'shin é Josie Joe Phaitsín.

Rinne an tOllamh McDonough píosa fíor-spéisiúil cainte agus bhí seisiún maith díospóireachta ann ina dhiaidh sin. Thárla sé go raibh teacht le chéile ag muintir Mhic Dhonnchadha na laetheanta céanna sin i gCarna agus bhíodar istigh ag an ócáid. Bhí Joe McDonagh, fear na hiomána ansin (col ceathrar leis an Ollamh McDonough), agus chas sé "The West's Awake" agus bhí ceoltóirí óga Iorras Aithneach ansin agus chuireadar ceol croiúil go rataí.

Rinne an bainisteoir Seán Ó Flatharta agus foireann an Tí Altranais eagrú den scoth ar na hócáidí seo. Thug sin léargas, go deimhin, ar ghairmiúlacht na ndaoine atá ag obair sa Teach Altranais. Ní ribín réidh cúrsai títhe altranais. Tá gach uile riail agus cuimse dindiúirí sláinte agus sábháilteachta ag baint leo sa lá atá inniu ann; sin rud maith ach 'speáineann sé go bhfuil cúram agus dualgaisí ar leith ar fhóirne títhe altranais. Is féidir leis na cigirí siúil isteach ag a rogha am agus scrúdú a dhéanamh ó bhun go barr ar chuile nídh agus ar chuile chleachtas oibre. Tá cruthaíthe go maith ag foireann Theach Altranais Charna in imeacht na mblianta.

Ba mhaith an taca iad dream Údarás na Gaeltachta ag tús na hoibre agus in imeacht na mblianta. Bhí Tadhg Ó Conghaile ina fheidhmeannach ag an Údarás anseo san am agus chonaic muid uilig aimsir mhór i dteannta a chéile sul ar baineadh ceann scríbe amach.

I 1993, seo hiad an dream a thug faoin iarracht leis an Teach Altranais a lonnú i gCarna – Evelyn uí Mhaoláin, Seosamh Ó Cuaig, an Dr Micheál Ó Cathasaigh, Máire Áine uí Mhaoilchiaráin, Louis Mac an Iomaire, Máirtín Ó Catháin. Sin iad na stiúrthóirí a bhí ar Choiste na nAosach Teo., an comhlacht pobail a thug an obair go ceann scribe.

# Ceiliúradh deich mbliana



***Ó chlé*: Henry Healy – fear muintireach an Uachtaráin Obama as Muine Gall, Joe Mac Donnchadha agus an tOifigeach Sinsireach Airm, Joe Mac Donnchadha as an Aird Thiar**



**Dualgas banáltrachta!**
***Ó chlé*: Joe Puliafico, Seosamh Ó Curraoín, Alma Clancy & Roibeárd Ó hÉilí**

# i dTeach Altranais Charna



**Na Conghailigh - Pádraig Conneely, Méara na Gaillimhe agus an Seanadóir Margaret Craven.**



***Ó chlé*: Máire Uí Iarnáin, Amanda Hooke, Máire De Búrca agus Monika Nic Dhonnchadha.**

# Ceiliúradh deich mbliana i dTeach Altranais Charna



**Máire Uí Chonaire ar chlé agus Máire Mhattie Sheáin as Leitir Ard agus Meiriceá.**



**Máire Mhaidín ar chlé agus Bairbre Mhic Giolla Phádraig.**

# Foireann Cispheile Charna
## – ag dul ó neart go neart




*Dolores Uí Mhadaoin*

Tá séisiúr 2013 / 2014 buailte linn! Tar héis críochnú go breá san séisiúr seo caite - mar bhuaiteoirí i Roinn 2 san gComórtas Sraithe agus mar bhuaiteoirí freisin san gComórtas Sciath, tá muid réitithe le haghaidh a thabhairt ar na piléir aríst! Beidh na comórtais ar fad ag tosnú ar an lá deire de Mheán Fómhair. Mar gheall ar an méid ama agus tacaíocht a bhaineann le bheith páirteach in aon fhoireann, tagann athrú ar an bpainéal ó bhliain go bliain agus is amhlaidh atá i mbliana. Tá triúr imithe de phainéal na bliana seo caite ach tá triúr eile tagtha ina n-áit, mar sin tá baill mhaith orainn i gcomhair an séasúr seo chugainn. Mar fhoireann, tá muid ag guí gach rath ar an dream atá ag tógáil brise ón bhfoireann agus cuireann muid fáilte roimh Valerie Quintero, Mae Uí Chathasaigh agus Amy Seoige ar an bpainéal.

Tá muid thar a bheith sásta go bhfuil Seosaimh Ó Neachtain ag fanacht linn mar thraenálaí an séasúr seo aríst agus muid ag súil leis na teidil a fháil ar ais. Tá láimh ag Seosaimh i ngach gné de cur chun cinn na cispheile i gCo. na Gaillimhe, agus is mór é a eolas ar an gcaoi is ceart an cluiche a imirt go héifeachtúil agus mar sin tá an t-ádh orainn é bheith linn aríst i mbliana. Beidh muid ag leanacht orainn ag traenáil agus ag imirt na gcluichí baile in Ionad Pobail Uachtar Ard aríst i mbliana. Tá muid an bhuíoch freisin don deis atá againn cleachta uair sa tseachtain san halla spóirt i Scoil Phobail Mhic Dara.

Tá ár bpríomh urraitheoir, Tígh Mheaic, sásta leanacht ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta dhúinn agus beidh an t-iar-imreoir, Clíona Ní Chualáin ar fáil le aon tacaíocht is féidir a thabhairt. Tógann sé go leor ama agus airgead an fhoireann a choinneáil ag imeacht agus dá réir tá muid thar a bheith buíoch do chuile dhuine a thugann tacaíocht dhúinn in ár mbailiúcháin airgid. Beidh muid ag súil le bhur dtacaíocht ar an gcúirt agus taobh amuigh de, i rith an tséisiúir seo aríst le cúnamh Dé agus tá súil againn go mbeidh sibh in ann a bheith mórtasach asinn agus muid ag súil leis an mbeart a dhéanamh!

December Offers

Complete Specs from €69 plus 2 pairs from €99 and free Contact lens Trial.

Medical Cards and PRSI Welcome. Eye Exams €35.
Ailbhe Ní Ráighne F.A.O.I.
Bridge St. | Clifden | tel: 095-30995
email: niraighneopticians@eircom.net
Ní Ráighne Opticians

Stockist of:

- Gucci
- Armani
- Fendi
- Tommy Hilfiger
- Maui Jims.

Open Mon to Fri 10am to 6pm and Sat 10am to 4pm

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

# Soláthraithe Oideachais san 21ú hAois

- **Raon iomlán Cúrsaí Lae atá á gcur ar fáil ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (20), lena n-áirítear 3 Scoil Oileáin agus 3 Scoil i nGaeltacht Chonamara:**
  - Baile Átha an Rí
  - Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
  - Baile Locha Riach
  - Tuaim
  - An Creagán
  - An Cnoc Breac
  - Coláiste Bhaile Chláir
  - Indreabhán
  - Ros Muc
  - Corr na Móna
  - Inis Oírr, Oileáin Árann
  - Cill Rónáin, Oileáin Árann
  - Inis Meáin, Oileáin Árann
  - Institiúid Theicniúil na Gaillimhe, Móinín na gCiseach
  - Coláiste Pobail na Gaillimhe
  - Coláiste na Coiribe
  - Coláiste Mhuirlinne
  - Coláiste Pobail na Mainistreach
  - Coláiste Pobail Ail Finn
  - Coláiste Pobail Ros Comáin

- **Cláir faoin Scéim Deiseanna Oilúna (VTOS), oideachas athdheise do dhaoine 21 bliain d'aois agus os a chionn atá ag fáil Sochair Leasa Shóisialaigh:**
  - Ros Muc
  - Leitir Fraic
  - Tuaim
  - Béal Átha na Slua
  - Cathair na Gaillimhe
  - Mainistir na Búille
  - An Caisleán Riabhach
  - Ros Comáin

- **Ionaid Ógtheagmhála, ag tairiscint oideachas athdheise do lucht luathfhágála scoile sna hionaid seo a leanas:-**
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Leitir Móir
  - Leitir Fraic
  - Port Omna
  - Cathair na Gaillimhe
  - Bealach an Doirín
  - Ros Comáin

- **Ionad Oideachais Allamuigh (faoin aer), ag tairiscint cóiríocht chónaithe do dhaoine ar spéis leo gníomhaíochtaí oideachais allamuigh**
  - Ceapach na gCapall, An Fhairche, Co. na Gaillimhe

# Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Cuireann Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin clár cuimsitheach aosoideachais ar fáil, cosúil le An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir litearthachta d'aosaigh, cúrsaí oíche, Filleadh ar Oideachas, Filleadh ar Fhoghlaim, Seirbhísí Rianaithe (tracking) & Aighneachta (advocacy), Seirbhís d'Oideachas Pobail agus cruthú Áiseanna Foghlama trí Ghaeilge ag *Breacadh.*

**David Leahy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.**

# 2013 - Scéalta anonn agus anall

## Daniel Ó Conaire



Scéal an-bhrónach i ndeireadh an Earraigh; bhásaigh Daniel Ó Conaire as an nGleann Mór go toibeann i Luimneach. 23 a bhí Daniel agus bhí a chuid scrúdaíthe díreach críochnaithe aige le bheith ina mhúinteoir.

Peileadóir cumasach a bhí ann. D'imir sé sa line lán-chúil do Charna / an Caiseal nuair a bhuachadar Craobh Idirmheánach na Gailimhe i 2012. Tháinig teachtaireachtaí comhbhróin ó fhóirne peile ar fud na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile. Tá Daniel Ó Conaire curtha i reilig Chill Chiaráin. Suaimhneas síorraí dó agus go raibh solás ag a mhuintir uilig.

## Katie Ní Allmhúráin

Rugadh Katie Ní Allmhúráin gan lámha agus tá machall ar cheann dá cosa. Ualach é nach mbíonn le n-iompar ach ag cabhar dhuine sa saol. Ina dhiaidh sin féin tá éachtanna déanta ag Katie. Mar shampla amháin dó sin tá céim sa dlí bainte amach aice in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh Ta sé tagtha sa saol anois gur féidir lámha speisialta a fheistiú ar dhuine sa gcaoi agus gur féidir iad a oibriú le cumhacht na colna. Tá sé ráite ag saineolaíthe go bhfuil Katie feiliúnach le n-aghaidh sin. Tosaíodh iarracht le €300,000 a bhailiú leis na lámha seoa cheannacht agus a chur ag obair. Bhí go hard os cionn €100,000 cruinnithe ag an gcoiste agus muid ag scríobh. Éacht mhór agus go n-éirí leo.



## Arramara Teo.

Shocraigh Bord Údarás na Gaeltachta ar an gcéad lá de Mhárta i mbliana go ndíolfaí comhlacht na feamainne, Arramara Teo le Acadian Seaplants as Nova Scotia i gCeanada.

Tá cómhráití agus socruithe go leor ag baint leis an díolachán seo agus ní raibh an snaidhm dheireannach curtha ar agus muid ag réiteach leabhar bliantúil Iorras Aithneach. Ach tá chuile chosúlacht ann go réiteofar an scéal uilig agus gur dóigh go mbeidh cos i dtaca go maith ag Acadian Seaplants in Arramara an t-am seo arîst. Má eiríonn leis an socrú seo d'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh buntáistí dá bharr sa bpobal.

## Fostaíocht

D'fhógair comhlacht feilméireachta bradán Marine Harvest i mí Dheireadh Fómhair go mbeidís ag teannamh isteach i gCuan Chill Chiaráin. Tá súil acu go mbeidh deichniúr fostaíthe acu ansin. Bhí an réiteach dá dhéanamh agus muid ag cuir an leabhair seo chuig na priondálaíthe. Ach an oiread leis an bhfeamainn beifear ag súil go mbeidh toradh maith ar obair Marine Harvest. As an Iorbhuaidh iad agus comhlacht an-láidir iad.

**Abbeyglen Castle Hotel**
**An Clochán**



**Lóistín, béilíthe, ócáideacha sóisialta – in Óstán a bhfuil cáil idirnáisiúnta ar.**

***Cuirfidh Brian Hughes agus Paul Hughes míle fáilte romhat.***

**Teileafón….095-21201.**
**Facs……….095-21797.**
**E-Mail…….info@abbeyglen.ie**

# Céad Chomaoineach



**Céad Chomaoineach - Scoil na hAirde Móire**
*Ó chlé*: Rachel Ní Iarnáin, MacDara Ó Coistealbha agus Aidan de Búrca Ó Conghaile.



**An Chéad Chomaoineach i Scoil na hAirde Thiar i 2013.**
Mark Ó Conaola, Saoirse Ní Cheannabhain Seán Ó Cathasaigh agus an múinteoir Eilís Ní Conaire.



**An Chéad Chomaoineach i Scoil Mhuire, Carna**
*Ó chlé*: Oisín Mac Giolla Pháraic, Ciara Ní Dhuinshléibhe, Katie Ní Shúilleabháin, Kerina Ní Chathasaigh, Martina Ní Cheannabháin & Cathal Ó Cadhain.

# Club Lúthchleasa Chonamara

Bunaíodh Club Lúthchleas Chonamara de bharr go raibh roinnt tuismitheoirí agus daoine sa phobal a raibh suim acu i gcúrsaí lúthchleasaíocht agus a bhí ag iarraidh go mbeadh a gcuid gasúir páirteach i gcúrsaí lúthchleasaíocht.

Bhí cruinniú poiblí in Áras Shorcha Ní Ghuairim ar an 15ú Samhain 2013. Bhí Paul McNamara, duine de bhaill Athletics Ireland, i láthair ar an oíche chun cur síos a dhéanamh ar céard a bheadh i gceist le club a bhunú.

Rinneadh cinneadh Club a bhunú agus bhí toghcháin do Oifigí againn ar an Oíche:

## Coiste an Chlub -

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach: | Michael Ó Clochartaigh |
| Rúnaí: | Caroline Uí Chonaire |
| Cisteoir: | Sinéad Nic An Ríogh |
| Cláraítheoir: | Charlene Uí Chonaola |
| Oifigeach Caidreamh Poiblí: | Michael Ó Cadhain |
| Na hOifigí Cúram Leanaí: | Dolores Bn. Uí Mhadaoín/Ciarán Ó Murchú |
| Comhordaitheoir Traenálaithe: | Pauline Bn. Uí Mhurchú. |
| Ball den Choiste: | Michaél Ó Cuaig |

*Rinne muid nasc le Athletics Ireland i mí Eanáir 2013.*

Is í an aidhm atá ag an gclub ná deis a thabhairt do bhaill an chlub féinfhorbairt agus club lúthchleas a fhorbairt i gceanntar Chonamara ar bhealach atá cáirdiúil agus spraoiúil.

Tá muid ag glacadh páirt i gcomórtais foirmiúil. D'fhreastail muid ar ár gcéad cheann comórtas in mí Meán Fómhair 2013 i nGaillimh.

Tá ballríocht don Chluib oscailte do cheantar Chonamara ar fad agus i gCarna a bhíonn an treanáil ar siúl.

***Tá trí chlár ar siúl againn:***

**Gasúir 4 – 7 Bliain - Sraith 10 seachtain**
Treanáil chuile mhaidin Dé Sathairn ar Pháirc Peile CLG Charna idir 11.30 -12.30,
ag brath ar aimsir.
Beidh tús á chur leis seo arís ar an 18ú Éanair 2014

**Gasúir 8-19 Bliain**
Bíonn Treanáil chuile trathnóna Dé Luain idir 6.30 – 8.00 ar Pháirc Peile CLG Charna,
ag brath ar aimsir

**Baill ós cionn 19 bliain d'aois - Fit for Life**
Bíonn Treanáil chuile trathnóna Dé Luain idir 7.00 – 8.00 ar Pháirc Peile CLG Charna,
ag brath ar aimsir

Tá ceithre baill déag mar chóitseálaithe againn sa Chlub ag tabhairt a gcuid ama go deonach. Ar ndóigh, tá muid ag lorg tuilleadh baill agus cuirtear cúrsaí oiliúna ar fáil go rialta sa chlub.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le Máirín Ní Choisdealbha-Seoige ó Fhorbairt Chonamara Láir Teo, Gannon Sports sa gClochán, Údarás na Gaeltachta, Sports Partnership (Comhairle Condae na Gaillimhe) agus Tour de Chonamara. Fuair muid deontaisí ó chuid den dream atá luaite thuas rud a chabhraigh go mór linn an club a bhunú.

Chomh maith leis sin fuair muid síntiúsí ó dhaoine sa bpobal aitiúil nach bhfuil ag iarraidh go n-ainmneofaí iad. Ár mbuíochas leo ar fad as ucht an tacaíocht.

Buíochas speisialta ag dul go Údarás na Gaeltachta as ucht rannpháirtí ón Scéim Tús a thabhairt dúinn chun cúnamh a thabhairt le obair riaracháin. Tá an duine seo ag feidhmiú in oifig F.C.L. Teo.,Teach an Údaráis.

Tá buíochas chomh maith ag dul do CLG Carna/Caiseal, Halla Phobail Chill Chiaráin, Scoil Phobail MhicDara agus Áras Shorcha Ní Ghuairim as ucht a bheith chomh flaithiúil lena gcuid acmhainní.

**Tuilleadh Eolais le fáil ar:**

Facebook: Connemara Athletics Club
Ríomhphost:connemaraac@gmail.com
Fón: Charlene 087 2817585 Caroline: 087 7930029

**Beidh Cruinniú Cinn Bhliana an Chlub ar an 14ú Éanáir 2014 @ 7.30in in Óstán Chuan Charna, Carna, Co. na Gaillimhe agus tá fáilte roimh chách.**

***Nollaig Shona***
***&***
***Bliain Nua faoi mháise***

# Cogaslann Agatha

## Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil

**Agatha Bn Uí Mhisteil**
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe
**Fón:** 091 595 168 Fax. 091 595154
cogaslannagatha@gmail.com


**Carna, Co. Na Gaillimhe**
**Fón: 095 32680**

Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty

# ‘Smilers’ na Bliana!



**Mairéad Ní Chuaig as Aill na Brún agus Seán Ó Cualáin as Loch Con Aortha –**
Buaiteoirí gradaim teilfíse IFTA



**Kate Uí Chathasaigh as Glinsce agus a gar-iníon, Chloe Ní Chathasaigh.**



**Seán Ó Caonaigh ar chlé agus Éamon Ó Catháin as Gabhla – an Tostal i nGlinsce.**



**Sorcha Ní Chonaire as Gabhla agus a col seisear, Kylie Way as New York -**
Ba é Josie Ó Caonaigh as Gabhla a hathair mór.

# Súil anonn ~ Súil anall!



Seán Ó Cadháin as Gabhla ar bhainis mhac a dhearthára, Conor.



Maitias Ó Coirbín as an Aird Thiar ar dualgas slándála ag na hócáidí ceiliúrtha 10 mbliana sa Teach Altranais.



Aodán Forkan, gar mhac le Éamon Ó Catháin as Gabhla agus Joe Cloherty ag coinneáil súil air.



Dr Gerard Hooke as Roisín na Mainíoch ag coinneáil súil ar an saol sa Teach Altranais.


# Pósadh



Sinéad Ní Shúilleabháin as Damhros agus Seán Commons as Balla Álainn i gContae Mhuigheo a phós i gCarna ar an 5/7/2013.



Sorcha Ní Ghaora as baile Charna agus Máirtín Ó Muireagáin a phós i mBrisbane san Astráil ar an 21-6-2013.



Anne Dillon as an Iar Mhí agus Conor Ó Cadhain as Gabhla a phós i Sráid na Cathrach - 20/9/2013.

# *Lá i gContae an Chláir*



**Seamus Ó Catháin agus a mháthair Brid ag freastal ar bhainis Conor Coyne i gcontae an Chláir.**



**Fir Ghabhla réitithe amach ag bainis Conor Coyne –**
*Ó chlé*: Páraic Ó Catháin, Michéal Ó Cadhain, Kevin Ó Caonaigh agus Aidan Ó Cadhain (Gabhla agus Boston).

# Fir dá mbeathú agus fir dá marú!



**Sa mbaile as Londain ar bhainis Conor Coyne agus Ann Dillon -2 0/9/2013**
*Ó chlé:* Val Ó Féinneadha (Leitir Deiscirt), Rónán Ó Cualáin (Crompán) agus Séamus Ó Méalóid (Baile Charna).



**Rása na nDeaidí ag Lá Spóirt na ngasúr i gCarna ar an 16-6-2013.**
*Ó chlé*: Micheál Ó Clochartaigh, John Cheoinín, Séamus Ó Clochartaigh agus Matt Ó Cathasaigh.

# Marcaíocht & Rámhaíocht



**'Crocodiles Dundees' Chonamara a thug siad orthu féin!**
Micheál Mac Giolla Phádraig as Muighros ar chlé agus David Ó Conaire as Leitir Ard.



**Siobhán Ní Chuaig chun tosaigh agus Mark Ó Conaola sa dara háit.**



**Ag fáil faoi réir le haghaidh an rása trí-chosach ag an Lá Spóirt i mí Meitheamh 2013 ar Pháirc Charna.**

# *Tabhair dom do láimh!!*



**Seán Mac Donnchadha ar an bhfeadóg agus Prionsias Ó hIarnáin ag teacht le chéile chlann Mhic Dhonnchadha.**



**An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ar chlé agus Joe Puliafico (as Mainis agus Boston) ag croitheadh láimhe théis dóibh an comórtas Caitheamh Cruifí a bhuachtáil in Indreabháin oíche Fhéile Naomh Seán i mí Meitheamh seo caite.**



**Séamus Ó Flatharta (Aird Mhóir) fonadóir.**
(Píosa faoi sa leabhar)



**Dornálaí Kevin McBride agus Marty Walsh.**

# Ceiliúradh deich mbliana i dTeach Altranais Charna



**Seán Ó Cathasaigh as Mainis ar chlé agus Colm John Mac an Iomaire as Ros Dugáin. Ar chúl tå Josie Keaney as an gCaiseal.**



**Máire Cooney, an fáilteoir sa Teach Altranais.**



**Máirín Uí Fhéinneadh as Róisín na Mainíoch ar dualgas sa Teach Altranais.**


Breosla den scoth,
sár-seirbhíse agus luach
do chuid airgid – déanfaidh
Sweeney Oil seachadta.
Clifden
095 22636
Ordaigh ar
www.sweeneyoil.ie
Sweeney Oil
Since 1987
Home Heating Oil
Kerosene
Diesel
Fast & Efficient
Keenest Prices

# *Daonra an Phobail*

| ***Baile*** | ***2012*** | ***2013*** |
|---|---|---|
| Doire Iorras | 83 | 79 |
| Coill Sáile | 91 | 103 |
| Loch Con Aortha | 54 | 56 |
| Cill Chiaráin (ceantar an tsráidbhaile agus an Gleann Mór) | 150 | 168 |
| Aill na Brún | 45 | 51 |
| Bantrach Ard | 49 | 44 |
| An Aird Mhóir | 203 | 186 |
| Caladh bhFuinnse | 72 | 73 |
| Roisín na Mainíoch | 127 | 143 |
| Carna | 165 | 176 |
| **Muigh Inis** | | |
| Cartúr | 37 | 42 |
| Feithearnach | 68 | 60 |
| Meall Rua | 40 | 48 |
| Roisín an Chaladh | 10 | 9 |
| Crumpán | 8 | 8 |
| Caorán | 7 | 9 |
| | | |
| Leitir Deiscirt | 37 | 32 |
| An Coillín | 33 | 37 |
| An Aird Thoir | 47 | 46 |
| An Aird Thiar | 44 | 43 |
| Más | 16 | 10 |
| Leath Mhás | 2 | 3 |
| Dubhithir | 65 | 63 |
| Muighros | 72 | 65 |
| Leitir Ard | 78 | 77 |
| Damhros | 18 | 19 |
| Glinnsce | 59 | 58 |
| Caladh an Cnoic | 6 | 8 |
| Gabhla | 34 | 35 |
| **Iomlán** | **1720** | **1751** |

**Nóta:** Bhí dearmad beag orainn sa gcomhaireamh anuraidh. Fágadh an Gleann Mór as an gcomhaireamh. Tugann sin míniú ar an ardú Daonra in gCill Chiaráin.

# I nGáirdín Dé

***Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 31 Deireadh Fómhair 2012 agus an 1ú Samhain 2013.***

Bairbre (Lavery) Mhic Dhonncha, Londain, 26/12/12
Cáit Uí Éanaigh (Éinniú), 1/1/13
Tommie Ó Cuinn, Leitirmóir/Cill Chiaráin, 6/1/13.
Caitlín (Shéamais) Uí Chúalain, An Mas, 17/1/13
Bridie (Cloherty) Foxton, Edinburgh, 14/1/13
Brendy Seoighe, Dubhithir, 6/2/13.
Bairbre De Búrca (Babe Pheait ;a Búrc) Sasana, 15/2/13.
Muiréad Uí Cheannabháin, Aill na Brún, 2/3/13.
Peige Nic Suibhne, Ros Dugain, 6/3/13.
Maire (Kelly) Uí Chúalain, Dubhithir, 24/3/13.
Seosamh Ó Cúaláin, Dubhithir, 5/4/13.
Tomás Ó Briain, Muighinis/Sasana, 3/4/13.
Daniel Ó Conaire, Gleann Mór, 19/4/13.
Nan Bairéad, Muighinis, 2/5/13.
Babe Uí Chúalain, Carna, 3/5/13.
Máire NicDhonncha (Máirtin Learaí), 8/5/13.
Seán Ó Cadhain, Loch Con Aortha, 15/6/13
Peige Uí Chúáláin, Caladhfhuinnse, 3/8/13.
Johnny Seoighe, Aill na Brún, 7/8/13.
Paidí Rua Ó Conghaile, An Mas, 2/9/13.
Joe Keane, Gaillimh - curtha i Muighros, 14/9/13
Joe Mháire Mhicilín McDonncha, Bantrach Ard, 6/10/13
Mary (Ní Laoí) Kilroy, Átha Cliath & Cill Chiaráin, 7/10/13
Seán (Simon) McDonncha, Aird Mhór, 11/10/13
Louis Kilmartin, Átha Cliath & Muighinis,26/10/13
Rita Mhic An Iomaire, Coill Sáile, 1/11/13

| An Lion Gasúir i Scoileanna an Cheantair | | | |
|---|---|---|---|
| | **2011** | **2012** | **2013** |
| Muigh Inis | 19 | 21 | 23 |
| Carna | 37 | 34 | 35 |
| An Aird Thiar | 30 | 34 | 32 |
| Cill Chiaráin | 28 | 26 | 33 |
| An Aird Mhóir | 49 | 37 | 35 |
| Muighros | Dúnta | Dúnta | Dúnta |
| **IOMLÁN** | **163** | **152** | **158** |
| **Scoil Phobal Mhic Dara –** | | | |
| Idir 1ú Bliain agus Ard Teistiméireacht | | | 98 |
| Cúrsa théis na hArd Teistiméireacht | | | 16 |
| **IOMLÁN** | | | **112** |

## Céad Fáilte Romhaibh

*Baisteadh na gasúir seo leanas i bParóiste Iorras Aithneach idir Samhain 2012 agus Samhain 2013 -*

Eoin Michael Cloherty,

Amy Sarah Nic Giolla Phadraig,

Ruan Staunton,

Michael Thomas Kelly,

Maeve Niamh Ní Mhaoilchiarain,

Tomás John Ó Máille,

Cóilón Antaine Ó Cualáin,

Adam Alex O'Toole,

Dara Killeen.

## Sonas oraibh

*Phós na lánúin seo leanas sa pharóiste:*

Micheál Ó Mealóid & Máire Ní Éinniú.

Enda McGarry & Bridie Casey.

Tomás Ó Maoilchiaráin & Ingrid Pacowski.

Sean Commons & Sinéad Ní Shuilleabhain.





## The Irish Fiddler Whiskey Company Limited

Cashel Bay, Connemara, Co. Galway, Ireland.

Suppliers of fine Whiskeys, Rums, Liqueurs, & Beers.

Blenders, Bottlers & Wholesalers.

**Phone: 00 353 (0) 95 31301 / 31111**

**Email: info@zetland.com**

**Website: www.irishfiddlerwhiskey.com**

International Silver medal awards for our whiskey.

By supporting the Irish Fiddler Whiskey company you help to create jobs in Connemara

Lámh Chairdis trasna na dtonn


TG 4
súil eile

# Paddy Fields agus an "Angel"
## - Cuimhní Cinn ar Shasana.



*An tAthair Pádraig Standún, Sagart Pobail Charna*

Thug an conspóid faoi feoil na gcapall siar beagnach leathchéad bliain mé ar bhóithríní na smaointi go dtí an t-am a mbíodh feoil chapaill ar an mbiachlár i gcaife Iodálach i mBirmingham nuair a bhí mé i mo mhacléinn i Sasana fadó. Mar a dheanfadh micléinn ag an am, thabharfainn m'aghaidh ar an dtír sin le táillí agus airgead póca na bliana a shaothrú ar phiocaid agus ar shluasaid, ag cartadh domhain agus ag caitheadh i bhfad siar, mar a déarfaidís ag an am. Purgadóir a bheadh sa gcéad seachtain go dtí go mbeadh na lamha cruaite, ach ina dhiaidh sin bheadh mac feilmeara ó Iarthair na hÉireann chomh maith le fear ar bith i mbun na hoibre sin. Más aon rud é is é an iomarca a bheadh duine ag iarraidh a dhéanamh le cruthú go raibhimid in ann ag an obair. Is cuimhneach liom fós an lá a raibh thart ar leathchead againn ag fail faoi réir le cábla a tharraingt isteach i dtrínse i bPerry Barr. Bhí mise ar mo mhíle dhícheall go dtí gur chuir an fear ag mo chúl comhairle orm: "Grunt, but don't pull," a dúirt sé, "go dtí go mbíonn gach duine ag tarraingt in éindí." Nuair a bhí a dhóthain béicigh déanta ag an té a bhí i gceannas, caitheadh an chábla isteach gan stró ar bith.

Ba é an jab ba dheise a bhí agam ná gaineamh a chaitheamh isteach ó bhád canala leis an gclúdach rubair ar phíopa gais a shábháil nuair a bheadh puiteach, clocha agus eile ag gabháil isteach os a chionn. Bhíodh obair sach crua ar feadh uair a chloig nó dhó agus an bad a fholmhú again, ach bheadh turas deas mall againn ansin ar an uisce, muid ag imeacht le hualach eile gainimh a fháil. Bhí an bád a rabhamar ag obair inti ag ligean uisce isteach lá, leathbealaigh suas ar ár gcuid buataisí. Bhreathnaigh an maor, Bert, Sasanach a bhí i mBurma le linn an dara chogaidh domhanda isteach orainn: "Just like the Paddy fields, Pat," ar sé, i mbun comhrá. Spréach fear as Chontae an Chábháin: "B'fhéidir gur tú atá i gceannas anseo," a dúirt sé, "ach níl tú ag gabháil ag caitheamh anuas ar na hÉireannaigh." Thug sé cuntas cruinn don maor ar stair na hÉireann ó na Normannaigh anuas, ag tabhairt gach ainm níos measa ná chéile ar mhuintir Shasana. D'inis sé chomh maith cé a thóg na bealaí móra i Sasana, cé a thóg na droichid, na tolláin agus cé a thóg na títhe. Ní dóigh liom gur thuig Bert céard a bhí ráite as bealach aige, ach níor thagair sé do na paddy fields ní ba mhó.

**AG OBAIR I DTEACH ÓSTA AN "ANGEL"**

Fuair mé jab oíche an bhliain chéanna sin le cur leis an méid a bhí mé ag iarraidh a shábháil don bhliain amach romham. Ag obair i mbéar darbh ainm "The Angel" i Sparkbrook a bhí mé gach oíche agus ar an Domhnach freisin. Bhí taithí agama ar obair den tsórt sin ón Traveller's Friend i gCaisleán an Bharraigh. B'é an difríocht is mó a bhí thall go raibh ceithre sheomra og oscailt amach ar thaobhanna éagsúla, pingin sa difríocht ar an bpionta ó cheann go ceann acu. Bhí Éireannaigh i seomra amháin, Sasanaigh i seomra eile, Pacastánaigh sa triú seomra agus meascán de na ciniocha sa seomra is uaisle agus is daora. Ghabhfá timpeall an bheáir ag smaoineamh ar na pingíní breise a bheadh le


bailiú thar na cúntair éagsúla. Bhain mé taitnimh as an gcuideachta agus as an gcómhra, é i bhfad níos sásúla na a bheith suite i mo sheomra beag liom féin. Tháinig an lá ar mhó a ghoill buama Bhirmingham orm ná ceann ar bith ó thuaidh, mar gurb é mo dhara baile é. Cuirim suim fós sna torthaí sacar a bhíonn ag Aston Villa, West Brom, agus Birmingham féin.

**CUMANN SÍOMÓIN I KENTISH TOWN**

Ní hiad mo laethanta i mbun sluasaide i Sasana is mó a chuaigh i bhfeidhm orm, ach tamall a chaith mé le Cumann Síomóin i Kentish Town i samhradh na bliana 1969. Ní raibh an Chumann sin i bhfad bunaithe ag an am, ainmníthe i ndiaidh Shíomón as Círéne a chuidigh le hÍosa Críost a chrois a iompar. Sasanach darbh ainm Anton Wallich Clifford a chuir an comhluadar ar bun. Oifigeach príosúin a bhí ann roimhe sin a thug faoi deara go gcríochnódh go leor iarphríosúnach ar na sraideanna agus gur ghearr go mbídís ar ais sa phríosúin arís. Ní ghlacfaí leo in áit ar bith. Chinn sé eagraíocht a bhunú leis an fhadhb a réiteach. Nuair a shroich mise Kentish Town i samhradh corraitheach na bliana sin, shíl mé go raibh lathair na fíor-Chríostaiochta bainte amach agam. B'é an rud is mó a thaitin liom faoi bhunaitheóir Chumann Síomóin nó a oscailteacht. Thar aon duine a casadh ariamh orm bhí sé saoraigeantach agus ag síorfhoghlaim ó dhaoine eile.

Mura n-éireódh le scéim amháin, thriailfeadh sé rud eile, gan aon chaitheamh i ndiaidh an phlean nár oibrigh. Ag breathnú siar ar na blianta sin anois, feicim gur fhoghlaim mé go leor faoin saol agus faoin imirce le cur leis an diaghacht a bhí le foghlaim i Mánuat ag an am.


**Lough Inagh Lodge Hotel**



LOUGH INAGH LODGE
RECESS • CONNEMARA
1880



**Recess, Connemara, Co. Galway, Ireland**
**Tel: 095 34706 Fax: 095 34708**
**email: inagh@iol.ie**

**http://www.loughinaghlodgehotel.ie/**

# NOEL GREALISH T.D.



**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**

# Seoltóireacht ghéar agus cocaí féir
# Rásaí Chill Chiaráin 2013.





# Teacht le chéile mhuintir Chuaig agus Mhic Dhonnchadha.



**Bhí teacht le chéile ag muintir Chuaig ar an 5ú agus an 6ú Deireadh Fómhair 2013.**
Grúpa acu anseo in éineacht le Seosamh Ó Cuaig (páipéar ina lámh) agus John Clancy (ar dheis sa triú líne siar uait) ag uaigh James Cooke as Áill na Brún i reilig Chill Chiaráin – duine de shliocht sinsireach na gCuaig.



**Teacht le chéile ag muintir Mhic Dhonnchadha as an Aird Thiar aimsir Fhéile Mhic Dara.**
An tOllamh John McDonough as Ollscoil Harvard (mac le Josie Joe Phaitsín) sa lár – a bhean Janice Furlong ar chlé agus a leas dheirfiúr Sandra Buck as Sasana ar dheis. Bhí an ócáid i gCarna.

# An Bóthar Seo Againne 100 Bliain ó shin.



*Seosamh Ó Cuaig*

Tá neart cainte déanta le blianta anuas faoin mbóthar réigiúnach atá againn sa bparóiste seo---an R340 mar a thugtar air go hoifigiúil. Is iomaí uair aird tarraingthe air ag an bhFóram do Phobal Iorras Aithneach agus is iomaí uair an cás tarraingthe anuas ag cruinnithe de Chomhairle Contae na Gaillimhe.

Céad bliain ó shin –1913—bhí sé ina lán béil sa gComhairle Contae freisin. "Steamrolling" a bhí le déanamh air. Theastaigh ón gComhairle Contae dhá bhóthar a réiteach ach ag cruinniu a bhí acu i mí Lúnasa 1913 cuireadh in iúl dóibh nach bhféadfaí a chur chun cinn ach ceann acu. Ní nach ionadh tharraing sé sin sárú binibeach.

Ba iad an dá bhóthar a bhí i gceist an bóthar as Gaillimh go Tuaim agus an bóthar as Cill Chiaráin don Sraith Salach.

Cuireadh an litir seo a leanas os comhair an chruinnithe:

*Road Board, London,*
*ust 1913*

*"Sir---The Road Board understand from Mr William O'Malley, M.P., Galway, that a resolution has been passed by the County Council approving the improvement of the Kilkerrin-Carna-Recess road, and the Galway-Tuam road with the aid of a grant of 50 per cent of the total cost. The Board have not sufficient funds available to contribute to both schemes, and a resolution in the terms described would not help them at all. They will therefore be glad if the Highways Committee of the Co. Council, when sending any communications on the matter, will indicate as suggested in my letter of the 22nd July last, which of the two roads should be first proceeded with.---Signed---W. Rees Jeffreys, Secretary.*

**Ruaille Búille**

Sin é an áit ar thosaigh an ruaille búille---Comhairleoirí oirthear na Gaillimhe ag rá gur ar bhóthar Thuama ba chóra an t-airgead a chaitheamh agus Comhairleoirí Chonamara ag seasamh don taobh seo. Bhí cara mór amháin againne, John M. Lyden, as an gClochán. Fear é seo a mbeadh eolas mór aige ar an mbóthar as Cill Chiaráin don Sraith Salach mar go raibh gaol gar aige le muintir Tommy Cooke in Aill na Brún. Ina theannta sin ba chara mór leis Sagart Pobail Charna, Fr. Mc Hugh, a bhí ag cur ar son an bhóthair go láidir é féin. Chuidigh Comhairleoir de na Máilligh leis an Loideánach agus dúirt gur gealladh "motor service" do mhuintir Chill Chiaráin agus Charna "on the condition that the road was steamrolled, and that condition only."

Tar éis díospóireachta a bhí fada agus binibeach cuireadh ar vóta é. D'éirigh linne – 15 vóta in aghaidh 10. "Connemara Wins" an teideal a bhí ar an tuairisc ar an gConnacht Tribune an deireadh seachtaine sin. Ní minic a chonaic muid teideal mar é ar an bpáipéar céanna.

Nuair a tháinig an scéal amach scríobhadh litreacha géara ag cáineadh an tsocraithe a bhí déanta. Dúirt scríbhneoir as Baile Locha Riach gur mhór go deo an náire é. Seo cuid den méid

a scríobh sé: "It is high time that the clique from Connemara ceased to rule the County Council of Galway ....It is time to ask, after this, does the Co. Council represent the County, or does it represent Connemara? The facts answer. The Roads Board gave a grant and that grant was expended for the benefit, mainly, of tourists using the sea-coast route from Galway through Connemara....At the same time there was a proposal to steam-roll the road from Galway to Tuam – one of the main arteries of traffic, and from the industrial and commercial point of view, one of the most important roads of the county, while at the present time it is one of the worst constructed and really wants to be remade – when hey presto! The Connemara crowd came along, and the road from Carna to Recess, away in the wilds, with not one-twentieth of the traffic, and certainly nothing like the same importance, was done instead....Why was not a meeting of the ratepayers held to protest against this gross piece of dodgery?"

Ní ar son na dturasóirí a bhí an Feisire Parlaiminte William O'Malley ag iarraidh caoi níos fearr a chur ar an mbóthar as Cill Chiaráin don Sraith Salach ach ar mhaithe leis na hiascairí cois cósta. B'as Baile Conaola eisean agus bhí eolas mion aige dá réir ar chuile chúinne de Chonamara. Bhí an-bharúil aige don "traction engine", mar a thug sé air, a d'fhéadfaí a chur ar an mbóthar dá mbeadh sé deisithe. Caithfidh muid cuimhniú go raibh an traein ag dul tríd an Sraith Salach ag an am freisin.

## Cogadh

Seo mar a dúirt an Feisire i litir uaidh a foilsíodh ar an "Freeman's Journal": "If the road from Kilkerrin –opposite Lettermullen— to Recess, via Carna, were re-made and rendered fit for a traction engine to travel over it, I am satisfied that the fishing industry all along that coast would be greatly developed, and comfort and some degree of prosperity to thousands of people would take the place of chronic poverty and the periodic outbreaks of typhus, which are followed by periodic appeals for relief, and thus bring to an end a state of affairs that is positively a disgrace, not only to our rulers, but a scandal and a disgrace to our boasted civilisation."

Sén costas a bheadh ar an obair ar fad £6,010-17-6 sa seanairgead. Sin 7079 euro. Bhí iasacht seacht mbliana luaite i dtosach ach athraíodh é sin go dtí téarma fiche cúig bliain, rud a laghdódh an t-aisíoc as airgead acraí ó 7 bpingne go 2 phingin sa £1.

Tosaíodh ag fáil faoi réir leis an obair a chur i gcrích. Ceadaíodh £25 don "overseer Mr. Connaughton" le "motor cycle" a cheannacht. Dúradh go raibh 17 míle idir Cill Chiaráin agus an Sraith Salach agus go dteastódh an deis nua iompair uaidh. Fuair Sagart Paróiste Charna , Fr. McHugh, locht ar Mhr. Connaughton seo cupla bliain dar gcionn faoin gcaoi a raibh sé ag cur daoine ag obair ar bhóithre an cheantair. I litir a chuir sé chuig an gComhairle Contae dúirt sé: "Mr. Connaughton was entirely guided by the recommendations of certain parties in the district." Nuair a pléadh an t-ábhar ag cruinniú den Chomhairle Contae rinne Comhairleoir amháin an chaint seo: "If you don't buy your bag of flour in a certain shop in the place, you cannot go on the works. It was an old saying that no matter what part of Connemara the devil was in, he slept in Carna at night (laughter).

## Cruinniú i gCarna

Ach ar ais linn go dtí an bóthar a bhí le steamrolláil. Bhí chuile rud ag dul ar aghaidh go breá go dtáinig an t-athrú mór i 1914— thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda. Níorbh fhada go raibh litir eile os comhair na Comhairle Contae: "Owing to the present national crisis the Commissioners were not prepared to sanction any loan except for some work of urgency, and they were of opinion that

the steamrolling of this road did not come under this category."

I mí na Nollag 1914 bhí cruinniú mór poiblí i gCarna thréis an Aifrinn Dé Dómhnaigh. Dúradh ar an Tribune go raibh beagnach chuile dhuine sa bparóiste i láthair. Ba é Fr. Mc Hugh a bhí i gceannas agus bhí an Feisire William O'Malley ann é féin. Dúirt an Feisire Ó Máille ina chuid cainte: "Fr. Mc Hugh has told you that were it not for the war the road from Kilkerrin to Recess would be proceeded with, but the work was not abandoned. I am not without hope that it will be carried on before the war comes to an end" (cheers).

Lean an cogadh níos faide ná a ceapadh an lá sin agus is cosúil gur i ndiaidh an chogaidh a rinneadh an obair sa deireadh.

I mí na Samhna 1919 bhí cruinniú ag an "Clifden District Council" (bhí a leithéid ann an uair sin agus an ceantar seo againne faoina gceannas freisin). Dúirt cuid de na Comhairleoirí ag an gcruinniú sin gur cheart an £1,300 a bhí fágtha as airgead an "Carna-Recess Road" a chaitheamh ag cur feabhais ar shráideanna an Chlocháin. Chuir Comhairleoirí eile ina aghaidh seo.

Faoi 1920 bhí ceannas faighte ag Sinn Féin ar chóras rialtais áitiúil na tíre. Bhí beirt as an bparóiste seo ag Sinn Féin ar Chomhairle Cheantar an Chlocháin--- Marcas Ó Caola agus Máirtín Éamoinn Ó Máille as Doire Iorrais. Throid siadsan go láidir ar son an airgid a chaitheamh idir Cill Chiaráin agus Carna.

Bhí Colm Ó Gaora as Ros Muc ar Chomhairle Contae na Gaillimhe. I Lúnasa na bliana 1920 mhol seisean ag cruinniú den Chomhairle go gcaithfí an fuílleach airgid idir Cill Chiaráin agus Carna. Glacadh lena mholadh.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teoranta

**Ionad Cúram Leanaí Charna**

**Ar oscailt anois**

- **Naíonra**
- **Naíolann**
- **Cúram Iarscoile**

**Chun áit a chur in áireamh glaoigh ar 091 595337**

**Príomhoifig: Cuileán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe**
**Teil: 091 595337 Facs: 091 595529 Ríomhphost: eolas@cnng.ie www.comharnaionrai.ie**

# Ceiliúradh deich mbliana



**Alison Ní Chadhain ar chlé agus Paula Ní Chualáin.**



***Ó chlé*: Joan Mhic Donnchadha, Devin McDonough (mac leis an Ollamh John McDonough) agus Sandra Buck.**

# i dTeach Altranais Charna



**Na Banaltraí - Agnes Bainbridge ar chlé agus Regina de Brún.**



**An Cócaire – Helen Ní Chualáin**



**Joe McDonagh, mac le Josie Joe Phaitsin ag teacht le chéile an teaghlaigh – cónaí air i Connecticut.**

# Siopa Dowd


National Lottery

Carna
Conamara
Fón/facs: 095-32882



Cártaí Mháirín

Esso



## Ó Dubhda, Tógalaí



*Seolann muid beannachtaína Nollag chuig ár gcustaiméarai ar fad.*



Mannin Bay Salmon

Naturland

BIO SUISSE

QUALITE FRANCE

# *Mannin Bay Salmon Company Limited.*

**Drinagh, Erislannan, Clifden, Co. Galway.**

**Tel: 00353 (0)95 21262**

**Fax: 00353 (0)95 21773**

**E-Mail: mansal@eircom.net**

## ***ORGANIC SALMON FARMERS IN CONNEMARA.***

**Our salmon reared and processed in Connemara and sold in Ireland, France, Switzerland, Germany, UK, USA, Canada and Hong Kong every week in the year.**

**Tá ceangal láidir againn leis an bhfeilméireacht bradán in Iorras Aithneach agus tá muid bainteach leis na hionaid phróiseála agus margaíochta sa gceantar.**

**---------------------------------**

**Go n-éirí leis an Leabhar Bliantúil agus go raibh Nollaig agus athbhliain faoi mhaise ag pobail Iorras Aithneach agus ag pobail na mara i chuile áit.**

# Cumann Charna / An Chaisil
## – anois agus amach romhainn.



*Agallamh le Seán Ó Cualáin*

Údar bróid do mhuintir an phobail seo na gaiscí móra atá déanta ag Cumann Peile Charna/an Chaisil le roint mhaith blianta anois - fiú agus nach bhfuil acu ach lion beag imreoirí i gcomórtas leis na cumainn mhóra.

Cé gur chaill siad in aghaidh Bhaile an Mhuillin sa dara babhta de Chraobh Shinsir an Chontae i mbliana, bhí bua iontach acu in aghaidh sheampíní an Chontae – Bóthar na Trá/Cnoc na Cathrach – sa gcéad bhabhta.

Ach bliain thragóideach a bhí inti don Chumann freisin. Bhásaigh duine de pheileadóirí an Chumainn, Daniel Ó Conaire as an nGleann Mór go toibeann. Bhí sé ag críochnú a chuid oiliúna mar mhúinteoir i Luimneach.

Labhair **Seán Ó Cualáin**, bainisteoir fhoireann sinsir Charna/an Chaisil le Máirtín Ó Catháin faoi Chumann Charna/an Chaisil, faoina bhfuil in ann don Chumann agus faoi bhás Daniel Uí Chonaire.

**Buaileadh buille tragóideach ar an gCumann i mbliana nuair a bhásaigh Daniel Ó Conaire. Cén chuimhne atá agat ar Daniel?**

**Seán Ó Cualáin (S.Ó C.)**
Ba iarraidh aisteach gan choinne a bhí ann, ach ní buille don cumann amháín a bhí ann ach buille don pharáiste agus do phobal an Chumann luthchleas Gael ar fud na tíre. Fuair mé teachtaireachtaí có-bhróIn óna cumainn eagsúla ar fad i nGaillimh agus ó chumainn eile ó cheann ceann na tire.

Sna laetheanta ina dhiaidh sin, is beag cuimhne a bhí againn ar an bpeil ná foireann a chur chun páirce. Ach de réir a chéile d'airigh muid mar ghrúpa gurbh é an bealach is fearr chun déiláil leis an tragóid ná bheith i gcomhludar a chéile agus dhul arais ag imirt. Mar a tharla sé ba i gcoinne Uachtar Árd a bhí muid sa gcéad chluiche eile; ní raibh aon traenáil déanta againn don chluiche ach le spiorad agus misneach d'eirigh linn an cluiche a bhuachadh le aon phaointe amháin taréis ám breise.

Ní cluiche tábhachtach a bhí ann ó thaobh na peile dhe ach mairfidh an cluiche sin i gcuimhne chuile duine againn a bhí ann an thrathnóna sin. I mbliana sa gcraobh sinsear theastaigh uainn omós a léiriú don obair uilig a rinne Daniel ar mhaithe leis an gcumann agus a chairde ar an bhfoireann. Tá súil againn gur eirigh linn é sin a léiriú.

**Cén líon imireoirí atá agaibh anois – idir shinsir agus shóisir?**

**S. Ó C.**
Bheadh os cionn 30 imreoir againn idir shinsir agus shóisir, sin idir 16 bl suas. Bheadh meascán ansin idir imreoirí sinsear ag traenáil 3 uair in aghaidh na seachtaine agus lads eile ansin a thiocfadh uair sa tseachtain agus a bhreathóidh ar an bpeil mar caitheamh aimsire. Cinnte tá go leor imreoirí caillte againn de bharr na himirce, ach fos féin tá muid inann 2 fhoireann a chur chun páirce má bhíonn an tsuim, an t-ocras agus an goile le n-aghaidh ag lads sa gceantar seo.

**Ní raibh foireann mionúir no faoi-21 ag Carna/Caiseal le scaitheamh blianta. An gcaithfear glacadh leis nach bhfuil na huimhreacha ann feasta le fóirne faoi-18 agus faoi-21 a chuir ar an bpáirc sa gceantar seo?**

**S.Ó C.**
Tá deacreachtaí móra ag an gcumann le foirne f21 agus f18 le blianta beaga anuas. Cur san áireamh go bhfuil muid nascaithe le Cumann na bPiarsach sna grádanna seo ach tá deacreacht níos leithne le feiceáil. Cuimhnigh go gclúdaíonn sé sin an limistéar uaidh Camus & Rosmuc, siar go Cárna agus an Caiseal, agus aniar ansin chomh fada leis an tSraith Salach agus an Teach Doite.

É sin ráite tá muid ag súil go mbeidh foireann f18 againn i mbliana agus dhá réir go mbeadh foireann f21 againn i gceann cupla bliain. Is aois ghrúpa faoi leith iad seo mar go mbíonn brú ar na himreoirí seo i dtaobh scrúdaithe na hÁrd Teiste agus freastal ar ollscoileanna. Bíonn sé níos deicra na lads seo a thabhairt le chéile dhá bharr sin.

**Munar féidir fóirne faoi-18 agus faoi-21 a chuir ar an bpáirc go háitiúil cá bhfágann sé an fhoireann shinsir amach anseo?**

**S.Ó C.**
Tá sé an-éasca bheith dímuoch faoi chúrsaí daonra sa gceantar, ach tá a dhóthain imreoirí ag an gcumann chun fóirne sinsir agus idirmheánach a chur chun páirce as seo go ceann scaitheamh. An dúshlán atá romhainn ná an t'suim a mhúscailt agus an talann atá ag na himreoirí a chothú. Ní féidir a shéanadh, ach an oiread, nach bhfuil an tsuim sa bpeil chomh láidir in imreoirí óga idir na blianta 18-21 bliain faoi láthair le hais mar a bhíodh sna blianta atá caite.

An dúshlán is mo a chreidim atá roimh an gcumann ná tuilleadh daoine a fháil chun na fóirne a thraenáíl. I 2014 beidh foirne againn ó faoi-8 suas go faoi-18; teastaíonn cúnamh uainn ón bpobal agus go háirithe ó iar imreoirí an chumainn agus ó thuismitheoirí na ngasúr.

**Ag breathnú amach romhat – céard atá in ann do chumann Charna/an Chaisil amach anseo? An gcaithfear comhnascadh a dhéanamh le pobail eile agus le cumainn eile?**

**S.Ó C.**
Creidim go mbeidh an geansaí buí ag dul chun páirce sna blianta beaga atá romhainn agus go mbeidh sí láidir. Creidim freisin go mbeidh dhá fhoireann ag dul chun páirce.

Ach ag breathnú níos faide anonn, agus ag cur líon na mbuachaillí óga atá sna scoileanna áitiúla san áireamh, ní féidir a shéanadh go mbeidh sé rí-dheacair ag an gcumann fóirne sinsir no sóisir a chur chun páirce linn féin taréis 2020.

Tá muid nascaithe le Cumann na bPiarsach sna haois-ghrúpaí óga agus is mar sin a bhéas cúrsaí freisin. Ar ndóigh bhfearr linn uilig sa dá chumann a bheith inann ár gcuid fóirne féin faoi aois a bheith againn ach tuigeann muid gurbh é an comhnascadh seo an cinneadh stuama chun an leas is fearr a bhaint as an talann breá peile atá sna dá chumann. De réir a chéile tá Cárna Caiseal/ Na Piarsaigh ag dul chun cinn. Tá fóirne éagsúla dá gcuid anois ag dul chomh fada le cluichí ceannais agus ag crochadh na gcorn leo sna haois-ghrúpaí óga agus feicim go mbeidh an cumann sin ag láidriú chuile bhliain. Mar sin, tá sé de dhualgas orainn anseo in Iorras Aithneach, ar an gCaiseal agus an tSraith Salach a chinntiú go mbeidh an geansaí buí ag dul chun páirce chuile bliain, ach cá bhfios nach mbeidh orainn dath eile a chur leis amach anseo chun é sin a chinntiú.

# Foireann Chloch na Rón 1963 – Óganaigh



**Tá roinnt ógánaigh as an bpobal seo ar an bhfoireann a bhí ag Cloch na Rón caoga bliain ó shin.**

*An líne cúil – ó chlé*: Gearóid Ó Caonaigh (Gabhla), Caoimhín Ó Caonaigh (Gabhla), Seán Ó Caonaigh (Gabhla), Seán Ó Mainnín (Leitir Seana), Micheál Mac Con Mara (Cloch na Rón), J. Mac an Rí, Petie Ó Niaidh (Bun na hAbhann) agus J. Keane.

*An líne tosaigh – ó chlé*: Joe Mac an Iomaire (Bun na hAbhann), M. Ó Néill, Stiofán Ó Caonaigh (Gabhla), Noel Mac an Rí (Gleann Tuircín), Seán Ó Clochartaigh (Leitheanach, an Caiseal), Freddie Ridge (Bun na hAbhann), Pádraic Seoige (Glinsce) agus Micheál Ó Clochartaigh (Bun na hAbhann).

Tógadh an pictiúr i bPáirc 'Woods' sa gClochán. Bhuail siad Rinn Mhaoile an lá céanna.
Tabhair faoi deara Petie Ó Niadh as Bun na hAbhann – an dara duine ó dhéis sa líne cúil. Sin é an fear óg a maraíodh i gCogadh Viet Nam roinnt blianta ina dhiaidh sin. Bhí ócáid chuimhneacháin dó i reilig an Chaisil Ard ar an 15ú Lúnasa i mbliana. Tá pictiúir don ócáid sin sna leathanacha ina dhiaidh seo.

# 1963
## – 50 Bliain ó shin



*Seosamh Ó Cuaig*

**An Sioc Mór**
Ar an 23ú Marta dúradh ar an gConnacht Tribune go raibh scrios déanta ag an Sioc Mór ar na muiríní i gCuan Chill Chiaráin agus i gCuan na Beirtrí Buí. B'éigean do na hiascairí éirí as an muirínteacht mar go raibh an t-uafás muiríní caillte ag teacht isteach i mála an dredge. Dúradh gur i mí an Mheithimh agus i mí Iúil a sceitheann an muirín agus nach mbeadh a fhios go dtí an bhliain dar gcionn cé chomh mór agus a bhí an slad dáiríre. Ach bhí rud amháin cinnte—ní dhearna an sioc dochar chomh mór do na muiríní ó 1914, an bhliain ar thosaigh muirínteacht sa taobh seo.

**Misiún**
Bhí misiún seachaine ag sagairt as Ord an tSlánaitheora sa bparóiste

**Íoclann Charna**
Mhol Johnny Geoghegan, T.D. go bhfaighfí iasacht £1,050 i gcomhair na híoclainne agus an "dispensary residence" i gCarna. Chuidigh an Comhairleoir Pádraic Seoighe leis. D'fhiafraigh Fintan Coogan, T.D., cén costas a cuireadh ar an obair i dtosach agus cén fáth ar theastaigh an t-airgead breise. Dúirt Innealtóir Cúnta an Chontae, John Silke, gur iasacht £6,000 a bhí i gceist i dtosach ach go ndeacha an costas £1,050 thairis sin.

**Lá Spóirt i gCamas**
Bhí lá spóirt i gCamas i mí an Mheithimh. D'imir Carna Ros Muc i gcluiche peile. Níl mé cinnte ar seachtar an taobh a bhí ann nó nárbh ea. D'imir na Piarsaigh an Cheathrú Rua. Bhí céilí i Ros Muc an oíche sin. Ba iad Banna Ceoil Mhulhaire a chas an ceol.

**Bantracht na Tuaithe**
Bhí Bantracht na Tuaithe ag iarraidh gildeanna nua a chur ar bun sa nGaeltacht. Bhí réamhchruinniú acu i gCarna i mí an Mheithimh.

**Líne Teileafóin**
Bhí Johnny Geoghegan ag iarraidh líne eile teileafóin a chur idir Carna agus an Clochán. Fuair sé freagra ón Aire Poist agus Teileagrafa, Michael Hilliard. Dúirt an tAire go raibh súil aige go mbeadh an líne ann taobh istigh de shé mhí. Idir an dá linn dhéanfaí iarracht an mhoill a bhí ar ghlaonna teileafóin a choinneáil chomh gearr agus ab fhéidir.

**Stiofán Ó Cualáin**
Ba é Stiofán Ó Cualáin a bhí ina mholtóir ar na comórtais dhamhsa ag regatta agus ag aeraíocht an Chloiginn. Ba é Johnny Geogheghan a chuir tús oifigiúil leis na himeachtaí.

**Coláiste Sheosaimh**
Bhí dhá bhliain curtha isteach ag Coláiste Samhraidh Sheosaimh agus líon na n-iarratas dúbailte ón mbliain roimhe sin. Dhá chúrsa a bhí acu—i mí Iúil agus i mí Lúnasa. Bhí cuid de na cailíní ag fanacht sa "hostel" agus na buachaillí i dtithe sa gceantar.

**Tintreach**
Bhuail an tintreach teach i Leitir Ard i mí Iúil. Mharaigh sí lao freisin. Maraíodh caoirigh ar an gCaiseal agus cuireadh corr-raidió agus roinnt fónanna in aer i gCloch na Rón. Chlis an leictreachas sa gClochán.

**Iascaireacht**
Bhí cruinniú i gCloch na Rón faoi chúrsaí iascaireachta. Rinneadh roinnt mhaith cainte faoi

iascach le spilléid. Moladh go n-iarrfaí ar Bhord Iascaigh Mhara bád 56 troigh agus trealamh a chur ar fáil le go bhféadfaí trialacha a dhéanamh leis na spilléid. Dúradh go raibh moltaí fiúntacha ag an iascaire Éamon Ó Conghaile as an Áird Thiar agus ag Mr. L. Hyde a bhí ina bhainisteoir ar mhonarcha Ghael-Linn.

**Gliomaigh**

Tuairiscíodh ar an 25ú Bealtaine gur thosaigh séasúr na gliomadóireachta i gCarna an Luan roimhe sin. Na báid a bhí curtha ar fáil ag Gael-Linn a chuaigh amach. Bhídís tosaithe níos luaithe blianta eile ach ní raibh an aimsir an-mhaith.

**Carraigeacha Contúirteacha**

Ag cruinniú den Chomhairle Contae d'iarr Jim Cox go réabfaí carraigeacha contúirteacha amach ó chéibh na hAirde. Dúirt sé go raibh níos mó bád ag baint leas as an gcéibh sin ná a bhíodh. Dúirt Johnny Geoghegan go raibh an cás á fhiosrú. "Tá áthas orm sin a chloisteáil," a dúirt Jim Cox. B'as Páirtí an Lucht Oibre Jim Cox. Bheadh sé suimiúil a fháil amach cé a d'iarr air ceist a chur faoi Chéibh na hAirde.

**Mrs Kennedy**

D'éirigh Mrs Kennedy as múinteoireacht i scoil Mhaorais thréis di 42 bliain a bheith caite ansin aici. B'as Contae Mhaigh Eo í. Bhí ócáid bhuíochais di sa scoil agus bhronn an sagart paróiste, an tAthair Philibin, foireann gloiní Phort Láirge uirthi ar son mhúinteoirí an pharóiste. Dúradh gur i mBleá Cliath a chaithfeadh sí an chuid eile dá saol. Bhí beirt iníon léi ina múinteoirí, Máirín, bean Sheosaimh Mhic an Rí (Joe Joe an tSaoir) a bhí anois i mBleá Cliath agus bean Frank Fahy in Áth Luain. Bhí Frank Fahy ina stiúrthóir bainistíochta ar an Athlone Motors Ltd.

**Comharchumann**

Tugadh cruinniú le chéile i gCarna le comharchumann iascairí a bhunú.

**F.C.A.**

Bhí fir óga á liostáil san F.C.A. i gCill Chiaráin agus i gCarna. Dúradh gur oíche sa tseachtain a bheifí á dtraenáil, ar feadh dhá uair a chloig, ón 8 go dtí an 10. Bheadh deis acu a dhul ar chúrsa ar an Rinn Mhóir sa samhradh.

**Lá Fhéil' Ciarán**

Ceiliúradh Lá Fhéil' Ciarán mar ba ghnáth. Tugadh turais ar an tobar ach ní raibh aon gheallta bád ann—bhí an aimsir ró-dhona.

**Sáirsintí**

Aistríodh an Sáirsint Ó Néill as Carna go Cairlinn i gCo. Lú. Tháinig an Sáirsint Bernard Sweeney go Carna. B'as Ailt an Chorráin i nDún na nGall é. Bhí 28 bliain caite aige sna Gardaí faoin am seo – i gContae na Gailimhe ar fad.

Tháinig an Garda Gerry Sheahan go Carna as an nGort. Peileadóir as Ciarraí ba ea é siúd. Chuidigh sé go mór le foireann peile Charna.

**Coirleach**

Cuireadh 250 tonna coirligh millte as Baile Conaola don Fhrainc. Bád 500 tonna, an SS. Libra, a thug anonn í.

**An tOllamh Ó Céidigh**

Bhí cheithre dhuine dhéag (14) daltaí as Ollscoil na Gaillimhe ag déanamh staidéir ar an muireolaíocht sa gCrompán faoi stiúir an Ollaimh Pádraig Ó Céidigh.

**Faochain**

Bhí praghas maith ar na faochain i mí na Samhna agus bhí daoine ag glandh na mbeirtreacha oistrí. Bhí díospóireacht ar bun freisin faoin gcaoi ab fhearr a bhféadfaí borradh a chur faoi na muiríni aríst thréis an tSeaca Mhóir. Tuigeadh go raibh slad an-mhór déanta ach ceapadh freisin go raibh an oiread muiríní fanta beo agus a choinneodh ag síolrú iad.

**Lá Te**

Dúradh ar an Tribune ar an 18ú Bealtaine gur lá thar a bheith te a bhí sa Domhnach roimhe sin sa taobh seo. Shroich an teocht 94 céim Fahrenheit i gCloch na Rón. Bhí an mhóin cruachta mar go raibh daoine ar a míne géire ina héadan ó tháinig an aimsir bhreá.

**Foghlaeireacht**

Ceapadh an Dochtúir Hennessey a bhí i gCarna ar choiste an Clifden and Connemara Gun Club. Mharaigh siad 208 caróg liath Domhnach amháin. Thairg siad "bounty" freisin ar an snag breac, ar an mbroc agus ar an sionnach.

**An Ghairmscoil**

Dúradh ag cruinniú de Choiste Gairmoideachais an Chontae i ndeireadh Feabhra gur stop an Sioc Mór an obair ar an nGairmscoil ach go raibh súil acu dul chun cinn maith a dhéanamh anois.

Gealladh ag cruinniú de Choiste Gairmoideachais na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair go mbeadh díon ar an nGairmscoil roimhe an ngeimhreadh.

**Oistrí**

Bhí scannán faoi obair ar oistrí san Ollóinn faighte ag Gael-Linn agus iad á thaispeáint sa gceantar.

Dúradh i mí an Aibreáín go raibh tionscal oistrí na Breataine agus na Mór-roinne scriosta ag an sioc. Ní mar sin a bhí sa taobh seo. Dúirt Gael-Linn go dtáinig a gcuid beirtreacha slán tríd is tríd agus go mbeadh an-deis acu anois greim a fháil ar sciar mór de mhargadh na Mór-roinne. An Fómhar roimhe sin a cheannaigh Gael-Linn na beirtreacha. Ba é an Rí William 111 a thug do Mháirtínigh Bhaile na hInse iad an chéad lá riamh.

Dúradh i mí Dheireadh Fómhair go raibh Gael-Linn ag glanadh 10 míle cearnach beirtreacha oistrí. Chuiridís na hoistrí beaga i dtancanna sáile i monarcha na hAirde agus leagaidís ar na beirtreacha glanta iad ina dhiaidh sin.

**Arramara**

Bhí Arramara ag neartú agus iad ar thóir Cúntóra don Bhainisteoir Ginearálta. Dúradh gur fear a mbeadh Gaeilge aige ab fhearr leo – fear a bheadh idir 25-35 bliain d'aois. £850 sa mbliain an tuarastal a bheadh ag dul dhó.

**Iascaireachta Locha**

Scríobh colúnaí i nuachtán náisiúnta an méid seo a leanas: "There is a small lake at the back of Kilkieran, near Carna, full of sparkling sea trout. In the days when I was there they danced a merry jig, many, many times to a Black Pennell, or a Connemara black, presented by myself, or by Tom, competent angler, boatman, ghillie and good friend.

**Drámaíocht**

Tugadh an-mholadh ar an "Irish Independent" do Phat Mór Mac Donncha, dá bhean Bairbre agus dá mac Pádraic Óg. Dúradh go raibh siad thar cionn ar fad sa dráma "Caitlín Ní Uallacháin", a léiríodh ag Féile Drámaíochta an Oireachtais i mBleá Cliath. Trí bliana déag d'aois a bhí Pádraic Óg ag an am. Bhí Mairéad Ní Bhriain agus Proinsias Nic Dhonncha go maith sa dráma freisin. Fuair an léiritheoir, Tomás O Flatharta, Tom Sailí, moladh dá réir.

Ar ndóigh bhí foireann drámaíochta Scoil Loch Con Aortha ag tabhairt craobhacha leo as chuile áit an bhliain sin freisin.

Dúirt an moltóir, Tomás Mac Anna, gur ghearr go mbeadh amharclann dá gcuid féin acu i gCarna. Ar stáitse sealadach i Halla Charna a bhídís ag cleachtadh ag an am ach bhí iarratas curtha chuig Roinn na Gaeltachta ar dheontas le haghaidh stáitse nua, soilse cearta, seomraí feistis agus "green room". Measadh gur thart ar £4,000 a chosnódh an obair sin ar fad.

**Bradáin Tríd an bPost**

Bhí Gael-Linn ag díol bhradán tríd an bpost. Bhí an rud céanna déanta acu leis na hoistrí roimhe sin. As Teileann i dTír Chonaill a thugaidís na bradáin. Reoidís iad i monarcha Ghael-Linn san Aird agus chuiridís ar an margadh iad ar 6 scilleacha agus 4 pighne an punt. Sna Sé Chontae agus i lár tíre is mó a bhí glaoch orthu.

I nDeireadh Fómhair leagadh as a gcuid oibre dhá dhuine dhéag (12) de na cailíní a bhí ag obair sa monarcha. Ag próiseáil muiríní agus cineálacha eile éisc a bhí siad. Ach bhí buille aisteach faighte ag na muiríní anois de bharr an tSeaca Mhóir. Idir 25 agus 30 cailín a bhí sa monarcha ar fad.

# SEOSAMH Ó CUAIG

## Áill na Brún, Cill Chiaráin



**Comhairleoir Contae**

**Tá fáil orm i gcónaí …**

**095-33428**

**agus**

**087-2194247**

*Nollaig mhaith agaibh uilig*

**Bóthar Dúnta**
D'fhógair an Chomhairle Contae go mbeadh bóthar Mhaínse dúnta idir 30 Méan Fómhair agus 21 Deireadh Fómhair. Caoi a bhí le cur ar an droichead. Chuirfí droichead coisithe ar fáil an fhad is a bheadh an obair ar bun.

**Sr. Pius**
Cailleadh athair Sr. Pius—William Mc Cann as Béal Átha na Muice. Bhí iníon eile aige ina bean rialta freisin---an tSiúir M. De Lourdes a bhí i mBaile an Mhóta.

**Sr. Teresa**
Cailleadh athair Sr. Teresa –David Mc Walters as Garrymore, Tuaim.

**Mark Conneely**
Cailleadh Mark Conneely as an Áird Thiar
Mrs C. Dirrane.
Cailleadh dearthái le Mrs. C. Dirrane –Thomas Long a bhí ina mháistir scoile i Nás na Rí. 53 bliain d'aois a bhí sé.

**Tomás Mac an Iomaire**
Cailleadh Tomás Mac an Iomaire as Caladh an Chnoic. Bhí a dheirfiúr agus gaolta eile beo ina dhiaidh.

**Máirtín Ó Cadhain**
Thagair an scríbhneoir mór Máirtín Ó Cadhain do Charna in argóint le fear eile a bhí ag cur síos ar shlánú na Gaeltachta. Dúirt Máirtín in áit amháin: " Would he believe that I was myself on a Gael-Linn delegation to Mr. Ó Móráin (an tAire Micheál Ó Móráin) in connection with refrigerating in Carna? Mr. Ó Mórain received me with the other Mr. Ó Móráin (Ceannasaí Ghael-Linn) quite credibly. Of course it was the refrigeration of fish, not horse or animal flesh. Else the humanitarians would be after us picketing us."

Dúirt an Cadhnach in áit eile: " Gael-Linn set up a refrigerating plant in the Gaeltacht in Carna. None of us was a professional refrigerator. Neither was Hitler. Yet by all accounts he seemed to be fairly successful at the business, or a closely related one."

**Captain Mac**
Scríobh colúnaí a thugadh "Captain Mac" air féin an chaint seo ar an "Irish Press": "I know that generosity, great generosity, is to be found in Ireland. I remember the last holiday spent in Carna. I had never laid eyes on the man I stayed with before. But he would accept money for nothing, nothing. Yet he was not rich."

**Rásúr**
Bhuaigh P. J. Madden as Coill Sáile rásúr i gcomórtas a bhí ag Brylcream ar an "Sunday Independent".


**Siar go Carna**
Dúirt colúnaí sa "Sunday Independent" an méid seo: "I well remember my first drive from Maam Cross to Carna, passing Screebe. It is the most exciting in Ireland."

**An tAthair Ó Clochartaigh**
Bhí an tAthair Ó Clochartaigh ar saoire sa bparóiste as San Francisco. Dúradh ar an bpáipéar gurbh as Cill Chiaráin a athair, Patrick Cloherty. B'as Iorras Lionnáin máthair an tsagairt, bean de mhuintir Mhic Dhonncha. Léigh sé Aifrinn i gCarna agus i mBaile Conaola.

**Prefab**
Bhí tuairisc ar an gConnacht Tribune go raibh "pre-fabric bungalow" á chur suas sa bparóiste—an chéad cheann riamh sa gceantar seo. Dúradh gur ina phíosaí a tháinig sé agus go dtógfadh sé timpeall sé seachtainí é a chur le chéile.

**Bóthar Poiblí**
Rinneadh bóthar poiblí den bhóthar idir Tí Sheáin Uí Ghaora agus gar do Tí Phat Ward ar an mbealach go Maínis.

**I dTuaim**
De réir an "Tuam Herald" chas Albert King as Carna poirt mheidhreacha ar an gcáirdín ag coirm cheoil a bhí ag na Réadóirí i Halla Chlochar na Trócaire i dTuaim.



# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Cárna, Conamara, Co. na Gaillimhe



**Cúrsaí Samhraidh, Cinnireachta, Ardteiste, SCG**

**Gach Eolas ar fáil ó:**

**Ciara Nic Mhathúna,**

**Stiúrthóir Choláiste Sheosaimh,**

**Baile Beag, Inis, Co. an Chláir**

**Fón: 087-7376981**

**www.colaistesheosaimh.com**

Stiúrthóirí an Choláiste: Rita Mhic an Iomaire, Ciara Nic Mhathúna, 087-7376981

# Cairde as na tíortha siar



***Ó chlé***: **Máirtín Ó Catháin, Danny Ó Flatharta – ambassadóir Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Lisa Uí Fhlatharta, Maureen Coyne-Norris as Portland – ambassadóir Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Susan Uí Chatháin agus Eileen Davis … ag ócáid in Óstán Charna i mí Mheán Fómhair.**



***Ó chlé***:
**Christina Uí Mháille as Doire Iorrais, Diana Brennan as Arizona – ba as Aill na Brún cuid dá muintir - agus Ciarán Cooke, mac le Dr Cooke as Cill Chiaráin. Bhíodar ag caitheamh súil siar ar an aimsir a caitheadh agus daoine muintireacha.**

# Ionad Cuimhneacháin na nImiriceach

– tá an Méara Bhoston ar dhuine de na pátrún.



*Máirtín Ó Catháin*

Silim go bhfuil an ceart agam nuair a deirim go bhfuil ceangal croí ag mórán chuile dhuine leis an dream a chuaigh ar an imirce. Sin ceann de na húdair atá leis an ríméad atá ar dhaoine ar fud Chonamara faoi thoghadh Marty Walsh mar Mhéara ar Chathair Bhoston. Bhí cosán anróiteach ag an dream a chuaigh ar an imirce san aimsir a caitheadh; san am chéanna chuidigh siad go flaithiúil agus go gnaiúil leis an mbaile. Munach an t-airgead agus na beartáin a seoladh abhaile is go dona a bheadh an saol ag go leor againn.

Tá Méara Bhoston, Marty Walsh ar dhuine de na hambassadóirí ...no na pátrúin...atá ag Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna. Is go fonnmhar a ghlac Marty leis an gcuireadh sin nuair a thosaigh muid an iarracht cupla bliain ó shin.

Ar ndóigh, is beag gaoithe a bhí i seolta na tire nuair a thug muid faoin iarracht leis an Ionad a thogáil; níl mórán d'athrú ar an saol ó shin. Níl an t-airgead sa Státchiste mar a bhíodh. Dá réir sin tá sé an-deacair deontas no cabhair Stáit a fháil le haghaidh na hoibre. Ach ná cailleadh duine ar bith an mhisneach. Tiocfaidh muid i dtír amach anseo!
Ach caithfidh muid an cúrsa a leagan amach go stuama.

Rinne muid laghdú ar an bhuildeáil agus tá an t-iarratas ar chead pleanála le haghaidh an phlean nua ag dul isteach chuig an gComhairle Contae aríst. Coinneofar an sean halla sa bplean nua; go deimhin lua roint mhaith daoine linn gur mhaith leo go gcoinneofaí an sean halla dá bhféadfaí ar chor ar bith é. Tá an oiread eile le cuir leis. Tugadh cead pleanála don chéad bhuildeáil a bhí ar intinn againn...rud a chuidíonn linn anois. Chomh maith leis sin fuair muid cead pleanála le haghaidh an chórais séarachais – Treatment Plant – ar an gcéad iarratas sin agus maireann an socrú sin. Buntáiste mór é sin.

Anois agus mé ag scríobh táthar ag breathnú ar na bealaí is fear le córas nua soláthair uisce a chuir síos chuig suíomh an tsean halla – an áit a bhfuil an tIonad Cuimhneacháin le tógáil. Caithfear an bóthar síos ann a leathnú agus a dheisiú freisin. Go bhfága Dia an tsláinte ag Micheál Ó Móráin; tá sé sásta scaradh le píosa talúna in aisce leis an obair leathnúcháin a dhéanamh ar an mbóthar.

Tá muid ag súil freisin go rachfaí ar aghaidh chomh luath agus is féidir leis an múnlú agus an obair ar Gharraí Cuimhneacháin na nImirceach ar an gcnócán siar ón halla. Beidh an t-innealtóir ag fáil praghasanna ó chonraitheoirí le n-aghaidh sin go gairid. Ansin beidh cúrsaí airgid le réiteach. Cá bhfios nach bhfaigheadh muid eireabal eicint de chiste Leader le haghaidh an Gharraí Cuimhneacháin?

Tá muid ag obair ar chuile bhealach leis an gciste sin again féin a mhéadú. Mar is léir níl muid ag dul crua ar bhailiúchán de chineál ar bith ar fud an phobail. Sé an polasaí a bhí againn ó thus gan cuir isteach ar eagraíochtaí eile atá ag iarraidh airgead a bhailiú ar mhaithe le cúiseanna eile sa gceantar; tá a ndóthain le déanamh acu agus na himeachtaí sin acu féin a choinneáil beo. Sin é an socrú a rinne muid ach ciallaionn sé go gcaithfidh muid go leor bealaí eile a thriáil le airgead a chuir i dtoll a chéile.

Coinneoidh muid orainn. Bheadh muid ag súil go dtiocfadh Roinn na Gaeltachta, no eagraíocht phoiblí eicint eile i gcabhair orainn; tá muid féin sásta a dhul píosa maith den bhealach leis an gciste.

Ar ndóigh, tá i bhfad níos mo ná foirgnimh ag baint le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach. Bhéifí ag súil go mbeadh buntáiste eacnamaíochta agus sóisialta ag baint leis an scéim uilig. Feicfidh sibh alt san Leabhar Bliantúil seo ag Seosamh Ó Cuaig ina ndéanann sé cur síos ar an líon daoine a tháinig thart i mbliana ag iarraidh tuairisce faoina sinsear sa bpobal seo. Tá daingniú ar na ceangail sin ar cheann de na cuspóirí atá ag tionscnaimh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach. Teastaíonn an tIonad féin mar chroílár don obair agus don ghníomhaíocht sin uilig.

## Ionad Cuimhneacháin na nImirceach - Na hAmbassadóirí



**Róisín Ní Chatháin**
- Londain, Sasana



**Seanadóir Margaret Craven**
- Maine, Meiriceá



**Méara Martin Walsh**
- Boston, Meiriceá



**Ollamh Michael Connolly**
- St. Joseph's College, Maine



**Maureen Coyne-Norris**
- Irish Cultural Centre, Portland



**Danny O'Flaherty**
- Uachtarán Féile Louisana



**John McDonough – Ollamh le Sláinte** Poiblí in Ollscoil Harvard agus iar Sheanadóir Stáit




# Peter Keane

Clifden

## Aerials, Satellite Dishes, Sales, Repairs, Service, Lightnet Broadband

***Digital Terrestrial Television is now available***



*Servicing Carna/Kilkerrin weekly*

095-21827

0876687468

pkeane.sky@gmail.com



Go n-éirí leis an Irisleabhar



**SEÁN KYNE TD**
Galway West Constituency

**Oifig Dáil Ceantair,
Bóthar an Spidéal,
Maigh Cuillin,
Co. na Gaillimhe.**

TEL: +353 (0)91 868 111
MOB: +353 (0)87 613 7372

EMAIL: SEAN.KYNE@OIR.IE

**Is féidir coinne a dhéanamh le haghaidh an Luan nó Aoine ag an oifig i Maigh Cuillin ag 091-868111 nó r-phost ag sean.kyne@oir.ie**

**Bíonn clinic uair gach mí in áiteanna éagsúla (fograí ar Raidió na Gaeltachta nó na páipéir áitiúla)**

WWW.FACEBOOK/SEANKYNETD
WWW.SEANKYNE.IE
TWITTER@SEANKYNETD

FINE GAEL



SHOTOKAN **KARATE** SHOTOKAN

**Aois?**
Gach aois ós cionn 7 mbliana.

**Éadach?**
Is féidir cineal ar bith éadach scaoilte a chaith, ach gan aon *broga na Seodra a chaith sa rang.*

**Cén fáth?**
Anáil níos fearr. Foghlaim araíonachta agus féinsmacht. Foghlaim chun thú féin a chosaint. Feabhas ar féinmhuinín

**Áit?**
- Ionad Pobal/ Cill Chiaráin

**Uaireanta?**
- Dé Céadaoin 7i.n. 8:15i.n. Cill Chiaráin
- Dé Domhnaigh 1i.n. – 2:15i.n. i Cill Chiaráin.

*Fáilte roimh daoine atá ag tosú!*

*Is féidir tosú aon am.*

Connemara Shotokan Karate (Facebook)
**Ríomhphost:** kilkerrinkarate@eircom.net
**Fiosraithe: Seán Mac Donnacha 1st Dan 087-6681363**



# Tigh Mheaic

Carna



*Ceol & Craic gach seachtain*

*Bia ar fáil - Bricfeasta, Lón, Dinnéar*

*Cóisir agus Lónadóireacht Baile (Home Catering)*



**Fón: 095 32730 / 087 2826244**
**tighmheaic@gmail.com**
**Lean Tigh Mheaic ar Facebook!**

Free WiFi

# Nioclás Ó Conchubhair Teo

## Homevalue

**Leitirmóir, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**
*Quality Choice Service*

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**
**Faics: 091-506044**

***Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,***
***Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,***
***Péint & Srl***

# Cuimhní Cinn agus Currachaí



**Ócáid cheiliúrtha 50 bliain a bpósta –**
Colm Ó Clochartaigh agus Annie Uí Chlochartaigh as an Aird Mhóir agus a gclann iníon…Bridget Cloherty-O'Reilly ar chlé agus Ann Cloherty-Mahon. Bhí an ócáid in Óstán Charna i mí Feabhra 2013.



**An Corn ag muintir Mhic Dhonnchadha**
as an Aird Mhóir ag na rásaí a bhí i gCill Chiaráin i mí Mheán Fómhair, 2013.
Bairbre Mhic Dhonnchadha chun tosaigh leis an gCorn agus a gar mhac Conor (mac le Máirtín lena taobh. Ar gcúl ó chlé: Páraic Mac Donnchadha, Máirtín Mac Donnchadha agus ?



**Jo Johnson as Sasana ag uaigh daoine muintireacha** -
i reilig Chill Chiaráin i mí Mheán Fómhair, 2013. Bhí sí ar dhuine de chuid mhaith daoine a tháinig chuig an gceantar ag fáil eolais ar dhaoine muintireacha i mbliana.



**Tháinig Diane Brennan aniar as Arizona le tuairisc a fháil faoina muintir i mbliana freisin agus bhí suíochan fada ar an ábhar sin.**
*Ó chlé*: Christina O' Malley, John Clancy, Ciarán Cooke, Diane Brennan agus Seosamh Ó Cuaig. Féach alt le Seosamh Ó Cuaig sa leabhar seo.

# Teacht le chéile mhuintir Mhic Dhonnchada as an Aird Thoir.



Seán Beag (Aird Thoir), Baba, Peggy, Kitty (Boston) Nan (Manchester) agus Michael (Londain) sa mbaile i dteach Sheán Choilm ag teacht le chéile mhuintir Mhic Dhonnchadha as an Aird Thoir.



Michael agus beirt ghar mhac lena thaobh Josh agus Joe (as Londain) san Aird ag teacht le chéile chlainne Ac Dhonnchadha.



Seán Beag, Kitty agus iníon Khitty...sin í Barbara Jean (chun tosaigh) as Boston.

# Teacht le chéile Chill Chiarán – Meán Fomhair 2013




**Micheál Ó Clochartaigh as Mainís ar chlé agus Dónal Josie Sheáin Jeaic (Mac Donnchadha).**



**Máirín (Ní Chathasaigh) Uí Chuaig as Mainis agus iníon a deirfíre Anna Nic Dhonnchadha as Cill Chiaráin.**




**Deartháracha Mhic Dhonnchadha - ó chlé: Risteárd, Ciarán, Michael agus Pádraic.**



***Ó chlé*: John Phat Jim, Treasa Ní Cheannabháin agus Josie Sheáin Jeaic.**

# Teacht le chéile Scoil Bharr Linnín



**Mattie Coyne ag ceiliúradh a 90ú lá beirthe i Niagara Falls i Meiriceá i mí Dheireadh Fómhair.**

Bhí Mattie i scoil Bharr Linnín (Glinsce) sna Blianta 1937/38. Is dóigh gur b'é an duine is sine é d'iar scoláirí na scoile. Chuaigh sé chun na scoile in Inis Bearrachain roimhe sin.



**May Nic Craith-McHugh as Glinsce (agus Gaillimh anois) agus Gerry Ó Críodháin (Coillín agus Cill Ainnin).**



**John James Ó Catháin ar chlé agus Micheál Ó Catháin as Glinsce.**



**Maisie Ní Chaonaigh – Uí Mhaoildhia (Gabhla ó dhúchas) agus Josie Mac Craith (Glinnsce agus Chicago).**

# Ag Seoladh Abhaile



**Ag macashamhail an Aonaigh ar an gCaiseal –**
*Ó chlé*: Martin Faherty (as an Sraithe Salach agus Massachusetts), Joe Ó Clochartaigh (Bun na hAbhann), Johnny Ó Loideáin (Coillín), Máirtín Ó Gríofa (Mainis), ?, Pádraic de Búrca (Carna), Máire Ní Uaithnín (Mainis) ag cruinniú mhuintir an Chaisil.



**Ar aon bhuille amháin –**
Micheál Ó Clochartaigh agus Micheál Óg Ó Clochartaigh as Mainis ag fágáil an oileáin Maisean….scaitheamh blianta ó shin.

# Bua iontach Mharty Walsh




**Méara Bhoston – an bua ag Marty Walsh - 5ú Samhain 2013.**




**Aintiní an Mhéara ag ceiliúradh – Bríd Mháirtín Tom ar chlé  agus Margaret Joe Pheadair,  ar dheis …i mBoston**




**Máirín Uí Chaonaigh agus a hinín Gracie ag an gceiliúradh i mBoston.**




**I gCarna sa bhFómhar – comhartha ag cros bhóthar "Dirrane"**



**Mattie Mháirtín Tom Bhreathnaigh – uncail Mharty Walsh i mBoston.**




**Cuid den fhoireann ceanbhasála do Mharty Walsh.**
*Ar chúl ó chlé*: Jimmy King, Séamus Ó Cuinn, Steve Devaney, Mike Sullivan, Joe Breathnach, Peter Ó Cuinn agus Peter O' Malley.
*Chun tosaigh, ó chlé*: Tom Conroy, Ciarán King agus Aidan Coyne.

# i mBoston- an 54ú Méara



*Ó chlé*: Peter Joe Pheadair, Lorrie Higgins, an Méara, Mary – máthair an Mhéara, Tom Conroy, John Walsh- deartháir an Mhéara.



Molly Ní Chaonaigh agus a huncail, Briocán Ó Mainnín as Ros Muc.




Sa bhFómhar i mBoston.




Peadar Ó hUaithnín as Mainis ar chlé agus Vincent Ó Cadhain as Gabhla.




Mary, Máthair an Mhéara, agus Nóra Joe Pheadair – aintin leis.



Susan Uí Chatháin agus Mary Walsh.

# Muintir Mhéara Nua Bhoston



**Cuid de dhream Charna.**
*Ó chlé*: John Mháirtín Tom (athair Mharty Walsh), Máirtín Tom Bhreathnaigh (sean athair Mharty Walsh) agus Tony Breathnach (col ceathrar le Marty Walsh) – as Caladh bhFuinnse i gCarna. Tógadh an pictiúr seo Lá Nollag 1966.



**An sean dream i Ros Muc**
Joe Pheadair Ó Máille agus a bhean, Mary Ann as Ros Cide i Ros Muc ag ócáid cheiliúrtha 50 bliain a bpósta - sean athair agus sean mháthair Mharty Walsh ar thaobh a mháthar.



**Gradam imeasc a mhuintire i 1999 –**
Bhí ainm Mharty Walsh ag teacht chun cinn sa saol poiblí agus é ina Fheisire Páirliminte óg i Massachusetts. Sa bpictiúr seo tá Marty ag fáil gradam ag cómhdháil lucht ceárdchumainn as Stát Mhassachusetts i gCape Cod i 1999.
*Ó chlé*: Martin Walsh (mac le Pat Walsh agus col ceathrar le Marty), John Walsh – John Mháirtín Tom – athair Mharty, Pat Walsh (uncail Mharty agus ceannaire an 'Union), Marty Walsh (Méara nua Bhoston anois) agus Johnny Walsh (deartháir Mharty).

# *Dia go deo le Feenish!*



Seo í Feenish Mulkerrins – iníon Joe Mhichael Nóra as Leitir Deiscirt agus a bhean Cathy – agus í ag tógáil cic coirnéil i gcluiche sacair i mBoston i mbliana.




An pictiúr thuas do Feenish Mulkerrins a bhí i leabhar Iorras Aithneach i 1997.




**Michael Brennan, Méara chathair Portland i Maine agus Maureen Coyne-Norris i mí Dheireadh Fómhair.**
Tá Maureen ag déanamh staidéir ar ghineolaíocht Chonamara. Ba as Inis Niaidh í máthair mhór an Mhéara ach speáineann an tastáil DNA a rinneadh air go bhfuil lorg a mhuintire ar ch'aon taobh de Chuan na Beirtrí Buí.



**Christine Dumas anseo i lár baire agus a fear ar dheis…agus Seán Madden ina gcuideachta i reilig Chill Chiaráin i mbliana.**
Bhí sí tagtha as Louisiana ag cur tuairisce faoi na muintir – na Coilimíní - muintir Niaidh.

# I gCuimhne ar Shaighdiúr



Bhásaigh Peadar Ó Nídh – Petie Nee – i gCogadh Vietnam i Márta na bliana 1969. Bhí sé 22.
Ag ócáid chuimhneacháin in Óstán Zetland ar an 15ú Lúnasa i mbliana.
*Ó chlé*: Saighdiúr Muirí (Marine) as Meiriceá, Edna Nic an Iomaire (iníon deirfíre le Petie), Imealda Mhic an Iomaire (deirfiúr Phetie), Mary (deirfiúr le Petie) agus saighdiúr Muirí Meiriceánach.



**Edna Nic an Iomaire ag labhairt ag an ócáid chuimhneacháin i Reilig an Chaisil Ard i gcuimhne ar a huncail Petie Nee – 15/8/2013.**

# Mary Lyden – ceiliúradh i Mainis & san Áras



Máire Ní Loideáin ar dheis in éineacht le Béab Uí Uaithnín – ar ócáid cheiliúrtha 90ú lá beirthe Bhéab i Mainis.



Máire Ní Loideáin ar an taobh clé den Uachtarán Mary McAleese ag ceiliúradh in Áras an Uachtaráin roinnt blianta ó shin.

# An Aimsir a caitheadh



**Peig Guairim agus Mickey Lydon – Roisín an Chalaidh.**



***Ó chlé*: Tom Anthony Coyne, Cáit Graca – iníon le Tom Hynes – agus a fear George Graca.**



**Cáit Pháidín (Ní Uaithnín) as Mainis.**

# Tráth den tSaol i Mainis



**Máire Nic an Ríogh (Uí Chonghaile) ar chlé agus a fear, Joe Ó Conghaile ar dheis. Anne Ní Uaithnín sa lár.**



**An trá agus an spéir i Mainis**
*Ó chlé*: Máirtín Ó Cualáin, Cóilín Shéamuis Ó hUaithnín agus Páraic Mhicil (Ó Conghaile).



**Ag cuir isteach fhéir i Mainis lá den tsaol.**

# Ceiliúradh deich mbliana i dTeach Altranais Charna



***Ó chlé*: Máirín Mhic an Rí (Ní Chinnéide) as Baile Átha Cliath, Bríd Bairéad, Mary Lyden agus Máire Ferrons.**



**Josie Mac an Iomaire as an Aird Mhóir - Caoimhe ina ghabhail, Kevin Mac an Iomaire agus Nóirín Mhic an Iomaire.**

# An Capall agus cúr uathi




**An Capall ag buachtáil Craobh na hÉireann ag an Tóstal.**
**Paddy Dundass ar chlé uilig.**

# *Mórshiúl i gcuimhe ar Aibha*



**Mórshiúl na gcapall as Gabhla go reilig Mhainse i mí Feabhra seo caite i gcuimhe ar Aibha Ní Chonaire (6) a bhásaigh ar an 14/12/2011. Bhí an-chion aice ar chaipple.**


Naomh Macdara
Féile 2013
NAOMH MACDARA

# An teacht le chéile i Scoil Ghlinsce – Iúil 2013



**Muintir Chaonaigh – John Mhicil – as Gabhla.**
*Ar gcúl, ó chlé*: Caitlín (Uí Chonaire), Tony Seagata (fear Bhríd Ní Chonaigh), Seán Ó Caonaigh (Gabhla), Tomás Ó Caonaigh (Gabhla), Michael Heffron (New York – fear Máirín Ní Chaonaigh).
*Chun tosaigh, ó chlé:* Sorcha Ní Chonaire (iníon Chaitlín), Máirín Ní Chaonaigh-Heffron (New York), Maisie Ní Chaonaigh - Uí Mhaoldhia (Sraithe Salach), Bríd Ní Chaonaigh – Segata (New York) agus Caitlín Uí Chaonaigh, bean Thomáis (Gabhla).



**Comhluadar as Glinsce agus Leitir Ard a chuaigh chun na scoile tráth den tsaol i mBarr Linnín.**
*Ar gcúl, ó chlé:* Nóra (Baba) Ní Chaonaigh (Uí Liadháin), Máire T. Uí Chuinneagáin, Jimmy Mhattie Sheáinín (Ó Conghaile) agus Mary Mhattie Sheáinín.
*Chun tosaigh:* Jarlath Cunningham agus Mairéad Mhattie Sheáinín (Senator Margaret Craven anois).

# Ag Breathnú Siar



**Ócáid 10 mbliana an Tígh Altranais –**
Ó chlé: Teresa de Búrca (Sraithe Salach), Christine Nic Cormaic-Seoige (Carna), Máirtin Ó Gríofa (Mainis), Eileen Davis (Carna), Susan Uí Chatháin (Gabhla).



**Siúlóid go Seanach Dónaill i gcuimhne ar Aibha Ní Chonaire –**
a hathair mór Tomás agus Breandán Ó Cadhain (leis an ngadhar) ina measc.

# Ceiliúradh deich mbliana i dTeach Altranais Charna



**Baill fóirne a bhfuil deich mbliana caite acu ag obair sa Teach Altranais.**
*Ó chlé*: An Dr Ó Cathasaigh, Tomás Ó hIarnáin, Róisín Ní Ghaora, Johannes Sching, Nóra Uí Chualáin, Máirín Uí Fhéinneadha, Linda Uí Iarnáin agus Sally Uí Chathasaigh - Iúil 2013.



**Tugadh bronntanas don duine is faide a bhfuil blianta caite aige ina chónaí sa Teach Altranais – sin é John Moylan as an Aird Mhóir (geansaí dearg) a bhfuil 10 mbliana caite aige ann. Tá iníon a dhearthára Sarah taobh thiar dó. Steve Ó Cúláin ar dheis - Iúil 2013.**



Mo chuid den Nollaig oraibh a mhuintir Iorras Aithneach agus a mhuintir Chonamara.

AN SEANADÓIR
TREVOR Ó CLOCHARTAIGH

Caorán Beag, An Cheathrú Rua.
087-2476624

**Rphost:** trevor.oclochartaigh@oireachtas.ie
**Suíomh Idirlíon:** www.trevoroc.com
**Facebook:** www.facebook.com/trevoroc
**Twitter:** @sfconamara

SF





Stanleys



STOCKISTS OF THESE LEADING QUALITY BRANDS

crocs
CONVERSE
fitflop
Columbia Sportswear Company.
Timberland
KEEN
MERRELL
GEOX THE SHOE THAT BREATHES
ecco
GORE-TEX
dubarry of Ireland
emu Naturally Australian

GERALD STANLEY & SON LTD., LOWER MARKET STREET • TELPHONE: 095-21039

# Ar Thóir a nDúchais



*Seosamh Ó Cuaig*

Faraíor gan Ionad Cuimhneacháin na nImirceach tógtha i gCarna agus seirbhís ghairmiúil eolais ar fáil ann. Tá daoine ag teacht as éadan as áiteacha ar fud an domhain ar thóir a ndúchais agus ag cur tuairisc na muintire a chuaigh rompu. Is mór an obair freastal orthu uilig.

Bhí cupla seachtain ansin i mbliana a dtáinig siad ina sruth. Ar dtús tháinig scéala ó bhean as Arizona, Diane Brennan, go mbeadh sí ag teacht an bealach agus go dteastódh "seisiún" díospóireachta uaithi faoin treibh sin againne, na Cuaig. Bhí sí anseo cúpla uair cheana agus tá eolas thar a bheith barraineach bailithe aici faoina Cuaig ach bíonn sí ag iarraidh cur leis i gcónaí. Shíolraigh an bhean seo ó fhear de mhuintir Bhraonáin a bhí ag múineadh scoile ar an Áird Mhóir agus i Ros Muc. Bhí sé pósta le bean de Chuagach as Áill na Brún. D'imigh siad go Ceanada. Bhí mac leo iontach ag imirt an chluiche ar a dtugtar lacrosse. Ba é a bhí ina chaiptín ar fhoireann lacrosse Cheanada nuair a bhuaigh siad an bonn óir ag na cluichí Oilimpeacha i Londain sa mbliain 1908. I nGlinn Chatha i Ros Muc a rugadh é. Is minic a dúirt mé dá bhfiafrófá ag tráth na gceist boird cén spóirt a bhí fear as Glinn Chatha a imirt nuair a bhuaigh sé bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha go mbreathnófaí faoi dhó ort.

Ag leathuair thréis a deich ar maidin a bhí muid ceaptha a theacht le chéile Tí Christine Uí Mháille i nDoire Iorrais i gcomhair sheisiún bhean Arizona. Duine de Chuaig Áill na Brún í Christine freisin, ar ndóigh. Bhí cuireadh faighte agam féin, ag John Clancy agus ag Kieran Cooke. Leathuair a chloig roimhe an am tháinig glaoch phráinneach teileafóin chugamsa ag fiafraí díom an bhféadfainn casadh le dream as Louisiana a bhí tagtha ag iarraidh eolais faoi mhuintir Nia as Cill Chiaráin, na bádóirí móra, Clann Choilimín. Dúirt mé nach raibh sé éasca freastal ar dhá stát Mheiriceánacha in éineacht ach go ndéanfainn mo dhícheall.

Comhrá gearr a bhí agam féin agus ag John Clancy leo. Thug mise m'aghaidh ar Dhoire Iorrais agus thug John na cuairteoirí as Louisiana suas go dtí uaigheanna mhuintir Nia sa reilig. Bhí Seán Madden ann freisin.

Bí ag caint ar an "seisiún" a bhí réitithe ag Diane Brennan i nDoire Iorrais dhúinn. Seacht n-uaire go leith a mhair sé, gan briseadh ar bith cés móite den achar a raibh muid ag ithe an bhéile blasta a bhí réitithe ag Christine dhúinn. Ar uair sin féin is ag díospóireacht faoi ghéaga gineálaigh na gCuagach a bhí muid.

### An 'Cooke Clan' agus tuilleadh cuairteoirí

Ní raibh sé i bhfad ina dhiaidh sin go raibh teacht le chéile ag an " Cooke Clan" i nGaillimh. Tháinig daoine ann as Sasana, as Meiriceá agus as áiteacha eile. Thug lán bus acu cuairt orainn sa taobh seo. Threoraigh muid go dtí reilig Chill Chiaráin iad agus as son go dtí an Teach Mór a bhí ag na Cuaig in Aill na Brún. "The highlight of our visit," a thug duine acu air.

Laethanta beaga roimhe sin bhí mé féin agus John Clancy ar dualgas freisin. Beirt a tháinig as Sasana an iarraidh seo. Bhí siopa ar an Áird Mhóir ag sinsheanathair agus ag sinsheanmháthair na mná—san áit a bhfuil Pat Curran anois. Ba iad an bheirt a raibh an siopa acu John O'Malley agus a bhean Máire Ní Chlochartaigh. Cailleadh an bheirt acu go hóg agus d'fhág siad ceathrar dílleachtaí ina ndiaidh. Cuireadh go Leitir Fraic na gasúir i dtosach ach thóg a n-uncail, Mícheál Ó Máille, i Leitir Deiscirt iad ansin go raibh siad sách láidir le dhul go Meiriceá agus go Sasana. Thug muide an bheirt seo go Leitir Deiscirt ar chuma ar bith gur labhair siad le Michael Mhichael Nóra. Thug muid as sin go dtí Bairbre Guairim sa Teach Altranais iad. Aniar linn ansin go dtí Máirín, bean Phat Curran, a chuir

na múrtha fáilte rompu agus a d'iarr orthu a theacht ar ais sula bhfillfidís ar Shasana. Thug muid cuairt ar reilig Chill Chiaráín agus ar Shéipéal Chill Chiaráin. Tá cuntas in áit eile sa leabhar ag Jo Johnson ar an gcuardach a rinne siad.

Ní raibh ann ach go raibh na Sasanaigh curtha dínn againn nuair a tháinig scata as Portland Maine. DNA is mó a bhí uathu seo. Thóg duine acu, bean de bhunadh mhuintir Chadhain as an Oileán Iarthach, mo cuid DNA féin. Labhair sí ansin ar Mhaoilchiaráin Leitir Deiscirt. Céard a d'fhéadfainn a dhéanamh ach í a thabhairt siar agus isteach sa mullach aríst ar Mhichael Mhichael Nóra. Ní raibh drogall ar bith ag Michael roimpi. Thug sé a chuid DNA di go fial flaithiúil agus is uirthi a bhí an t-áthas nuair a d'innis sé di go ndeireadh a athair i gcónaí go raibh gaol aige le Colman Coyne as an Oileán Iarthach.

**Gaolta Sonny McDonough**

Ní raibh deireadh na gcuairteoirí againn fós ná baol air. Tháinig gaolta Sonny Mc Donagh an bealach. Seo é an fear a bhí ina pholaiteoir tábhachtach i mBoston, cara le John Fitzgerald Kennedy. Duine de mhuintir an tSeaimpín as Roisín na Mainiach a bhí ann. Bheadh gaol gar ag Clann Choilm Churraoin leis dá réir sin agus ag daoine eile sa bpobal.

Bhí oíche spóirtiúil agam féin, ag Máirtín Ó Catháin, ag Susan Uí Chatháin agus ag Eileen Davis leo in Óstán Charna. Sílim go bhfuair siad sásamh ar an tuairisc a thug mé dhóibh ar an bpíosa breá ceanbheasála a rinne Michael a' tSeaimpín in Árainn dom fadó, an lá a raibh muid féin , Michael D Higgins agus Miley as Glenroe i gcuideachta a chéile. Ní raibh a fhios agam gur innis Máirtín Ó Catháín dhom é go raibh gaol ag Michael a'tSeaimpín le Sonny Mc Donagh. Is aisteach é an mianach!

Ach is obair thuirsiúil go maith an "genealogy" seo agus an tochailt ar thóir na rútaí, go mór mór nuair a chuirtear an taighde roimh ré san áireamh.

Dá luaithe dá dtógtar Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus córas gairmiúil eolais a bheith ann sea is fearr dhúinn ar fad é.


# Teach Altranais Charna
## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón: 095-32854/32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

*Email:*
***info@carnanursinghome.com***

***VHI, BUPA APPROVED***

# Coming Home

*Jo Johnson*

I knew little about my grandfather John O'Malley other than he was born in Connemara in 1897, that his father died one month before his birth and his mother when he was aged eleven. He had three siblings who'd emigrated to America, whilst he came to England. When my mother died in 1997, I wanted to find out more about my Irish roots and determined to visit Ireland. Sixteen years later, I finally made it! The reason for the delay was that I had no idea where in Galway my grandfather came from and, for many years, had neither the time nor resources, to complete the necessary research.

I retired early last year and finally began the serious business of researching my family history. With so little to go on, it's been a long process, still ongoing, with plenty of bumps along the way. It's been challenging, hard work, time consuming, yet so rewarding and I've been fortunate in making contact with individuals in Galway and Dublin who've been prepared to offer any assistance they could.

Eventually I had enough information to enable my long-awaited visit to the birthplace of my ancestors and thus the journey began. I stayed in Carna, with my husband Alan and visited all the nearby places I'd hoped to see. We entered Saint Kieran's where my great grandparents were married and my grandfather baptised. We visited the cemetery where my great grandparents were buried and I stood by their gravestone, saddened that I'd never known them, but feeling the connection to them.

When we arrived at the house in Ardmore, where my great grandmother Mary (Cloherty) O'Malley ran a grocery shop and where my grandfather was born, we were welcomed so warmly by the current owner. We walked together, down to the seashore, along a well-trodden path. She generously took us into her home and as we sat, drinking tea and looking out across the water, I was aware that I was seeing the same view my grandfather would have seen a hundred years earlier.

I saw Moyrus cemetery, the burial site of my great, great grandparents and wondered about the journey that the mourners would have made in order to reach this beautiful place. I saw the Carna church and school, that my grandfather would have attended when, following the death of his mother, he and his brothers came to live with their uncle in Letterdeskert.

Those I met in Ardmore, Carna and Kilkieran were interested in my story and so keen to help - my sincere thanks to you all. It was so special to be able to walk across the land and shores of this part of Conemara. To stand at Ardmore Point, knowing that this would have been so familiar to my ancestors, was incredible. This has been such an emotional journey for me and I've gained much, much more than I'd anticipated. I felt, somehow, that I'd come home and, in the words of Arnie, "I'll be back!"

(Féach pictiúr ar an gcéad leathanach eile).

# Bealach Naomh Shéamais - ag siúl go Santiago

*Máirtín Bairéad*

Cé nach bhfuil aon fhianaise stairiúil ann go dtáinig Naomh Séamas go dtí an Spáinn breathnaíonn sé ón mbéaloideas gur chaith sé tamall i measc na bpágánach i Galicia ag craobhscaoileadh na Críostaíochta. Bhí sé de nós ag Críostaithe dul ag obair i measc páganaí in áiteacha a raibh na draoithe cumhachtacha. Níor éirigh ró-mhaith leis de réir cosúlachta, mar d'fhill sé ar Ierusalem, áit ar chur Herod chun báis é. Bhí sé ina mhairtíreach anois agus shocraigh a dheisciobaill a chorp a thabhairt ar ais go Finisterre (deire an domhain). Ní raibh an bhanríon Lupa ró-shásta leis seo. Mar sin le cabhair an Leagáid Rómhánach a bhí lonaithe i Duyo thriáil sí an corp agus a lucht leanúna a scrios. Ach d'éirigh leo éalú nuair a thit droichead taréis iad a dhul trasna abhainn Tambre. Ní raibh Santiago i bhfad as an áit agus is ansin a cuireadh an corp sa gcré. B'in é tús scéal Santiago de Compostella.

Nuair a thit impireacht na Róimhe bhí go leor achrainn idir aicmí éagsúla sa Spáinn. Tháinig na Moors isteach as Morocco agus faoi thús na h-ochtú aoise bhí an tír uilig faoi smacht acu. Is cosúil go raibh saoirse de chuile chineál sa Spáinn faoi na Moors, go mór mhór saoirse creideamh. Ach tháinig deire lena gcumhacht ag deire na h-ochtú aoise agus tháinig ath-bheochan ar scéal Santiago, nuair a chonaic aoire solas lonrach i ngarraí gar don áit. Is as sin a tháinig de Compostella – Páirc na Réalta.

Dheimhnigh an tEaspag áitiúil go rabhas tagtha ar uaigh Naomh Shéamais faoi Reilig Rómhanach. Thosaigh an cogadh in aghaidh na Moors i ndáiríre ansin, chun an Chríostaíocht a thabhairt arais sa Spáinn. Chun na daoine a spreagadh in aghaidh na Moors úsáideadh íomhá Shéamais ar chapall bán ag gearradh na gcloigne de na Moors. Ón ám sin amach is é Naomh Séamas pátrún na Spáinne. Ón mbliain 1072 amach tháinig borradh agus fás ar an oilithreacht go Santiago nuair a cuireadh deire leis an gcáin bealaigh ar oilithrigh. Lean an fás seo suas go dtí an ceathrú aois déag. Ag an ám céanna tháinig meath ar oilithreachtaí go dtí an Róimh agus Ierusalem. Tá an muirín fós mar shiombal ag oilithreacht Santiago. Concheiros a tugadh ar na daoine a chuaigh go Santiago. Romeros agus Palmers a tugtaí ar an dream a chuaigh go dtí an Róimh agus Ierusalem. Go minic theastaigh cosaint ó na hoilithrigh. Seo é an ceangal a bhí idir na Knights Templar agus an Camino. Níor thaithin an ceangal seo leis na húdaráis sa Róimh. Rinne fórsaí an Phápa Gregory agus arm Rí Philip na Fraince ionsaí orthu. Gabhadh ceannaire na Knights Templar agus go leor de na baill agus cuireadh chun báis iad. Thárla an slad mór seo ar an Aoine, an tríú lá déag. Is as sin a tháinig an tradisiún go bhfuil mí-ádh ar an Aoine, an tríú lá déag.

### As Iorras Aithneach go Santiago

Sa tír seo deich mbliana ó shin is beag a chloisfeá faoin Camino. Tá a dheich n-oiread ag déanamh an turais anois is a bhí ansin. Tá go leor daoine sa tír seo anois a rinne an turas, nó a bhfuil aithne acu ar dhuine a rinne é. Trathnóna amháin agus cúpla baill de Spaisteoirí Iorras Aithneach ag caint tháinig an Camino isteach sa gcómhrá. Dúirt duine eicint, ag magadh, gur cheart dúinn an turas a thriáil. Ba ghearr go raibh an magadh ina dháiríre. Ba é deireadh an scéil gur shocraigh seisear againn tabhairt faoi. Chuamar ag caint le daoine a bhí ann agus fuair muid neart comhairle – an iomarca b'fhéidir. Socraíodh a dhul ann i Meán

# An Camino & Cluain Mhic Nóis




**I bhfad ó bhaile ar shiulóid an Camino sa Spáinn ar an 18ú Meán Fómhair 2013.**

**Taobh amuigh de Ard Eaglais Santiago de Compostella.**
*Ó chlé*: Gearóidín Uí Chlochartaigh, Fionnuara Mierke, Macdara Ó Loideain, Máirtín Bairéad, Joan Bairéad agus Máire Ní Chuirrín.



**I gCluan Mhic Nóis – gasúir as Scoil Mhuire i gCarna ar thuras – Meitheamh 2013.**

Fómhair mar nach mbeadh an aimsir ró-the. Tá dhá bhealach déag uilig go Santiago. Shocraigh muid an píosa deireannach do bhealach na Fraince a dhéanamh. Ocht gcéad km atá san aistir uilig. Shiúil muid-ne céad fiche km i gcúig lá. Chuamar go Santiago ar dtús agus ansin go Sarria, áit inar thosaíomar ag siúl, ar an Aoine an tríú lá déag, tráthúil go leor!


Shiúil muid sé mhíle dhéag an lá sin – ó Sarria go Portomarin. Bhí an cosán go maith, in aghaidh an aird (700m) an chuid is mó den ám, le fána ag teacht isteach go Portomarin. Sé mhíle dhéag arís an dara lá go Palas de Rei, in aghaidh an aird leath an bhealaigh le fána ansin. Sé mhíle dhéagh an chéad la eile le fána go Arzua. Bhí an chuid ba mheasa thart anois, ní raibh ach dhá mhíle dhéag go Pedrouzo agus dhá mhíle dhéag eile go ceann scríbe Dé Máirt. Ar ndóigh ní raibh aon ghantanas cafés má theastaigh greim le n-ithe nó scíth a ligean.

## An ndéanfainn aríst é?

Ceantar feilméarachta a bhí ar an mbealach uilig, beithigh bhainne, iad istigh ón teas nó faoi scáth na gcrann. Ní raibh mórán curadóireachta ann cé is moite de arbhar milis ag fás ar chuile fheilm agus tigín speisialta le é a thriomú. Ag tús an aistir shílfeá go raibh na feirmeacha bocht go maith ach de réir mar theann muid ó thuaidh bhí siad níos rachmasaigh. Bhí lóistí maith againn chuile oíche, Óstáin, Árasáin… agus i Santiago fhéin cliarscoil i ngar den Ollscoil. Chaith muid an Chéadaoin i gcathair álainn Santiago ag siopadóireacht, ag ithe agus ag ól agus ag ligean scíth.

Críochnaíonn an turas in Árd Eaglais Naomh Séamas. Ag dul isteach an doras duit taréis seachtú cúig míle a shiúl, fiafraíonn daoine dhíot céard a mhothaíonn tú. Áthas agus faoiseamh go bhfuil an t-aistir thart. Leis an fhírinne a rá ní bhfuair mé aon mhothúchán spioradálta. Ach caithfidh mé a rá go raibh chuile dhuine a casadh linn fáiltiúil, cineálta, suailceach. B'álainn mar a thug daoine aire dá chéile, go mór mhór ár ngrúpa beag fhéin, ag tabhairt cúnamh agus misneach dá chéile nuair a bhí cuid againn tuirseach, traochta agus ag braith ar tabhairt suas. B'fhéidir go dtugann an oilithreacht amach an ghné is fearr atá i ndaoine.

An ndéanfainn arís é? Ceist mhaith!



# Go New South Wales arís



*Meta Uí Mháille*

Bhí mé roinnt cuarta san Astráil, deireadh na bliana seo caite agus tús na bliana seo go deireanach. Bíonn daoine ag fiafraí díom ar mhaith liom fanacht ann. Den chéad uair ariamh caithfidh mé a rá gur mhaith, sé sin dá mbeinn óg aríst. Ní hé go santaím an ghrian agus an aimsir bhreá chomh mór sin, ná go bhfuil chuile rud chomh hiontach san Astráil, ach tá mé tinn tuirseach ag breathnú ar rudaí ag dul in olcas anseo chuile lá. An pionós atá daoine a fhulaingt agus an dream is cúis leis chomh maith as is a bhí siad ariamh agus chomh saor le éanlaith an aeir. Géarchéim eacnamaíochta, imirce agus dífhostaíocht, an port céanna aríst eile. Rud atá feicithe agam ró-mhinic i rith mo shaoil, cosúil le chuile dhuine de m'aois. Tuismitheoirí a bhfuil eolas maith acu ar bhóthar na himirce, iad fhéin anois ag fágáil slán ag a gclann atá ag tabhairt aghaidh síos an bóthar céanna. Nach muid a bhí seafóideach cúpla bliain ó shin nuair a bhí muid a cheapadh go raibh deireadh go deo leis an imirce. Creidim nach drochrud ann fhéin í an imirce chomh fada is gurb é do rogha fhéin é. Ach nuair a chaitheann duine imeacht mar nach bhfuil aon rogha eile ann, athraíonn sé an scéal ar fad. Tógann sé níos faide orthu socrú, ní ann a bhíonn a gcroí ná atá siad ag iarraidh a bheith. Ní fonn siúil atá ar chuile dhuine den dream óg atá ag imeacht. Nach mór an chailliúint don tír iad agus dá fhaide dhá leanann rudaí mar atá sea is lú seans go bhfillfidh siad abhaile.

Mar sin fhéin ní féidir an locht ar fad a chur ar chúrsaí eacnamaíochta mar bhí daoine ag imeacht tráth a raibh feabhas mór tagtha ar chúrsaí oibre in Éirinn. Bhí ganntan lucht ceirde san Astráil le linn dóibh a bheith ag réiteach do na Cluichí Oilimpeacha agus chuaigh roinnt mhaith Éireannach amach ag obair an uair sin. Cé go dtáinig go leor acu sin ar ais abhaile bhí cuid acu freisin nár tháinig agus a bhfuil baile déanta acu anois dó, ach mar chuile imirceach deireann siad go bhfuil súil acu filleadh abhaile amach anseo.

### Lá' l Pádraigh i Sydney

Nuair a bhí an saol go maith anseo bhain go leor daoine óga tairbhe as an "*holiday working visa*" a bhí ar fáil le bliain a chaitheamh san Astráil. Bhí an *dollar* lag agus bhí siad ag fáil luach maith ar an euro. Chuaigh líon na nÉireannach san Astráil suas de réir a chéile ón mbliain 2000, ach ó 2008 tá sé suntasach an méadú atá tagtha ar an méid Éireannach atá i *Sydney* gan caint ar *Melbourne* agus ar *Perth* go mór mór, áit a bhfuil go leor fir óga ag obair sna mianaigh. Bhí sé le feiceáil ag paráid na Féile Pádraig i Sydney an bánú atá déanta ag an imirce ar an tír seo agus níl ansin ach áit amháin. Bhí na sluaite ann as chuile áit in Éirinn. Bhí sé suntasach an méid comhlachtaí Éireannacha a raibh taispeántas acu sa bparáid i gcomparáid le trí nó ceathair de bhlianta ó shin. Nuair a bhí an pharáid thart chuaigh chuile dhuine go Hyde Park áit ar lean an ceiliúradh ar aghaidh i rith an lae. Bhí neart le n-ithe is le n-ól ann agus bhí an lá go hálainn. Bhí mé ag fiafraí cé chomh tábhachtach is a bhíonn sé duine eicínt ó Rialtas na hÉireann a bheith ag an ócáid. Ní raibh chuile dhuine ar an intinn chéanna faoi. Bhí cuid acu a dúirt go mbíonn sé tábhachtach Aire nó duine eicínt ón Rialtas a bheith i láthair, go mór mór ó tharla an méid sin Éireannach a bheith ag obair i *Sydney*. Bhí dream eile den tuairim nach ndéanann sé difríocht ar bith ar ann nó as iad, mar chomh

luath is a bhíonn na hóráidí thart bíonn bóthar buailte acu agus ní fhaigheann siad deis castáil leo. An t-aon duine ar labhair go leor air, ná ar Éamon Ó Cuív, an bhliain a raibh sé i Sydney Lá'l Pádraig le linn dó a bheith ina Aire. Bhí siad a rá gur chaith sé fhéin agus Bean Uí Chuív cuid mhaith ama ag castáil le daoine agus go ndearna siad iarracht labhairt leis an méid ab fhéidir. Bhí siad an-tógtha le Bean Uí Chuív a raibh an-suim aici cloisteáil faoi chuile ní dhá raibh ar siúl acu. Mar a dúirt muintir Chonamara is lá mór ceiliúradh é agus lá uaigneach freisin. Rinne sé difríocht an deis a fháil le cúpla focal a bheith acu leo. Thug sé ardú croí dóibh a dúirt siad agus chuir sé leis an lá.

**Beagnach 90,000 Éireannach san Astráil.**

Ní stráinséirí iad na hÉireannaigh san Astráil. Is de bhunadh Éireannach 30 - 35% de dhaonra na hAstráile. Sa daonáireamh i 2011 chuir 89,911 duine síos gur in Éirinn a rugadh iad. Sé an briseadh síos a bhí ar sin idir thuaidh agus theas-

Tuaisceart na hÉireann **22,595 duine,** Fir 11,524 Mná 11,071.

Na 26 Contae **67,316 duine,** Fir 36,231, Mná 31,085.

Tugann figiúirí Roinn Inimirce na hAstráile léargas ar an imirce as Éirinn chun na hAstráile ó 2008 go dtí 2012.

Ní raibh an Astráil saor ón gcúlú eacnamaíochta ach ní raibh sí chomh buailte le tíortha eile. Dá bharr d'ardaigh cáin agus chuaigh an costas maireachtála suas. Tá cíos agus praghas tithe agus árasán imithe suas go mór. Cé go raibh tionchar aige seo ar chuile dhuine, siad an dream is mó a bhí buailte an dream a raibh infheistíocht déanta acu i scaireanna agus i scéimeanna pinsin. Níor chuir sé as do chúrsaí oibre an oiread sin is cosúil agus níor tháinig mórán ardú ar an dífhostaíocht. Leanann na hÉireannaigh an obair agus sna cathracha atá go leor acu. Rud amháin, níl siad sáinnithe ag easpa oideachais nuair a thagann sé go dtí postanna, mar a bhí an dream a chuaigh rompu. Tá siad ag obair i chuile chineál gairme. Tá an-mheas ar na hÉireannaigh mar dhaoine macánta a bhfuil scileanna maithe acu agus a oibríonn go crua agus ní bhíonn sé deacair acu obair a fháil. Seo mar a léigh mé in áit eicínt – *(Education and skills of high quality combined with Irish work ethics have been vital ingredients in the success of the Irish in the sun)*. É sin ráite gan an víosa ceart ní bhíonn cead oibre. Is ar an *"Holiday Working Visa"* is mó a théann an dream óg amach agus nuair atá an víosa sin thuas is ar an *"Temporary 457 Sponsored Skills Visa"* is mó a bhíonn éileamh. Ar an sponsor atá tréimhse ama an víosa ag brath ach ní théann sé níos faide ná cheithre bliana. Bhí an víosa seo go mór sa nuacht le linn an toghcháin i mbliana mar gheall ar na hathruithe a rinne an Rialtas ar an

| | | 2008-09 | 2009-10 | 2010-11 | 2011-12 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Víosa Buan (*permanent visa*)** | *(Skilled migration)* | 1,799 | 2,219 | 2,934 | 4,109 |
| **Teaghlaigh** | *(Family migration)* | 701 | 82 | 2766 | 828 |
| **Víosa sealadach** | *(student Visa)* | 350 | 509 | 711 | 645 |
| Tréimhse ama an víosa ag brath ar an gcúrsa. | | | | | |
| **Víosa Gnó** | *(Business long Stay)* | 3,130 | 3,370 | 5,820 | 10,130 |
| Víosa urraithe suas go cheithre bliana. | | | | | |
| **Víosa Saoire agus Oibre** | *(Holiday working visa)* | 22,770 | 14,790 | 21,753 | 25,827 |
| Víosa bliana nó dhá bhliain. | | | | | |

víosa deireadh na bliana seo caite agus aríst tús na bliana seo. Bhí údar leis; theastaigh uathu níos mó de muintir na hAstráile a chur ag obair agus an ráta dífhostaíochta a laghdú. Níl baol ar bith nach gcuirfidh na hathruithe agus cuid de na coinníollacha as d'iarrthóirí áirithe. Leaids a bhí ag obair i dtionscal na tógála nach raibh cúrsaí traenála déanta acu anseo in Éirinn nó nár éirigh leo cúrsaí printíseachta a chríochnú, go mór mór leictreoirí agus pluiméirí, gan an Teastas Ceirde beidh sé deacair acu víosa a fháil. Tá an Roinn Inimirce i bhfad níos géire ó thaobh an eolais a bhíonn uathu ná mar a bhíodh agus tá costas sách mór ag baint leis an víosa. Ar an láimh eile, tá coinníoll a thugann cosaint d'oibrí faoin víosa 457. Beidh dualgas ar fhostóirí ráta pá atá leagtha síos a íoc le oibrí atá urraithe acu.

**Bondi Beach...ach tá constaicí ann freisin**

Rud eile nach dtuigeann daoine, nó b'fhéidir nach gcuireann siad ceist faoi, daoine , agus go mór mór teaghlaigh, a théann amach ar an víosa 457 níl siad i dteideal *medicare* agus má tá gasúir in aois scoile acu bíonn orthu íoc as oideachas. Gan víosa buan nó saoránacht, tá seirbhísí go leor nach bhfuil daoine ina dteideal. Bíonn an dara bliain le fáil ar an *"Holiday Working Visa"* ach a bheith faoi thríocha bliain d'aois agus trí mhí a chaitheamh amuigh faoin tír ag feirmeoireacht nó ag piocadh torthaí i gceantair iargúlta. Obair sách crua agus bíonn an teas go dona ag brath ar an am den bhliain agus ar an taobh den tír ina mbíonn siad. Chaith mé píosa de sheachtain roinnt blianta ó shin ar fheirm i Victoria. Cé go raibh an áit go hálainn, fuair mé fíor-iargúlta é. Is dócha ach an oiread le áit nach í an fheirmeoireacht is fearr leis na hAstrálaigh óga. Bhí bean an tí ag clamhsán go raibh an bheirt mhac imithe ag taisteal san Eoraip agus nach raibh breathnú siar acu ar an bhfeirm agus a raibh le déanamh. Ní ró-shásta a bhí sí ach oiread faoi na deontais talmhaíochta atá á bhfáil ag feirmeoirí i dtíortha an AE, níl aon deontas mar sin ag feirmeoirí na hAstráile.

Ba áit mhór leis na seanÉireannaigh "Bondi": bhíodh go leor acu ina gcónaí ann fadó. Tá an tarraingt chéanna aige ar na hÉireannaigh inniu. Ní bhíonn siad sásta gan píosa a chaitheamh ann. Bíonn chuile dhuine ag caint ar *"Bondi Beach"* ach tá tránna i bhfad níos deise timpeall an chósta nach mbíonn chomh pacáilte le daoine. Ainneoin a bhfeiceann muid sna meáin scaití faoi na hÉireannaigh i *mBondi*, ní sa *"Cock and Bull"* ná sna *"Tea Gardens"* a bhíonn mórán acu. Tá an saol sóisialta agus caitheamh aimsire atá acu an-difriúil. Tá tionchar ag an aimsir ar sin agus eagraítear imeachtaí go leor taobh amuigh. Déanann siad go leor taistil, téann siad ag campáil go minic agus ar ndóigh bíonn siad ag imirt peile agus iománaíochta agus cá mbeadh siad gan an ceol. Bíonn Brian Ó Mainnín as Ros Muc ag ceol tráthnóna Dé Domhnaigh i *"Durty Nelly's"*, áit a dtéann muintir Chonamara le haghaidh deoch.



**Briain Ó Mainnín –**
Mac le Tommy Khate agus a bhean – as Ros Muc ag casadh ceoil i Sydney.

Lena bhfuil d'Éireannaigh i *Sydney* tá sé riachtanach go mbeadh seirbhís eolais agus tacaíochta ar fáil dóibh agus tá mé cinnte in áiteacha eile san Astráil freisin. I gcás éigeandála tá Consalacht nó Ambasáid na hÉireann ann ach fíos a bheith agat cá bhfuil siad. Beidh daoine i gcónaí a mbeidh eolas agus cabhair ag teastáil uathu go mór mór ag an tús maidir le obair, lóistín srl. Tá Éireannaigh ag déanamh a ndícheall seirbhís eicínt a chur ar fáil ach teastaíonn tacaíocht agus ba chóir go mbeadh an Rialtas anseo ag cur na tacaíochta sin ar fáil. Deireann muintir Chonamara go mbeadh siad caillte gan Raidió na Gaeltachta; coinníonn sé i dtiúin iad lena mbíonn ag tarlú ag baile ó lá go lá.

**Súil siar ar an saol atá caite – san Astráil**

Tá sé dhá chéad fiche cúig bliain ó leag an chéad Éireannach cois san Astráil agus bhí láimh acu i múnlú na hAstráile ariamh ó shin. An dream a d'imigh le linn an Ghorta Mhóir, fir, mná, páistí agus dílleachtaí bhí siad ar an dream ab ísle stádas mar gheall ar a gcultúr, a dteanga agus a gcreideamh. D'oibrigh siad go crua agus tá lorg a láimhe le feiceáil ansin i gcónaí. Bhain an dream a tháinig ina ndiaidh aitheantas agus stádas amach dóibh fhéin agus bhí siad gníomhach i gcúrsaí polaitíochta, baincéireachta agus san Eaglais Chaitliceach.

Bhí daoránaigh Éireannacha ar an gcéad chabhlach, an *'' First Fleet''*, a d'fág Portsmouth i Sasana ar an 13 Bealtaine 1787 agus a shroich *Botany Bay, New South Wales* ar an 26 Eanair 1788. Chuir siad i dtír i *Port Jackson,* an áit ar a dtugtar Sydney anois, tar éis seacht mí a bheith caite acu ar farraige agus chuireadar fúthú sna Rocks i dtithe déanta as fóid, timpeall na háite a bhfuil an Sydney Harbour Bridge. Ba go New South Wales a chuaigh an líon ba mhó de na daoránaigh Éireannacha. I 1791 sea sheol an chéad bhád le daoránaigh díreach as Éirinn. Lean sé seo ar aghaidh ar feadh breis agus trí scóir bhlianta. Sí an *"Pheobe Dunbar"* an bád deireadh a d'fhág as Éirinn in 1853 le daoránaigh a thabhairt go hIarthar na hAstráile. Sna blianta sin cuireadh 26,500 Éireannach go *New South Wales.*

Ar an mbád deireadh a sheol as Sasana, an "*Hougoumont*", sa mbliain 1868 bhí trí scóir agus triúr de na Fininí a bhí i bpríosúin i Sasana. Cuireadh go leor Éireannach eile a d'éirigh amach i gcoinne dhlí Shasana amach freisin i rith na mblianta. Bhíodh an-fhaitíos ag na póilíní rompu. Cuireadh amach faoin tír iad in áiteacha iargúlta ag déanamh bóithre agus ag obair i gcairéil. Ach níor stop sé sin iad ó bheith ag déanamh ionsaí ar na póilíní agus crochadh go leor acu. Bhíodh daoine eile ar na báid freisin, paisinéirí a d'íoc a mbealach fhéin, dream a shantaigh saol nua sa domhan nua, lucht airgid ar tugadh talamh saor in aisce dóibh agus a raibh cead acu foireann oibre a phiocadh as na daoránaigh le dhul ag sclábhaíocht dóibh. Cé gur daoradh go leor lena saol, ba tréimhsí príosúin ó sheacht mbliana go dtí cheithre bliana déag is mó a bhíodh i gceist agus nuair a bhí sé sin déanta, bhí siad saor le saol nua a dhéanamh dóibh fhéin agus bhí siad in ann talamh a fháil. Leis an obair sin is mó a chuaigh na hÉireannaigh. Lean mná agus clann amach na fir. Feiceann tú feirmeacha agus bailte amach faoin tír atá ainmnithe i ndiaidh contae nó baile eicínt in Éirinn. láthair mhór tionsclaíochta anois é *Botany Bay*. Tá áiteacha a bhaineann leis an ré sin caomhnaithe. Tá *Port Arthur* i *Tasmania* nó *Van Diemen's Land* ar an gceann is mó cáil. I *Sydney* tá an *Hyde Park Barracks*. Tógadh an beairic do na *convicts* agus idir 1819 agus 1848 chaith 15,000 fear tréimhse dá saol ansin.

Le linn an Ghorta Mhóir chuaigh seachtú cúig míle Éireannach chun na hAstráile. Caibideal náireach i stair na hAstráile a bhaineann leis an tréimhse sin ná Scéim an *Earl Grey* 1848 – 1850. Bhí ganntan ban san Astráil agus faoin scéim cuireadh ar imirce breis is cheithre mhíle mná óga idir cheithre bliana déag agus scór blianta d'aois, dílleachtaí a bhí i dtithe na mbocht anseo in Éirinn. Chuaigh cuid acu go Melbourne, Adelaide, Brisbane agus go Sydney. San Hyde



**I Sydney i bhfad ó bhaile i mbliana –**
*Ar chlé*: Tomás Ó Máille as an nGabhlán (gar do Dhoire Iorrais), ar dheis tá a deirfiúr Sibéal agus sa lár a n-athair, Michael.

Park Barracks i Sydney a bhí breis is dhá mhíle acu, ''*The Irish Orphan Girls*'' mar a tugadh orthu. Ba shin é an áit ar chaith siad tamall nó go mbeadh socruithe eile déanta dóibh. Ba imircigh a bhí iontu agus ní daoránaigh ach ní dhearna sé sin mórán difríochta. Pósadh le feirmeoirí, le mianadóirí, le póilíní agus le saighdiúirí iad. Bhí saol crua acu ag iarraidh a bheith ag tógáil clainne i mbailte mianadóireachta agus ar fheirmeacha i gceantair fhiáine iargúlta. Fuair go leor acu bás go hóg. Híreáileadh cuid acu mar chailíní aimsire ag tabhairt aire do ghasúir agus ag déanamh obair tí do lucht gnó agus airgid. Bhí an Beairic le leagan roinnt blianta ó shin ach chuir sliocht na ''*Irish Orphan Girls*'' ina choinne agus réitíodh mar Mhúsaem é. Tá an *Barracks Museum* ar an áit is fearr a bhfuil stair agus eolas le fáil ar shaol na convicts agus na n-imirceach Éireannach a chuaigh go *New South Wales*. Dearadh spás spéisialta sa músaem i gcomhair chomóradh céad go leith bliain an Ghorta Mhóir. Mar chuid de tá leac chuimhneacháin do na ''*Irish Orphan Girls*'' ar a bhfuil cheithre chéad ainm as na líostaí ina bhfuil ainm 4,114 cailín a cuireadh chun na hAstráile. Tógadh leac chuimhneacháin, an ''*Famine Rock*'', i Melbourne ina gcuimhne freisin. Tar éis a teacht ar ór i *Ballarat, Bendigo, Castlemaine* agus áiteacha eile, tháinig 1.5 milliún imirceach chun na hÁstráile idir 1830 agus 1900 le dul ag obair sna mianaigh. Ba Éireannaigh an ceathrú cuid acu. Ba triúr Éireannach, Paddy Hannan, Thomas Flanagan agus David O'Shea a d'aimsigh an mianach óir i *Kalgoorlie* i 1890, an mianach óir is mó san Astráil. Le roinnt blianta anois arís tá na hÉireannaigh ag mianadóireacht i *Kalgoorlie* agus i mianaigh i réigúin eile san Astráil. Bhí scéimanna éagsúla eile ann freisin thar na blianta. Chuaigh go leor Éireannach amach as Sasana sna caogadaí agus sna seascaidí ar víosa na deich bpunt mar a tugtaí air. San am sin fhéin ní raibh an saol ró-mhaith san Astráil ag imircigh. Ní raibh an tsaoirse ná na deiseanna oibre ann atá ag na hÉireannaigh inniu.

Cé go bhfuil stair thragóideach ag baint le saol na n-imirceach ba mheasa go mór an bhail a cuireadh ar bhundúchasaigh na hAstráile. Déanadh sléacht orthu. An méid acu a mhair chaill said a gcearta, a saoirse agus a slí mhaireachtála agus is le blianta beaga anuas atá siad ag fáil aon aitheantas. Ba bhreá a fheiceáil luaite nach iad na hÉireannaigh ba mheasa do na bundúchasaigh. Bhí caidreamh maith idir iad is cosúil. Daoine cliste ealaíonta a bhfuil creideamh agus cultúr saibhir acu iad na

bundúchasaigh. Bíonn an-tóir ag turasóirí ar a gcuid saothar ealaíona agus ar a gcuid ceoil. Cé go bhfuil deis níos fearr acu anois ó thaobh oideachais agus oibre, agus go bhfuil ag éirí go maith le go leor acu, fós fhéin tá dífhostaíocht ard agus drochshláinte ar chuid de na fadhbanna atá acu, gan trácht ar an dearcadh diúltach atá ag formhór an phobail orthu. Sa daonáireamh i 2011, 3% den daonra a lua gur bundúchasaigh iad. Ceaptar go bhfuil sé níos airde ná sin mar go gcreideann siad gur míbhuntáiste dóíbh a admháil gur bundúchasaigh iad.

### Na laochra móra Éireannacha

Sé Ned Kelly an laoch is mó san Astráil. Rugadh é i 1855 i **Victoria**. Ba *convict* a bhí ina athair John Kelly agus Ellen Quinn a bhí ar a mháthair. Tá scéalta go leor faoi eachtraí Ned Kelly i chuile áit san Astráil. *Bushranger* a bhíodh ag robáil agus ag goid beithíoch agus caorach le cabhrú leis na daoine bochta nach raibh tada acu, a mhuintír fhéin ina measc. Tá dánta agus amhráin cumtha faoi Ned Kelly agus leabhra scríofa faoi. Bhíodh na póilíní i gcónaí ina dhiaidh. Crochadh i Melbourne é sa mbliain 1880. Frítheadh a thaisí i bpríosún Pentridge i 2011.

I *New South Wales* sé Michael Dwyer an laoch mór a bhí ag na Gaeil. An réabhlóidí a bhí páirteach in éirí amach 1798 agus a cuireadh lena shaol go dtí an *penal colony i Botany Bay*. Shroich sé fhéin, a bhean agus beirt dá gclann Port Jackson i 1806 ar an mbád an "*Tellicherry*" agus glacadh leis mar shaor-lonnaitheoir. Fuair sé 100 acra talún san áit a bhfuil cathair Liverpool anois agus chuir sé leis sin nó go raibh breis is sé chéad acra aige. Fuair comrádaí leis talamh san áit chéanna. Is iomaí rud a raibh plé aige leis; bhí bialann agus teach ósta aige, an "*Harrow Inn*". Chaith sé tamall sna póilíní i *Liverpool* mar phríomhchonstábla. Gabhadh é, chaith sé bliain i *Van Diemen's Land*. Tháinig sé abhaile go hÉirinn agus thug sé an ceathrar clainne a bhí fágtha le gaolta ar ais leis. Bhí sé an-ghníomhach i bpobal Caitliceach *New South Wales*. Thug sé síntiús deich bpunt do chiste tógála Ardeaglais Mhuire i Sydney. Cháill sé a raibh aige agus chaith sé bliain i bpríosún i Sydney mar nach raibh sé in ann a chuid fiacha a íoc. Bhris ar a shláinte sa bpríosún agus cailleadh é sa mbliain 1825 agus cuireadh i *Liverpool* é. I 1878 shocraigh a gharmhac John Dwyer, Déan ar Ardeaglais Mhuire, a thaisí a aistriú go Reilig *Devonshire* i *Sydney*, san áit a bhfuil *Central Station* anois. D'eagraíodh an club sóisialta Éireannach "*The Shamrock Club*" oilithreacht bhliantúil go dtína uaigh. I 1898 socraíodh an Reilig a dhúnadh. An bhliain chéanna bhí comóradh céad bliain éirí amach 1798 le ceiliúradh. Shocraigh an pobal Éireannach go gcaithfí áit fheiliúnach a fháil do thaisí an "*Wicklow Chief*" mar a tugtaí air. Bunaíodh coiste agus ceannaíodh uaigh i Reilig *Waverley* taobh le Bondi ós cíonn na farraige ar leathchéad punt. Aistríodh taisí Mhichael Dwyer agus a bhean Mary go Reilig Waverley ar an 22 Bealtaine 1898. Bhí an tsochraíd ar an ócáid ba mhó a facthas ariamh sa tír. Bhí cheithre chéad cóiste agus thart ar dheich míle duine sa mhórshiúl i ndiaidh na sochraíde ó Ardeaglais Mhuire go *Waverley* agus na sluaite ar thaobh na sráide feadh an bhealaigh. Socraíodh dhá mhíle punt a chaitheamh ar leacht le cur ar an uaigh, airgead mór in 1898. Bunaíodh coistí i chuile áit ar fud na hAstráile agus sa Nua-Shéalainn leis an airgead a bhailiú. Tá an leacht, atá déanta as marmar, naoi méadar ar fad agus seacht méadar ar leithead agus ós a chíonn sin tá crois Cheilteach atá naoi méadar ar airde. Tógadh an leacht sa mbliain 1900. Scríofa ar íochtar na croise tá – *In loving memory of all who dared and suffered for Ireland in 1798. Pray for the souls of Michael Dwyer the "Wicklow Chief" and Mary his wife, whose remains are interred in this vault.* Tá an leacht clúdaithe le ainmneacha na laochra ar fad a fuair bás ar son na hÉireann. Tá píosaí í nGaeilge, sa seanchló freisin, ar an leacht, ceann acu, "Go saoraidh Dia Éire". Tá leac eile ann ar a bhfuil ainmneacha an dreama a fuair bás ar an stailc ocrais i dtuaisceart na hÉireann. Tagann daoine ó áiteacha ar fud an domhain ar cuairt ar an áit seo.

# Coranna an tSaoil



**Maitias O Cathasaigh as Mainis –**
athair Chóilín Mhaitiais Uí Chathasaigh – tógálaí bád agus fear ceirde.



**Máire agus Colm O hUaithnín as an Más.**
Caitlín Ní Chathasaigh-Uí Chlochartaigh as Mainis a thug na pictiúir. A sean-mhuintir.



**Eileen Hayes - iníon le Molly Cooke-Hayes.**
Chuaigh a hathair as ais go Tiobrad Arainn nuair a cailleadh a bhean, Molly.
(Tuilleadh futhu sa leabhar seo).



**Molly Cooke as Cill Chiaráin.**
Bhí sí pósta ag Seán Hayes, múinteoir i Muighros. Bhásaigh sí an-óg….23.


# Fir, Mná, Gasúr & Saighdiúr



**Catherine Phádraig Antaine agus a fear Tadhg Joe Bhairbre Ó Maoilchiaráin as Mainis.**



**Jackie Connolly as Mainis in arm Mheiriceá.**



**Uncaileacha iad seo le Joe Josie (Mac an Iomaire) as Coill Sáile…Peter Chóil deartháir a athar ar chlé agus Colm O' Donnell as Coill Sáile – deartháir a mháthar ina shuí. As Sasana a chuadar go Chicago i 1948 agus is cosúil gur bh'shin é an t-am ar tógadh an pictiúr.**




**Seán Hayes (a bhí pósta ag Molly Cooke as as Cill Chiaráin) agus a iníon Eileen i 1927.** Bhásaigh a bhean Molly i 1927. Tá tuilleadh pictiúir a bhainann leis san leabhar seo.

# C.L.G.
# Carna/Caiseal

Cuireann an cumann áitiúil foirne idirmhéanach agus soirear chun páirce i rith na bliana.  Freisin i gcóir le cumann Peil na bPiarsaigh Rosmuc cuirtear chuig foirne faoi aois idir 11 agus 15 bliana d'aois. Cuirtear treanail ar na foirne seo faoi scáth an dá chunamm.

Buíochas tacaíocht an phobal ó thaobh ceannacht lotto's agus chuile chunadh eile i rith na bliana

# Clifden Mart Clifden
# Co. Galway



**Weekly sales of cattle and sheep every Friday**



**Sales of Connemara Ponies take place in February, May, August and October.**

**All enquiries tel: 095-21861**

# Connemara Gaels

## Buaiteoirí Peil Shinshir-Boston 2013



***Ar chúl, ó chlé*:** Steven King (Cloch na Rón), Martin Flaherty (Sraith Salach), Noel Andrew Graham (Uíbh Fhailí), Kevin McGrath (Laois), Steven Murray (Boston), Ronan Burke (Corafín), Damien Comer (Annach Cuain), Lee Cullen (Fear Manach), Ryan Hyde (Fear Manach), Che Cullen (Fear Manach), Colman Ó Maoilchiaráin (Carna Caiseal), James Ó Domhnaill (Leitir Móir), Jack Purcell (Cill Dara), Conor Sullivan (Sraith Salach) & Kevin Clancy (Bainisteoir - Uachtar Ard).

***Chun tosaigh, ó chlé*:** Kevin Cox (Tír Eoghan), Eóin Ó Conghaile (Leitir Móir), Niall McGuire (Fear Manach), Kevin Owens (Tír Eoghan), Robbie Kiely (Tiobrad Arainn), Tommy MacDonnchadha (Leitir Móir), Damian Doolan (Ciarraí), Seán Ó Conghaile (Caiptín – Na Piarsaigh, Ros Muc), Pat McNicholas (Maigh Eo), Michael Lundy (Corafín), Ciarán Ó Laoi (An Spideál), & Ciarán Lowe (Maigh Eo).

# Spleodar na hÓige



**Foireann peile faoi-14 Carna/an Chaisil – Na Piarsaigh a bhua Sraith Chomórtas an Iarthair sa rannóg "B" i mbliana. Fuair siad an ceann is fear ar an gClochán sa gcluiche ceannais ar Pháirc na bPiarsach i Ros Muc. Tá triúr den dream a bhí ag breathnú i ndiaidh na fóirne sa bpictiúr seo leo: Tomás Ó hAllmhúráin, Seán Ó Cathasaigh agus Máirtín Ó Clochartaigh.**

Ar chúl: Máirtín Ó Clochartaigh.
***An dara line, ó chlé:*** Ciarán Ó Niadh, Kevin Ó Ceallaigh, Liam Mac Donncha, Michael Coleman Ó Flatharta, Declan Ó Mathúna, Calum Ó hUiginn, Kevin Ó Súilleabháin, Liam Ó Críodháin, Pól Ó Gríofa, Máirtín Ó Cualáin, Tomás Ó hAllmhúráin & Seán Ó Cathasaigh.
***An triú line (ó chúl an phictiúir), ó chlé:*** Eoin Ó Tuathail, Sumir Cryat, Tony Ó Fallúin, Rónán Ó Flatharta, Aengus Mac Donnchadha, Dara Ó Flatharta, Thomas Halloran, Máirtín Ó Clochartaigh, Mac Dara Ó Coileáin agus Eoin Mac Giolla Phádraig.
***Chun tosaigh:*** Dara Ó Cualáin agus Jeaic Ó Cualáin.



**Lá Luchchleasaíochta na hÓige sa bPlantation i gCarna - 16 Meitheamh 2013.**

# Lá Spóirt ~ Bealtaine, 2013



**Scoláirí Scoil Phobail Mhic Dara a bhuaigh boinn ag Lá Spóirt na Scoile - Bealtaine 2013.**



**Scoláirí na séú bliana ag an Lá Spóirt –**
*Ó chlé:* Murilla de Búrca, Sorcha Nic an Ríogh, Jessica Ní Chatháin, Bairbre Ní Ghaora, Aileen Ní Churrín, Breandán Ó hIarnáin, Cathy Ní Dhonnchadha, Fíona Bhreathnach.
*Chun tosaigh:* Páraic Mac Cormaic agus Máire Ní hEighnigh.

# Ceiliúradh deich mbliana i dTeach Altranais Charna



Bronntanais do mhuintir Mheiriceá. Sally Uí Chathasaigh ar chlé ag bronnadh bláthanna ar Janice Furlong (McDonough) agus an Dr Micheál Ó Cathasaigh ag bronnadh macasamhail do bhád seoil ar an Ollamh John McDonough as Ollscoil Harvard.



Bronntanais don Seanadóir Margaret Craven. Sally Uí Chathasaigh ar chlé agus an Dr. Micheál Ó Cathasaigh sa lár. Margaret Craven ar dheis.

# Muintir Ghabhla....



An teacht le chéile d'iar scoláirí Scoil Bharr Linnín - 6/7/2013



Mairéad Uí Chadhain as Gabhla ar chlé atá ós cionn 90 bliain d'aois - an t-aon nduine de thuismitheoirí ghasúir scoile Bharr Linnín ón tsean aimsir atá fanta anois. In éineacht léi anseo tá Máirín Heffron – Máirín Ní Chaonaigh (Máirín John Mhicil) as Gabhla a chuaigh go Meiriceá i 1956 agus a bhí tagtha ar ais chuig an teacht le chéile.

# Lúnasa-31-2013 – Socrú Cinniúnach sa Teach Bán



Sé Denis McDonough an ceathrú duine ó dheis sa bpictiúr seo – a lámh faoina smig aige. Sé Denis McDonough, a mba as an Aird Thiar a athair mór (Willie McDonough) an Ceann Fóirne sa Teach Bán, ceann de na postanna is cumhachtaigh i Washington. 'Speáineann an t-alt seo thíos an mhuinín a bhí ag an Uachtarán Obama as McDonough le linn géarchéim na Siria i mbliana. Sa bpictiúr seo  ag cruinniú práinne sa Teach Bán – an tUachtarán Obama agus a chul leis an gceamara..ansin, an Leas Uachtarán, Joe Bidin (carbhat gorm), an Rúnaí Stáit John Kerry, an Rúnaí Cosanta Chuck Hagel, an Ceann Fóirne Denis McDonough agus daoine fior-shinsireach eile i rialtas agus in arm Mheiriceá.

---

**President Barack Obama meets with his national security advisers in the White House Situation Room on Saturday to discuss strategy in Syria. Chief of Staff Denis McDonough is fourth from right.**

**By Chuck Todd, NBC News Chief White House Correspondent**

A stroll around the White House grounds with his top adviser on Friday evening changed President Barack Obama's mind about getting Congress to sign off on a military strike in Syria, senior White House officials told NBC News.


Obama had been leaning toward attacking Syria without a congressional vote for the past week, the officials said. Obama was convinced he had the evidence to back up a strike and as a result dispatched Secretary of State John Kerry to make a passionate case for U.S. action. But only hours after Kerry called Syrian President Bashar al-Assad "a thug and a murderer" and accused his regime of using chemical weapons to kill 1,429 people, Obama changed his mind as he walked across the South Lawn with Chief of Staff Denis McDonough, the officials said.

Returning from that walk, the president called his advisers in the early evening to inform them of his new decision.

# Debs Charna - 2013



Ó chlé: Baba Ní Ghaora, Bairbre Ní Ghaora, Tomás Ó Conaire & Caitlín Uí Chonaire.



Murella de Búrca & Seán Ó Cathasaigh.



Thomas Ó Conaire & Fiona Bhreathnach.

# Na mná ag tabhairt an 'sway' leo!




**Foireann bhuacach Cisphéile Charna 2013**
*Líne cúil ó chlé*: Niamh Ní Conghaile, Barbara Ní Chonaola, Pauline Úi Mhurchú, Tríona Ní Chualáin, Sinéad Bhreathnach, Joe Neachtain (Bainisteoir).
*Chun tosaigh ó chlé*: Noreen Bhreathnach, Máire Ní Chonbhuí, Brenda Ní Mhaoilchiaráin, Fiona Ní Chualáin, Dolores Uí Mhadaoin.



**Triúr deirfiúr in éineacht le Ray Darcy – an craoltóir- ag an rása 5 km. i gCathair na Mart.**
*Ó chlé*: Siobhán Ní Chaonaigh (san Astráil anois), Ray Darcy, Pauline Uí Mhurchú (Gabhla) agus Dolores Uí Mhadaoin (Cill Chiaráin).

IRELAND

COMHAR CREIDMHEASA CAISEAL CONAMARA

CASHEL-CONNEMARA CREDIT UNION LTD

TEACH AN ÚDARÁIS
CARNA

AMANTA OSCAILTE
4pm to 7pm
DÉARDAOIN


TEILEAFÓN
AN CAISEAL 095-31128
AN CLOCHÁN 095-21101
IASACHT UAIT?
FÁN GAR GO BHAILE LEIS AN gCOMHAR CREIDMHEASA

CATERENT

FURNITURE AND CATERING EQUIPMENT HIRE

5a Racecourse Business Park
Ballybrit
Galway
Tel: - 091 771744
Fax: - 091 771745
Website: www.caterent.ie
Email: caterent@eircom.net

# An Saol mar a bhíodh



Seo pictiúir ó chartlann Ghael Linn.  I 1959 a tógadh an pictiúr.  Sin í Scoil na hAirde soir uait agus cnoc an Choillín níos faide soir. Bhíodh tionscail ghlasraí ag Gael Linn san Aird an uair sin.  Níl a fhios again cé hiad na fir a bhí ag lánú.  Bhféidir go mbeadh eolas ag duine eicint agaibh ar na fir seo a rinne an cur agus an lánú ós cinn 50 bliain ó shin.

# An Aimsir Chaite
## - cuimhní cinn as Carna

*Pádraic Ó Gaora*

Cuide de 'dummer' na seanaoise creidim, gur fearr an chuimhne atá ag duine ar shaol a óige ná ar an méid a tharla inné. Bíodh is gur fhág mé an baile i gCarna in aois mo scór blianta níor fhág Carna riamh mé - eachtraí beaga fánacha agus an cineál saoil a fheictear dom a chleachtaití is mé in mo bhuta beag ag fás aníos ag tuile agus ag trá i m'intinn más i mo chodladh nó mo dhúiseacht dom, ainmneacha daoine agus a gcrann ginealaigh ag teacht ina rabhartaí orm amanntaí as pócaí chúl m'intinne.

Deir dochtúirí meabhrach gur aclaíocht bhisiúil d'intinn an tseanóra a thabhairt d'fhaisean duit féin féachaint le píosa filíochta a bhí imithe ó mheabhair ort a thabhairt chun cuimhne, crosfhocail na bpáipéar nuaíochta a dhéanamh, sloinnte na ngasúr a bhí in aon rang leat fadó a bhreacadh síos, cluichí cártaí a imirt más cúig fichead nó deich fichead é nó aon chineál aclaíochta intinne eile den tsórt sin a choinneodh an intinn aibí agus a choiscfeadh uirthi a dhul chun fáin.

Más mar sin atá b'fhéidir nár mhiste dom a dhul siar go dtí mo laethantaí scoile agus de dhéanta na fírinne níorbh iad na laethantaí scoile ach na laethantaí nach mbíodh aon scoil ann i rith an tsamhraidh, faoi Nollaig, nó faoi Cháisc is mó a thaitníodh liom. Bhí tamall ann agus mé sa gcéad nó sa dara rang a cheap mé go raibh mo chuid scolaíochta thart. B'in é nuair a dhún Scoil a' Mháistir den uair dheireanach is chuaigh Dara Pheaits Bhreathnaigh a bhí mar mháistir againn, i mbun scoile taobh thiar den Chlochán. Nuair nach raibh aon chaint ar mháistir nua cuireadh mé fhéin is Joe 'un na scoile i Muighinis chuig Hugh Phádraic Rua Ó Dónaill agus Bríd Heneghan. D'fhanfadh muid Tí Choilimín Sheáin Bairéad, uncail mo mháthair, ó Luan go hAoine agus shíl muid go mbeadh 'an-time' go deo againn. B'fhéidir nach raibh muid thar chupla seachtain ar deoraíocht i Muighinis nuair a shocraigh an Sagart Paráiste, Fr. Corcoran agus Siúracha na Trócaire gur comhscoil a bheadh i Scoil a' Chonvent feasta agus gur ann a bheadh an beagán lads a bhí ag dul chuig Scoil a' Mháistir nó go mbeidis ag éirí as.

Ba ghearr ansin dúinn gur baineadh as ár gcleachtadh muid agus gur cuireadh faoi ndeara dhúinn go raibh Sr. Teresa níos máistriúla ná aon mháistir a bhí againn go dtí sin. Bhí tinreamh maith idir bhuachaillí is chailíní faoi stiúir na mban rialta anois. Thugadh cigirí na Roinne Oideachais deá-theist ar chaighdeán na múinteoireachta agus níor mhinic le gasúir a dhul ag 'mite-seáil' ná fanacht sa mbaile. Scrúdaíodh an Gárda Colm Ó Direáin leabhar na rollaí uair sa mbliain. Dhíríodh sé suas é fhéin chuile orlach dá shé troighthe agus cupla orlach, a ordóg i slabhra na feadóige aige a bhíodh ag chuile Gharda an t-am sin agus bhagraíodh "Letterfrack" ar ghasúir 'dána'. Is minic ó shin a chuimhním ar fheabhas na scolaíochta a roinn Sr. Teresa, Sr. Michael, Sr. Alyosius, Sr. Consilio agus Sr. Pius ina ndiaidh sin arís leis na gasúir a tháinig faoina n-anáil agus beidh Carna buíoch dóibh go deo. Is iomú comaoin a chuir na mná rialta céanna ar Charna lena gcuid múinteoireachta agus le gníomhartha carthanachta, grá-diamhara eile nach mbeidh fios ar a leath go deo. Corr-ghasúr a d'fhág an scoil sin nach raibh in ann léamh is comhaireamh.

### Páidreacha agus peil

Ní raibh caint ar fhónannaí póca, texteáil, tweeteáil, e-phost, ríomh-phost ná tada den tsórt sin na blianta sin. Ní raibh thar thrí fón ar an mbaile - ceann i mbeairic na ngárdaí, ceann ag an dochtúir agus ar ndóigh ceann i dTeach a' Phosta a bhí Ti Chloherty an t-am sin agus Peig Cloherty ina bhun. Ba ghnaoiúil an bhean í Peig agus foighid an domhain mhóir aici ag freastal ar shean-phinsinéaraí agus lucht 'dole' gan trácht ar dhaoine a dteastaíodh uathu glaoch ar dhaoine muinteartha i bhfad ó

bhaile nó ar "an vet" nach raibh níos gaire ná an Clochán. Bhíodh uirthi glaoch ar an malartán (an t-exchange) le glaoch a dhéanamh agus chaití fanacht go nglaodh an malartán ar ais agus ansin chluinfeá Peig ag rá leis an gcustaiméara "Fan nóiméad anois, a stór, and I'll put you through". Thugadh sí ciumhais na leathanaigh stampaí dhúinn amannaí le caoi a chur ar ár leabhra scoile. Bhí sí diaganta agus chluinfeá í ag freagairt amach na bpaidreacha os cionn chuile dhuine eile i Teach a' Phobail.

Ach mura raibh bealaí nua caitheamh aimsire againn níor fhág sin gan ár mbealaí féin againn. Ag bualdh deiseannaí ag am "out-to-play" ar scoil taobh theas den Hall Nua san áit a bhfuil seomra tionóil na meánscoile inniu nó ag imirt sa gcriathrach taobh thuaidh den bhóthar mar a bhfuil na titheabhaí nua a thóg Jackie Dowd. Amanntaí ag fiach coiníní i Ruisín a' Mhullagáin nó in íochtar baile. Amanntaí ag caitheamh leis an mbob nó ag imirt liathróid láimhe in aghaidh binn an tí nó in aghaidh chomhla gharáiste an bhus. Amanntaí eile fós ag éisteacht le Mícheál O'Hehir ag cur a chraicinn de ag cur síos ar chluichí móra peile agus iománaíochta ar an gcorr-raidio a bhí ar an mbaile an t-am sin ach dáiríre b'é "an plantation" croílár an aicsin ar an mbaile le mo linn. B'aoibhinn an caitheamh aimsire é ag bualadh báire sa bplantation tráthnóntaí breátha samhraidh agus go háithrid ar an Domhnach tar éis an dara haifreann nó go dtéadh an ghrian faoi ar chúl Chnoc a' Choillín - an pháirc fúthu fhéin ag na leads mhóra agus muide gasúir ag ciceáil na liathróide ar ais de réir mar a théadh sí idir na cuaillí nó "ar foraoil".

Ní bhíodh aon fhoireann cheart pheile i gCarna na blianta sin i dtús na gcaogadaí agus ba mhór an job cúig feara déag a chur ar páirc le himirt i gcomórtas an Mhongan Cup, an t-aon chomórtas peile a mbactaí leis sa taobh sin den chontae ag an am. Dhéanadh daoine áithrid a míle dícheall an cluiche peile a choinneáil ó dhul i léig ar fad. Cuimhním le cion ar leithéidí Mhichael Ó Maoilchiaráin (Michael Nóra), Joe Ó Uaithnín (Joe Phaitín Pheaitsín) agus a dheartháir Máirtín, Máirtín Ó Cadhanaigh (Máirtín Mheachair), Val Ó Loideáin (Val Joe Choilm Liam), Seosamh Mac a'Rí (Joe Joe 'n tSaoir), Máirtín Crean, Éamon Ó Conaola (Eddie Bheartle), Mikey Valín Chóilín Ó Gaora, Eddie Chualáin agus Pakie Ó Briain. Bhíodh laethantaí ann a gcaití glaoch ar dhuine nó beirt isteach den bhóthar le foireann a líonadh - chuirfí duine acu sa gcúl agus ba chuma cá gcuirfi an duine eile. D'fheabhsaigh an scéal go mór le teacht an Ghárda Gerry Sheahan go Carna. Luigh sé fhéin, Pádraic Ó Cosgardha, Seán Ó Ceoinín agus Mac Dara Ó Loideáin agus duine nó beirt eile isteach ar shuim na hóige a mhúscailt sa gcluiche. D'éirigh thar barr leo in achar gearr. Thosaigh scoileanna an pharáiste ag buachadh cluichi i gComórtas na Scoileanna agus ba mhór an cúnamh agus an eiseamláir dóibh an peileadóir cáiliúil Gaillimheach, Christy Tyrell a theacht ag múineadh sa gCeardscoil agus ag tabhairt láimh chúnta leis an traenáil. Is de thoradh a n-iarrachtaí siúd go bhfuil foireann rathúil pheile agus páirc bhreá imeartha ar an mbaile inniu.

## Feis agus Seo na gCapall

Bhíodh Feis Bhliantúil agus árdán le haghaidh comórtais amhránaíochta, scéalaíochta, damhsa agus uirlísí ceoil sa gceann thiar-theas den phlantation. Thagadh maithe móra na Gaeilge, leithéidí an tSeanadóra Liam Ó Buachalla, Seán Ó Dochartaigh, an tAthair Eiric Mac Fhinn, Colm Ó Gaora (Ros Muc), Críostóir Mac Aonghusa agus Josie Mongan agus chuirtí ina suí ar an árdán iad. Thugadh duine nó beirt acu óráidí ag comhairliu don phobal fanacht dílis don Ghaeilge agus dá gcultúr Gaelach agus go mbeadh "Eire fós ag Cáit Ní Dhuibhir". Athraíodh an Fheis Mhór go dtí foscadh chúl "An Hall" mar a thabharfaí feasta ar Theach Scoile an Mháistir agus is ann a bhíodh sí go ceann blianta ina dhiaidh sin. Bhíodh Lá Spóirt againn sa bplantation uair sa mbliain freisin - rásaí cos, caitheamh léim fhada is léim airde, caitheamh cloch ghualainn agus cloch neart agus comórtas peile 7 a' taobh corr-uair. Hireáiltí fear as Gaillimh a raibh Fallon air a raibh uirlís challaireachta aige le coisithe agus iarrthóirí a chur ar a n-aire agus na buaiteoirí a fhógairt. Bhíodh an-cháil ar Seó Chapaillíní Chonamara a bhíodh sa bpáirc seo freisin lá den tsaol. Sé mo ghéarchuimhne an uair dheireanacha a bhí sé ann, i 1947 nó 1948 sílim, ach pé ar bith cén t-údar a bhí leis socraíodh an Seó a thabhairt ar iasacht don Chlochán bliain amháin agus tá faitíos orm go mba é iasacht an roilligh faoin snámh é mar gur sa gClochán a d'fhan an Seó riamh ó shin.

Ba mhór le rá iad na laethantaí pátrúin. Bhíodh aonach mór i gCill Chiaráin Lá'l Ciarán, an 9ú Meán Fómhair agus b'fhéidir go ligfí soir thú dá mbeifeá

in do bhuachaill maith nó b'fhéidir le beithíoch nó dhó a sheoladh soir. Thugadh an seandream cuairt ar an tobar ar thaobh an chnoic agus deireadh na paidreacha a bhíodh cóiriúil don ócáid. Scaoilfí siar tú freisin Lá'l Mhic Dara, an 16ú Iúil dá mbeadh an mhóin bainte agus cruachta ar bóthar. Thugadh bádóirí daoine chun an oileáin agus déarfaí paidreacha timpeall an tséipéilín agus leaba an naoimh. Bhíodh rásaí currachaí i gCuan Bhéal a' Mhása agus geallta báid seoil siar timpeall Chruach na Caoille. Le blianta anuas léitear aifreann le binn thoir an tséipilín. Bhíodh aeraíocht agus rásaí cos i gcomharsanacht chéibh an Mhása agus bhíodh rása trasna tíre acu a mbíodh snámh trasna go dtí an Áird Thiar agus ar ais mar chuid de. Bhí ól ar díol ann agus chloisfeá cúrsaí fir mhaithe, sáraíocht agus 'darreáil' (daring) ann agus fir nach raibh éirí ina seasamh iontu ach ar éigin ag cur gothaí troda orthu fhéin nuair a d'éirídis bogthaí le titim an tráthnóna. B'annamh nach mbuailtí corr-dhorna ach b'in a raibh ann.

Bhí an eaglais tréan sa bparáiste sna blianta ar a bhfuilim ag trácht. Bhí creideamh na ndaoine láidir. Bhíodh dhá aifreann ar an Domhnach agus an lá saoire. Bhíodh an Páidrín Páirteach agus Benediction ann ag a sé a chlog Dé Domhnaigh agus bhuailtí 'bell' Fháilte an Aingil ag meánlae agus arís ag a sé tráthnóna. Bhí cónaí ar an Sagart Paráiste i dteach mór dhá stór in aice na háite a bhfuil an Teach Banaltrais anois. Bhí geata mór iarainn ar an mbóithrín isteach go dtí é ón mbóthar mór agus casán siar leis an bhfarraige taobh theas. Ba teach é a mbíodh drugall ar dhaoine a thaobhachtáil aimsir Fr. Corcoran. Éinne a mbíodh gnaithe aige dhe le páipéir a shighneáil, teastais beireatais a fháil nó aifreann a chur á rá, choinnítí ar leic an dorais é cuma cén chaoi a bhíodh ar an aimsir. Bhí teach eile dó fhéin ag an séiplíneach nó "An Sagart Óg" mar a thugadh muid air agus séiplíneach eile i gCill Chiaráin le breathnú i ndiaidh an taobh sin den pharáiste. Inniu is ar an Sagart Paráiste, an Athair Pádraic Standúin a thiteann an t-ualach uilig.

## Peacaí agus poitín

Ar an rud ar a dtugadh sé "ocáid an pheaca", ar phurgadóir, ar limbó agus ar ifreann, ar ndóigh, mar a mbeadh ar anamacha na marbh ar a raibh peaca marfach an tsíorraíocht a chur isteach á loscadh agus ag á ndó, is mó a chaintíodh Fr. Corcoran ina chuid seanmóirí. Bhí samhail den tsíorraíocht aige a chuireadh faitíos a n-anama ar dhaoine a thugadh aon áird air. "Samhlaigh" a deireadh sé "duine a ghabhfadh ag comhaireamh chuile ghráinne gainnimh ar dhumhach Mhuighinse agus bliain a chur in aghaidh chuile ghráinne riamh ann, nach mbeadh an tsíorraíocht fós tosaithe faoin am go mbeadh chuile ghráinne comhairthe aige". Dia idir sinn is an anachain!

Mórán nach é an port céanna a bhíodh ag sagairt Ord an tSlánaitheora a thugadh misean seachtaine i gCarna uair ins gach ceathair nó cúig de bhlianta. Bhíodh Teach a' Phobail lán go doras chuile thráthnóna agus seanmóir speisialta do na mná tráthnóna Déardaoin. Shílfeá ag éisteach leo amannaí nach raibh aithne deich n-aitheanta Dé ba mhó ná an séú aithne agus car fhág tú duine de shagairt an oird, An tAthair Ó Conaola as Árainn a chuir deireadh le déanamh an phoitín sa taobh thoir den pharáiste, má b'fhíor dó fhéin. Deireadh sé go bhfaca sé an diabhal i gcosúlacht giorria bán ag teitheadh as tine chnáimh de stileanna a d'ordaigh sé do lucht déanta poitín a dhéanamh i gclós Theach Pobail Chill Chiaráin. Má chonaic muis, níorbh é an t-achar ab fhaide gur fhill an giorria céanna! Thagadh mangairí earraí naofa i dteannta an mhisin. Leagaidis amach a gcuid stállaí feadh scúnsa Theach a' Phobail. Dhíolaidis pictiúir bheannaithe, páidríní, damhachanna uisce coisrithe agus cártaí beaga beannaithe ar a mbíodh paidreacha ( i mBéarla, ar ndóigh) le haghaidh chuile ócáid.

Ba é nós na linne "*stations*" mar a thugtaí orthu a bheith i dteach áithrid bliain amháin agus i dteach eile an bhliain dar gcionn. Ó bhí mé fhéin in mo fhriothálaí aifrinn theighinn amach leis an sagart corr-uair go dtí teach na "*stations*". Lá mór do mhuintir an tí sin a bhíodh ann - an teach péinteáilte más le haol nó 'distemper' é; glanta piocthaí timpeall an tí agus gainnimh nua curtha ar an mbóthar isteach. Thugadh mná na comharsanachta anchúnamh.

Bheadh go leor bácála déanta agus cácaí mílse curtha i leataobh ar phlátaí móra le haghaidh an fhéasta nuair a bheadh an t-aifreann thart. Ba é gnaithe fhear a' tí suas le troigh airde a chur ar bhord na cisteanaí a bheadh mar altóir le haghaidh an aifrinn. Chuirtí togha an línéadaigh ar an mbord, crois chéasta ina lár, coinneal ar chaon taobh dhe agus juigín beag fíor-uisce ar an taobh. Bhíodh na

giúirléidí naofa eile a bhí riachtanach don aifreann i gcása ag an sagart. Shuíodh an sagart ar chathaoir ag éisteacht faoistine i gcoirnéal thiar ag an doras dúnta ar feadh tamaill - fir agus mná ag cogarnaíl leis an sagart agus ag cur ualach dá gcroí, go leor acu nach dtaobhódh aon tsagart arís go dtí na chéad "*stations*" eile. Nuair a bhíodh an tAifreann thart agus an Chomaoineach Naofa tugtha amach thugtaí an sagart agus an friothálaí go dtí an párlús ar chúl na cisteanaí le haghaidh a mbricfeasta agus tabhair bricfeasta air - neart arán baile, cácaí mílse, oráistí, *jelly* agus tae láidir. D'fhágtaí 'envelope' ar an taobhphláta don tsagart agus b'fhéidir go gcuirfí leathchoróinn nó níos mó i mbois an fhreastalaí ar a bhealach amach.

Choinníodh daoine an carghas chomh maith is d'fhéadfaidis, feadh an chéad chúpla seachtain ar aon nós. Níorbh é carghas an lae inniu é. Thagadh litir charghais ón Ard-Easpag i dTuaim a bhíodh chomh fada is go gcaitheadh an sagart í a thabhairt ina píosaí ó Dhomhnach go Domhnach. An méid únsaí a bhí ceadaithe do dhuine a ithe in aghaidh an lae sula bhfághfadh sé smál ar a anam, is mó a chuireadh imní ar dhaoine - an oiread seo unsaí le do bhricfeasta, beagán le cois le do dhinnéar agus níos lú arís leis an tae beag. Bhí cosc ar phóstaí lena linn. Ní bhuailfí 'bell' Theach a' Phobail. Ba shárú ar spiorad an charghais 'timeannaí', ceol ná pléaráca a bheith i dtitheabhaí. Ba gheall le peaca aon phléisiúr a bhainfí as an saol lena linn. Bhí leorghníomh le déanamh as mianta na colna agus peacaí an pharáiste gan trácht ar pheacaí an domhain. Bhíodh Turas na Croise againn ar an Aoine agus deasghnátha dubhacha eile le cois Aoine an Chéasta. Ba lá é sin nach ndéantaí aon bhuille oibre.

Féilte sollúnta eile a bhíodh i Lá Muire Mhór sa bhFómhar nuair a bhíodh "procession" na naomh-shacraiminte againn ó Theach a' Phobail go dtí Séipéal an Chlochair, Lá na Naomh Uile ar an gcéad lá de Shamhain agus Lá na Marbh an lá dar gcionn. B'in é an lá a raibh loghanna iomlána agus neamhiomlána le gnóthachtáil as cuairt a thabhairt ar Theach a' Phobail agus "Ár nAthair..." trí "Sé do Bheatha..." agus "Glór don Athair...." a rá ar chuile chuairt. Shaorfaí anamacha as purgadóir nó as limbó de réir an méid cuairteanna a thabharfá agus mura raibh anam fágthaí thíos tar éis na gcuairteanna sin, ní lá fós é.

## Fataí agus féar

Obair shéasúrach is mó a bhíodh ar dhaoine agus mise beag. Théití sa trá i dtús an earraigh ag baint fheamaine le haghaidh leasú fataí.Tommie Clancy, fear an *Department* i gCill Chiaráin a roinneadh amach na fataí síl ar shráid Tí Mhaic - an oiread seo céadta meáchan de réir 'permits' a bhíodh faighte ag daoine agus an corr-mhála fábhair anseo is ansiúd freisin. Kerr's Pink agus Aran Banners an dá chineál fata síl is mó a mbíodh tóir orthu.

Níor thúisce na fataí curtha ná bhíodh móin le baint. Bhí straidhp mhóna i nDutholla ag muintir Charna agus an Oileáin Máisean. Go Troiscín in aice an Chnoc Buí a bhíodh ar mhuintir Mhuighinse a dhul. Bhíodh anró mór ag gabhail leis an mhóin chéanna - á baint, á triomú, á gróigeadh, á cur ar bóthar le hasail is cléibh agus á cruachadh.

Lá mór a bhíodh i lá thabhairt na móna abhaile agus bhí togha na gcarraeraí sna bailte le haghaidh na hoibre sin - Joe Pheadair Shíodúch Ó Guairim, Cóilín Mhic Dara Mhicil Liam Ó Loideáin, Pádraic Chóilín Bhríd Mhurchadha Ó hIarnáin i Ruisín na Mainíoch, Pat Mhichael Mhaitiú Ó Maoilchiaráin i Muighinis, Pádraic Sheáin Dhiarmuid Ó Conaola ar an gCoillín, Cól Val Uí Ghaora i Leitir Deiscirt, Pat Joe Nóra Mac Donnchadha i Muighiorras agus tuilleadh nach dtugaim chun cuimhne anois. Chluinfeá daoine á gcur i gcomórtas le chéile - cé acu carraera is airde a bhí in ann maológ a chur, chúig fhód, sé fhód agus mar sin de. Níor chuala mé riamh cé dhó a tugadh an 'sway' agus b'fhéidir gur fearr mar sin é.

Gleorán bodhar a fhanann liom fós sea 'clip clap' acastóra na gcarranaí capall ag casaoid leis na rothaí ag teacht chugam ar an ngaoith ar bhóthar garbh, caochpholltach an phortaigh. Bhíodh a dhá oiread oibre ar mhuintir an Oileáin Máisean. Bhí an mhóin le tabhairt den phortach go dtí céibh Theach na Scoile, le cur ar bord na mbád seoil, le caitheamh amach ar chéibh an Airchín agus le tabhairt abhaile ón gceann thiar go dtí an ceann thoir den oileán. Ní raibh radharc faoin domhain ab áille ná An Caper faoi lánseoil ag fágáil céibh Theach na Scoile le lucht móna, Joe Mhaitiais Uí Chathasaigh ag rúpáil le láinéir is le scóid, Beartle Mharcaisín Ó Clochartaigh á gabhail agus An Caper ag luí chuige nó go nglanfadh sí Inis Srathair agus ag imeacht as amharc de réir a chéile. Bhí féar le baint is le sábháilt.

"Faobhar" a deirtí " a bhaineann féar". Chluinfeá spealadóirí i bhfad uait ag cur faobhair le cloch fhaobhair agus cloch ghorm. Bhí an féar le croitheadh, le n-iompó, le croitheadh agus le n-iompó aríst eile, le racáil agus le cocadh. Ba mhinic daoine ag coimhlint leis an aimsir le haghaidh na hoibre sin, ag déanamh an oiread is a d'fhéadtaí idir dhá mhúr. Amanntaí nuair a bhíodh aimsir an-bhriste ann thugadh Fr. Corcoran cead a dhul i mbun sábháilt an fhéir ar an Domhnach.

Lá mór eile a bhíodh i lá cur an fhéir ar iothlainn. Ba ghnách le Muintir Mhoran agus Muintir Chloherty meitheal a bheith acu le haghaidh na hoibre sin. Ar charranaí capaill nó carrannaí asail fhéin a thugtaí an féar óna garrantaí go dtí an iothlainn agus d'iompraití ualaigh féir ar an droim freisin dá mbeadh an iothlainn gar do láthair. Thugadh muide gasúir cúnamh, nó cheapadh muid go dtugadh ach b'fhéidir gurb é an dinnéar breá agus an tae beag a d'fhaigheadh an mheitheal is mó a shantaigh muid. Bhí ceird ar dhéanamh na gcocaí móra san iothlainn. Chaití an talamh a shocrú, sailteachaí adhmaid nó clocha a leagan síos ionas nach dteagmhódh an féar leis an bhfliuchán. Bhí fear ar an mbaile a bhí an-deisiúil ar chóiriú na gcocaí móra iothlainne. Ní raibh bualadh Chóilín Choilmín Sáiltín Ó Cualáin ann. Théadh sé timpeall na gcocaí le racán agus píce ag racáil, ag deasú agus ag biorrú ionas nach mbíodh bun-sop isteach ná barr-shop amach nuair a bhíodh sé réidh.

D'fhuailtí málaí garbh 'bran', minchoirce nó minbhuí ina chéile, cheanglaítí ruaigín rua nó súgán de cheithre choirnéal na málaí agus d'ardaítí le pící ar mhullach na gcocaí iad lena ndíonú ar an aimsir. Cheanglaití cloch nó meáchan de na ruaigíní nó de na súgáin leis an gcosaint a choinneáil i gcóir. Bheadh beithigh sách i rith an gheimhridh a bhí ar an mbealach!

## Díospóireacht sráide!

Bhí reáchtáil Chomhdháil Chomhchaidreamh na nOllscoileanna i gCarna i samhradh na bliana 1952 ar cheann de na hócáidí ba mhó a raibh tionchar aige ar shaol reidhchúiseach na mbailte timpeall le mo linnsa, ná b'fhéidir ó shin. As an gComhchaidreamh céanna a d'fhás Gael Linn an eagraíocht is mó a shaothraigh ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge agus na Gaeltachta sna blianta sin. Bhí Ceannasaí Ghael Linn, Dónal Ó Móráin, an Leas-Cheannasaí, Roibeárd Mac Góráin agus maithe móra eile na heagraíochta ar an gComhdháil sin i gCárna. Thugadar suntas den drochbhail a bhí ar an saol sa gcomharsanacht. Dhéanfaidis a ndícheall an saol sin a fheabhsú agus ní le cainnt ná le geallúintí follamh é ach le gníomh. Le cúnamh na scilleachaí a bhailíodh gniomhairí Ghael Linn ar fud na tíre bunaíodh monarcha mear-reo torthaí agus éisc san Áird Thoir. Cuireadh báid mhaithe iascaigh a raibh innill díosail iontu ar fáil d'iascairí an cheantair agus cuireadh togha amhránaithe na dúiche, Joe Éinniú agus Seán 'ac Donnchadha in aithne don phobal mór nuair a d'fhoilsigh Gael Linn roinnt dá gcuid amhráin ar cheirníní 75. Mar a deirim, thug Gael Linn misneach agus uchtach do phobal a bhí in ísle brí agus tite go mór in éadóchas ag an am.

Máirtín Ó Cadhain a bhí ar dhuine de stíurthóirí Ghael Linn ag an am a thug léacht an Chomhchaidrimh an bhliain sin a raibh an chomhdháil i gCarna. Ní ar ábhar an léachta sa Hall is mó atá cuimhne agam ach ar an léachtóir é fhéin. Ba léir go raibh tamall caite Tí Mhaic ag Máirtín sula ndeachaigh sé dá shiúl anoir ag déanamh ar láthair a léachta. Bhuail sé bleid ar Phaddy Phetir (Ó Cualáin), an fear sluasaide nó an '*surfaceman*" ar an mbealach agus thug sé caidéis don obair a bhí air, faoi mar a bheadh sé ag piocadh ar Phaddy nó ag tarraingt as. Spréach Paddy agus deir daoine a chuaigh eatarthu nár chualadar aon phíosa sáraíochta ná scabhlaeireachta riamh mar a chualadar an lá sin. Nach é an truaí deacrach nach mbeadh sé ar taifead i gcúinne eicint?

## An 'Hall' agus spraoí na hoíche.

Is iomú leas a baineadh as "An Hall". Bhunaigh an séiplíneach, Fr. McLoughlin, Pat Mór Mac Donncha agus innealtóir de shloinne Clune a bhí ag obair ar Dhroichead Choill Sáile club Badminton sa Hall agus chaitheadh muid uaireanaí a chloig ag imirt ann oícheantai fada geimhridh. Bhíodh ranganna oíche ann a d'eagraigh Coiste Gairm Oideachais na Gaillimhe. Thugadh Miko Sally Ó Flaitheartaigh ón gCeathrú Rua ranganna adhmadóireachta agus líníochta ann agus mhúineadh Paddy Laffey as Baile Chláir na Gaillimhe eolaíocht agus 'sums'. Ina ndiaidh sin arís thugadh Pádraic Ó Maoilchiaráin as Camus agus Tomáisín Sally Ó Flaitheartaigh ón gCeathrú Rua ranganna Gaeilge, tír eolais agus drámaíochta ann. Tháinig borradh mór faoin drámaíocht ar an mbaile sna blianta sin agus chuirtí

isteach ar fhéilte drámaíochta an Oireachtais i mBaile Átha Cliath agus ar Fhéilte Náisiúnta i dTobar a' Choire agus in Áth Luain.

Ar na Céilithe Móra a bhíodh sa Hall is fearr a bheas cuimhne ag go leor. Hireáiltí bannai ceoil cáiliúla le haghaidh na gcéilithe seo a bhíodh ann oícheantaí Lá'l Pádraic, Dhomhnach Cásga agus Lá'l Stiofáin. Thagadh bannaí ceoil Aughrim Slopes, Tulla Céilí Band agus Leitrim Céilí Band ag casadh ann. Thugadh mo mháthair tae agus greim le n-ithe do na bannaí seo roimh agus i ndiaidh na gcéilithe agus ba mhinic leo seisiún ceoil a bheith acu sa teach go dtí deireanach san oíche. Sa teach againn is túisce a chuala mé an boscadóir cáiliúil Joe Burke ó bhanna ceoil Liatroma agus gan é mórán le cois ocht mbliana déag ag an am.

Bhíodh an-réiteach ar mhná óga an bhaile le haghaidh na gcéilithe seo. Thagadh cailíní aitheantais 'un an tí againn le barr maise a chur orthu féin agus mo dheirfiúr Máirín a thabhairt leo ag an gcéilí. Theidís go dtí seomra ar chúl an staighre ag sciotaíl is ag gáirí agus á ndeasú fhéin faoi chomhair na hoíche móire a bhí rompu. Bhí bord gléasta nó 'bureau' sa seomra sin a raibh scathán air agus sciathán ar chaon taobh de a bhféadfá an ribe a bhí ar chúl do chinn a chóiriú chomh maith leis an nglib a bhí ar do bhaithis. Ní raibh fabhraí bréige, 'gloss' , 'shadow' ná 'liner' sa bhfaisean an t-am sin ach go deimhin bhí púdar, 'perfume' agus spré ann. D'fhágadh na mná óga an teach ag gabhail dá dtóin anáirde ag déanamh ar an gcéilí agus d'fhágaidis púir spré ina ndiaidh a d'fhanadh sa teach i bhfad ina ndiaidh. Choinníodh an sagart óg a bhíodh ar an doras sa Hall súil orthu siúd ag teacht isteach agus súil níos géire ar chúplaí a bhíodh ag iarraidh éaló amach sula mbeadh an céilí thart. Bhaintí an-spraoi as an oíche mhór agus bheadh sé mar ábhar cainte ag an dream óg arís go ceann seachtainí ina dhiaidh. Bhítí ag cogarnaíl faoi cé chuaigh "in éindigh" leis seo nó léi siúd agus gan bhuíochas den tsagart ba mhinic gur in iothlainn Mhoran, i scioból Nelly Lydon, i ngarage an Nurse nó ar chúl chomhla mhór Mhongáin a chaitheadh cúplaí cúinneála agus cúirtéireachta an oíche as sin go maidin.

Bhí athrú mór ag teacht ar an saol tamall sular fhág mé an baile. Bhi réidhchúis agus támáilteacht na ndaoine ag athrú, féin-mhuinín agus dearfacht ag teacht ina n-áit. Bhí lá an tseáil mhóir, an bhrait bráide agus na sciortaí fada geall le bheith imithe agus corr-fhear a bhfeicfeá treabhsar bréidín ceanneasna, veist ná bróga móra táirní air feasta. Ní chniotáilfí geansaí, ná ní dhearnáilfí stoca. Stocaí síoda a chaithfí feasta agus bheadh deireadh go deo le gairtéalacha. Tháinig an "Honda" in áit an rothair agus an carr in áit an "Honda" ar ball. Bhí, mar a déarfá, an "New Look" i réim i gCarna agus an mhuintir óg ag fáil an oideachais agus a seans sa saol a d'fhág chomh maith as iad le háit ar bith eile sa tir.

## Mo bhaile dúchais go deo

Thug ar mballraíocht sa gComhphobal Eorpach agus san Aontas Eorpach ina dhiaidh sin a chuid athruithe fhéin leis. Ní bhlifí aon bhó feasta. Bhí deireadh le déanamh maistreadh. Ní thabharfaí buicéad don laoi ach é scaoileadh leis an mbó. Ní thabharfaí bó chuig an tarbh ach "an tarbh" chuig an mbó (i gcarr!). Ní chuirfí aon fhata mura mbeadh corriomaire ann. Gheobhfadh feilméaraí íocaíocht as talamh curadóireachta a fhágáil bán - éadáil as díomhaointeas, má thograíonn tú. Thiocfadh chuile riachtanas ar leoraí feasta - fataí leoraí, bainne leoraí agus riachtanais eile den tsórt sin. B'fhéidir gur fearr mar sin e?

Maidir leis an mbaile fhéin, tá go leor faoi a d'fheabhsaigh agus tuilleadh feictear dom a chuaigh ar gcúl. Tá aimsir na scoilteachaí cois tine nó sa gcailleach imithe agus an-chóir leighis le fáil ag seanóirí i ndeireadh a saoil thiar sa Teach Banaltrais nua; tá poitigéir ann anois le piollaí agus buidéil leighis a dháileadh ar dhaoine tinn; tá togha an '*dispensary*' ann agus an-dochtúir ina bhun agus páirc imeartha den scoth nach bhfuil aon drugall ar Mhac Dara Naofa a ainm a bheith luaite léi; is áit bhreá le fanacht é Óstán Chuan Charna agus tá seibhís chaoin, chneasta á thabhairt ag Teach Tórraimh na Mylottes. Ach tá rud eicínt in easnamh. Mantach go maith atá an tsráidbhaile ó Chrosbhóthar Dirrane go dtí an t-óstán. Suarach go maith a bhreathnaíonn Beairic na nGardaí le hais na beairice a bhí ann lá den tsaol - beairic bhreá nárbh fhiú le héinne ach le Michael Cloherty cur in aghaidh a leagan. Poll dorcha atá in áit sheanteach na cúirte agus comhla mhór Mhongáin. Cúngaíofh an bóthar siar in áit é a leathnú, ionas gur contúirt a dhul á shiúl anois.

Breathnaíonn Teach a' Phobail chomh breá is bhí sé riamh, cóir bhreá air taobh istigh is taobh amuigh ach faraor, an clós ina thimpeall mar a bhuailfeadh '*bomb*' é. Tá "an hall" mar a dúirt an file ina "fhothrach follamh gan áird" ó dhó scabhtaeraí é. Chreideadh daoine fadó gur chuma cá gcaitheadh an diabhal an lá gur i gCaladh Fhiainse a chaitheadh sé an oíche. Is léir gur theann sé anoir píosa ó shin! Tá leath de chéibh theach na scoile titithe amach sa bhfarraige agus gan slánú i ndán di de réir cosúlachta. Tuilleann Carna agus an dúiche mórthimpeall níos fearr agus nach gcaithfeá fiafraigh céard atá ag Carna de thoradh na bpolaiteoirí móra, cumhachtacha a raibh cónaí orthu ar an mbaile tráth?

Ach sé mo Charna i gcónaí é, an baile inar chaith mé blianta m'óige i measc comhluadar gnaíúil, suailceach. Is ann agus sna bailte timpeall a chuala mé togha na gcainteoirí, na gceoltóirí, na n-amhránaithe agus na seanchaithe - daoine agus saol a mhúnlaigh mé agus a chothaigh mé sa ngairm bheatha a bhí i ndán dom ar ball. Tá mé buíoch do Charna agus beidh go deo.


**Satellite TV - - CCTV Systems - - Oil Boiler Servicing**





**Tommy Stephen**
Rusheen na Managh
Carna, Connemara, Co. Galway
Tel: 087 280 7137
Email : tsbreathnach@gmail.cor




Satellite TV Systems (Sky Agent) - Installation & Servicing
CCTV Systems - Installation & Servicing Oil Boiler Servicing
Expert advise and all work guaranteed. What we sell, we service.

***Cludadh Ar Fud Chonamara.***



Quotations for wiring lights in attics and sheds
Security cameras to suit all budgets
FIREBIRD approved and emission tested.
Saorview Combo Boxes come with 2 year Warranty
***3 Year Warranty on all CCTV cameras systems***
*Fibreglass Satellite dishes available no more rust problems 3 year warranty.*
*Saorview Approved TV aerials installation available*



WiFi in aisce

**Teach Ósta**
**Tigh Mhóráin**




Carna,
Conamara,
Co. na Gaillimhe.
095-32570

Comhluadar breá

Spóirt agus Spraoí
Ó Peter Fitzpatrick
***Nollag Shona do mo chuid Cuistaiméirí ar fad.***



**Clifden Supply Centre.**
**Galway Road, Clifden, Connemara.**
---------------------------------------------------
**We supply all types of building materials – plumbing, electrical, fencing, gates etc…the Supply Centre supplies it.**

**Our supply lorry goes to your site or your door.**
---------------------------------
**Tá eolas againn ar an mbóthar chomh fada leatsa mar is fada muid ag dul go Carna, Cill Chiarain agus síos ó dheas.**

***Bíodh Nollaig Mhaith agaibh uilig.***

**Teileafón…(095) 21476 no 21449. Fax…(095) 21877.**
**E Mail: clifdensupply@eircom.net**




**Pictiúr a thóg an t-ealaíontóir Yvonne King as Cloch na Rón ar oileán Chruach na Caoile.**
**“Once upon a Home” an teideal a thug sí ar.**



**Pat Pháidín Bháin (Ó hUaithnín) as Mainis agus a bhean, Nóra.**

# Ómós do James Berry



*Seosamh Ó Cuaig*

Tá sé thar am againn in Iorras Aithneach ómós a chaitheamh le scríbhneoir spéisiúil a chaith formhór a shaoil sa bparóiste. Sin é James Berry, údar an leabhair "Tales of the West of Ireland". Dá mbeadh scríbhneoir mar é i bparóistí eile in Éirinn is fadó a bheadh Scoil Shamhraidh bunaithe ar a chliú agus ar a cháil.

Colúnaí agus tuairisceoir ag nuachtáin éagsúla a bhí in James Berry, go háithrid nuachtáin Mhaigh Eo, a chontae dúchais.

Náisiúnach a bhí ann a rinne a chuid i gCogadh na Talún agus a sheas go láidir i gcónaí leis an gcosmhuintir. Sa mbliain 1880 nuair a bhí sé ina ghorta aríst sa taobh seo tháinig long fóirthinte isteach go Cuan Chill Chiaráin le beatha agus le soláthairtí. Ba iad James Berry agus an Sagart Paróiste a roinn an lucht ar na daoine. Bhí an dara mac a bhí ag an mBainríon Victoria, an Duke of Edinburgh, ar an mbád agus chuaigh James chun cainte leis. Más náisiúnach dílis féin a bhí sa mBéarach b'fhacthas dhó gur duine laethúil go maith a bhí sa Diúc. Sin é a dúirt sé i litir a scríobh sé go dtína dheirfiúr i Meiriceá. Tá cóipeanna den litir sin sa bpobal seo fós.

An lá faoi dheireadh bhí mé ag dul trí sheanpháipéir nuachta agus thug mé faoi deara gur foilsíodh alt le Helena Berry faoina hathair sa mbliain 1963. Beidh cuimhne ag cuid de léitheoirí na hirise seo ar Helena. Fuair sí aois mhór. In iris a bhaineann le Cluain Cearbán , "An Choinneal" a bhí an t-alt. Bhí baint mhór ag an Athair Leon Ó Mórcháin, a bhí seal ina Shagart Paróiste i Ros Muc , le foilsiú na hirise seo. Ar aon bhealach chuaigh mé ar a tóir. Ghlaoigh mé ar an leabharlannaí i gCaisleán an Bharraigh, fear groíúil go deimhin. Taobh istigh de chúpla lá bhí cóip den alt curtha aige chugam.

Mhínigh Helena gur i mBun Abhann, Cluain Cearbán, a rugadh a hathair sa mbliain 1842. Bhí uncail aige, an tAthair Ned Ó Máille, fear a fuair a chuid oideachais i Salamanca. Col ceathrair a bhi sa sagart seo le Ardeaspag Thuama, an Dr. Mc Evilly. Rinneadh Sagart Paróiste Charna den Athair Ned agus thugadh James Berry cuairt air i gCarna. Ar chuairt acu sin thug sé faoi deara cailín óg as Maínis, Sarah Greene. Ní raibh sí ach chúig bhliana déag agus ní raibh seisean ach ocht mbliana déag. Chaithfeadh sé go raibh rud eicínt á fheiceáil dhó, dúirt Helena, mar dúirt sé go leathmhagúil le cara leis gur mhaith leis an cailín sin a fheiceáil nuair a bheadh sí ina bean. Deich mbliana dár gcionn phósadar. I Maínis agus i gCarna a chónaigh siad agus dúirt Helena go raibh siad go domhain i ngrá le chéile chuile lá riamh. Ní raibh rud ar bith ab fhearr leis féin, a dúirt sí, ná a bheith ina shuí cois na tine san oíche, ag cur síos ar Mhaigh Eo, ag léamh scéalta as an mBíobla nó ag casadh an amhráin ab ansa leis, "Ar Long Seo Pheaidí Loinsigh".

Bhí an oiread cloiste ag bean Mhaínse sa deireadh faoi Mhaigh Eo agus go mór mór

faoi Chluain Cearbán, gur mhaith léi a dhul ann go bhfeicfeadh sí féin é. B'fhada leisean go dtabharfadh sé ann í freisin. Maidin amháin d'fhág siad Maínis agus d'imigh leo ar chapall, ise cúlóg. Ní dhearna siad stad ná cónaí gur shroich siad Cluain Cearbán. Ba shin turas 50 míle agus gan ach cosán garbh an chuid ba mhó den bhealach.

Nuair a fágadh máthair James Berry léi féin thug siad go Carna í. "She died there after a few years and was buried in Mynish cemetery," dúirt Helena. "My father and mother are with her, awaiting the resurrection. (R.I.P.).


**EOLAS BREISE:**

**Dúirt Diarmaid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú sa tsraith beatháisnéisí a d'fhoilsigh siad gur seisear iníonacha agus cúigear mac a bhí ag James Berry agus ag a bhean. Dúirt siad freisin gur phós duine acu, Margaret, Henry Carey, peeler as Glinnte Aontrama agus go raibh mac leosan, Hugo Carey, ar fhoireann na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann sa bpeil i 1934.**

**Ar ndóigh tá eolas maith again ar fad faoin gcuid eile dá mhuintir a bhí agus atá sa bpobal seo.**

**Na haistí atá sa leabhar "Tales of the West of Ireland" foilsíodh i dtosach iad sa "Mayo News" 1910-1913. Sa mbliain 1966 a tháinig siad amach ina leabhar. Dúirt Berry féin gur ó bhéalaithris na ndaoine a scríobh sé na scéalta. Dúirt daoine eile gurbh é féin a chum an chuid ba mhó acu . Seans maith go raibh roinnt den dá rud i gceist.**




Abbey
School of Motoring
GALWAY CITY AND COUNTY
Own Car / School Car
DIR Qualified Driver
All test routes covered
Car available for test
Dual Control Car
Block Bookings Available
Nervous Beginners
Welcome
Gift vouchers Available...
DIR IAM MSAI ADI
Manual & Automatic Car
Tel: 091 59 20 40
Mobile : 087 769 9222
Email: info@abbeydrivingschool.com


The Clifden Furniture Store
Hulk Street, Clifden, Co. Galway
info@clifdenfurniture.ie
095-21600 087-9174838
Contact: Tom Conneely
FREE DELIVERY
Years of Experience and Excellence
Kitchen and Dining
Bedroom
Sitting Room
Office
Electrical
Nollag Shona agus go n-éirí an bhliain nua libh uilig

# Dónal Josie Electrical

~All electrical work covered
~Registered




ph: 0879502743
email: donalmcdonagh87@gmail.com

**Cló Iar-Chonnacht**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-593307 eolas@cic.ie www.cic.ie

*ar fáil anois ó Chló Iar-Chonnacht . . .*

**Rocky Ros Muc**
Rónán Mac Con Iomaire
€15

Scéal duine de laochra móra spóirt Chonamara, Seán Ó Mainnín. Pléitear a óige ag fás aníos i Ros Muc, mar a chuir sé spéis sa dornálaíocht ar dtús, mar a chuaigh sé ar imirce go Boston Mheiriceá, a throid in aghaidh Mike McCallum do Chraobh Meánmheáchain Éadroim an Domhain, agus a shaol ina dhiaidh sin.




**Rogha leathan leabhar agus CDs ar www.cic.ie**



# Mylotte's

Carna

Siopa Grósaera

**Téil: 095-32256**

**Faic: 095-32951**

***Ann Mylotte Adhlacóir***
***&***
***Teach Tórraimh***



**Socraithe Iomlán sochraide agus creimeadh**
**Teach Tórraimh lonnaithe cóiriúil don séipéal.**

*Nollaig mhaith go chuile dhuine, gach rath ar an Iris*



**Tomás Ó Curraoin**
**Na Fothraí Maola Thiar**
**Bearna,**
**Co. na Gaillimhe**

**087-2933782**
**www.galway.ie**

**Ball de Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

# Debs Charna - 2013



*Ó chlé*: Brendán Ó hIarnáin, Máire Ní Éanaí, Máiréad Máire Ní Dhonnchadha, Angela Ní Ghaora, Cathy Ní Dhonnhadha, Sorcha Nic an Rí, Jessica Ní Chatháin, Murella de Búrca, Fiona Bhreathnach, Bairbre Ní Ghaora, Breeda Ní Cheanabháin, Aileen Ní Chuirrín, Kate Ní Chlochartaigh, Pádraic Mac Cormaic & Caoimhín Ó Neasa.





**Fiona Bhreathnach & Máire Ní Éanaigh**



**Angela Ní Ghaora**

# Debs Charna - 2013



Máire Ní Éanaí, Máire Ni Mhadaoin
& Brendán Ó hIarnáin



Sorcha Níc an Rí, Murella de Búrca, Jessica Ní Chatháin, Máire Ní Éanaigh
agus Kate Ní Chlochartaigh.

# Cupán na hÓige



**Kevin O Súilleabháin, an peileadóir óg as Loch Con Aortha – ar chlé – agus Christopher Ó Conaola ag bronnadh an Connolly Cup air ag Féile Mhic Dara, 2013**



**Christopher O Conaola –**
ócáid an Bhrait Ghlais i Scoil na hAirde Thiar.



**Grace Lydon agus í páireach i Siúlóid an Bhrait Ghlais i gcladach na hAirde – mar chuid de thuras cladaigh na scoile.**



**Katie Ní Shúilleabháin as Loch Con Aortha**
- agus na duaiseanna a thug sí léi ag Feis Chill Chiaráin i mBealtaine 2013.

# Cupáin agus Ceol



**Buaiteoirí Oireachtais ar cuairt ar ais chun na scoile.**
*Ó chlé:*
Breandán Ó hIarnáin (damhseoir), Pól Ó Ceannabháin (fonadóir sean-nóis), Aisling Ní Cheannabháin (damhseoir) agus Dara Ó Maolchiaráin, an príomhoide i Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna.



**Scoláirí na hIdirbhliana ag canadh sa Teach Altranais – Nollaig 2012.**

# Dathanna agus Réalta




**Brenda Ní Chlochartaigh – an 3ú bliain sa Scoil Phobail -** sí a bhua an duais don t-ainm ab fheiliúnaigh do bhád na scoile sa raifil. Joe Connolly, iománaí clúiteach na Gaillimhe ar chlé agus an príomhoide, Dara Ó Maolchiaráin, ar dheis.



**Séamus O'Flatharta as an Aird Mhóir –** mac le Dara Dara Beag agus a bhean Mháire – ceoltóir agus damhseoir cumasach a bhuaigh duaiseanna go leor i mbliana. Féach alt san leabhar seo.



**Nicole, Clare, Chelsea, Cliona, Lisa agus Sarah Mae leis an bpluid a chniotáil siad don Teach Altranais. Dara Ó Maolchiaráin príomh oide in éineacht leo.**

# Cniotáil agus Caoladóireacht



**Cailíní na hIdirbhliana ag foglaim cniotála ó Mháire Seoige sa Teach Altranais.**




**Buachaillí as an Idirbhliain ag foghlaim caoladóireachta ó Cholm Mac an Iomaire.**

# Cáilíochtaí



**Seo í Eileanóir Ní Chatháin. Bronnadh céim onóracha uirthi sa Dioplóma Gairmiúil san Oideachas ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá sí ag teagasc i meánscoil sna Clobha Liatha i gCill Mhantáin anois.**




**Bronnadh na gcéimeanna ar an 25 Deireadh Fómhair i gColáiste Mhuire gan Smál. Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)**
*Ó chlé*: Deirdre Ní Fheinidh & Siobhan Ní Éighnigh.




**Michéal O Cualáin, Muighros, Carna**
ar bhronnadh Céim sa Dlí Corparáideach (B Corp Law) air in Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

# Pósadh



James Halpenny as Londain agus Máire Ní Chaonaigh as Leitir Ard. Phós siad ar an Mála Raithní i Muigheo ar an 10ú Bealtaine, 2013.



Fionnuala Ní Ghiobúin as Camas agus Gearóid Ó Dubháin as an Aird Mhóir - Nollaig 2012.



Tommy Ó Maoilchiaráin Caladh bhFuinnse agus Ingrid Pacowski Washington D.C. a phós 7/6/2013 i Séipeal Cill Chiaráin.

# CASEY AND FEENEY

Muigh Inis, Carna



## Plant Hire

6-12 tonna excavators/Dumpers/Rock Breakers.



Réiteach bunchloch tí/Draeneail talún
Tógáil sconsaí le meaisín/réiteach córais séarachais.

*We do all types of work on foundations/rafts/perculation/land drainage/machine wall building.*
*All works considered.*

**087-9189208 agus 087-2681641**

**E-mail: caseyandfeeneyplanthire@gmail.com**
**Casey and Feeney, Muigh Inis, Carna, Conamara.**



# Eileen Mannion – Comhairleoir Contae



An Clochán, Conamara.

Teileafón: 087-9555645

Tabharfaidh mé gach cabhair is féidir do mhuintir Iorras Aithneach agus Chonamara.

*Nollaig mhaith dhibh uilig*

# Joe Mháire Mhicilín



*Seosamh Ó Cuaig*

An chéad oíche a ndeacha mé isteach i bpub i St. Paul/Minneapolis bhí fear ag casadh ceoil agus ag amhránaíocht ann. Tom Dahill ab ainm dó. Níl a fhios agam cén chaoi a raibh a fhios aige go raibh mise ann ach an chéad rud eile rug sé ar an micreafón agus ar seisean " I believe we have a special visitor from Ireland here tonight. You are very welcome, Joe. How are they all back there and how is my old friend Joe Mháire Mhicilín?"



Joe Mháire Mhicilín

Fuair mé amach ina dhiaidh sin go mbíodh sé thart anseo ó am go ham, Tí Pheaitín Tommy i gCaladh Fhínse, agus gur thaithnigh Joe Mháire thar cionn leis.

Ar ndóigh ba ceoltóir é Joe Mháire é féin. Is beag ceoltóir sa tír ná thar lear nár chuala trácht ar an bport "Joe Mháire Mhicilín". Dúirt an ceoltóir cumasach as an Áird Mhóir, Páraic Phat Pheaits Ó Ceannabháin, liom gurbh é "The Threepenny Bit" an t-ainm a bhí as an mbailitheoir mór ceoil as Chicago, an Caiptín Ó Néill , air ach go dtugadh muintir Chontae An Chláir "The New Mown Meadow" air. Ní raibh aon eolas in Iorras Aithneach ar an bport gur chas fear as an gCloigeann, John O'Toole, é ag circus i gCill Chiaráin. Bhíodh deartháir leis an bhfear sin, Patrick, ag casadh sa mbanna ceoil "The Blue Notes" nuair a bhí muide óg. Ba mhinic iad i hallaí Charna agus Chill Chiaráin. Ar aon nós chas Joe Mháire istigh i bhFínis é agus nuair nach raibh aon ainm ag na daoine air ag an am thug siad port Joe Mháire Mhicilín air.

Dúirt Páraic liom go mbíodh Joe ag casadh ag na céilithe é féin in éineacht le uncail Pháraic, Tomás. Más mar sin é chaithfeadh sé go raibh Joe réasúnta maith ar an mbosca mar níor mhór dhó a bheith go maith le dhul nóta ar nóta le Thomas Pheaits Ó Ceannabháin.

## Fear múinte, macánta

Níl aon duine dár chas ar Joe Mháire Mhicilín ariamh nach gcaithfeadh sé meas a bheith aige air. Fear múinte, díreach, macánta a bhí ann. Chaith sé seal ina shaighdiúr, rinne sé "deich gcampaign", mar a deireadh sé féin, "ar an mbeet" i Sasana, d'oibrigh sé i monarcha Ford i Dagenham agus maidir le bheith seal ag tarraingt fheamainne, ag cur fhataí is ag baint fhéir fágtar aige é. Bhí sé paiteanta ag sailleadh éisc agus deaslámhach in éadan chuile chineál oibre eile freisin. Bhí cuid mhaith de stair na háite aige agus sheas sé a thalamh go maith ar na cláracha "Fios Farraige" agus "Gaoth an Fhocail" ar Raidió na Gaeltachta. Ba deas uaidh "An Aill Eidhneach" agus amhráin eile a chasadh.

Bhí sruth breá cainte aige. Tháinig Máirtín Jaimsie as

Raidió na Gaeltachta ag cur agallaimh air lá. “Ba é an t-agallamh ab éasca a rinne mé ariamh é,” a dúirt Máirtín, “ ní raibh orm ach an téip a chasadh air agus scód a ligean leis. Chaith mé cúpla feaig agus eisean ar a mhionda ag seanchas. An t-aon uair a raibh orm é a stopadh nuair a chaith mé an téip a athrú le tuilleadh scóip a thabhairt dhó.”

Ag cur síos ar a chuid oibre “ar an mbeet” agus i monarcha Ford i Dagenham is mó a bhí sé . Ní dhéanfadh tuairisceoir gairmiúil cur síos níb fhearr. D’fheicfeá an t-innealra agus na málaí sa monarcha biatais agus an t-allas ag sileadh le Joe agus é ag faire ar na “sparks” ag éirí as na múnlaí miotal leáite i monarcha Ford.

Bhí rud eile faoi Joe nuair a bhí sé ag obair sa monarcha biatais siúcra chaitheadh sé an-ómós leis na daoine óga as an taobh seo a théadh anonn. Bhí an scríbhneoir as Cill Chiaráin, Jeaicí Mac Donncha, ag inseacht dhom nach raibh sé féin ach naoi mbliana déag nuair a chuaigh sé “ar an mbeet”. “Chuir Joe fáilte mhór romham féin agus roimh na daoine óga eile,” dúirt Jeaicí. “ Spáin sé chuile shórt dúinn: cá raibh an siopa agus oifig an phosta agus mar sin de. Bhíodh sé i gcónaí ag cur chomhairle orainn, ag rá linn an cuid is mó den airgead a bhí muid a shaothrú a chur in oifig an phosta agus go mbeadh pingin dheas sa deireadh againn. Chomhairlíodh sé dhúinn freisin scríobh abhaile chomh minic agus a d’fhéadfadh muid.”

“Ní raibh mise ach naoi mbliana déag,” a dúirt Jeaicí, “agus bhí Joe cuid mhaith blianta níos sine ná mé ach níor airigh mé ariamh go raibh difríocht ar bith san aois. Bhí intinn óg ag Joe Mháire i gcónaí.”

## Fear speile

An chuimhne is mó atá agamsa ar Joe Mháire Mhicilín an lá a dtáinig sé ag gearradh féir in éineacht le m’athair. Bhíodh Michael Tommy Cooke ag cuartaíocht againn agus bhí mo mháthair curtha trína chéile aige faoin gcineál beatha a d’íosfadh Joe. “M’anam,” a deireadh Michael, “má tá Joe Mháire ag teacht chugaibh nach mór dhuit beatha cheart a bheith agat roimhe. Fear beadaí é sin. Cócaire a bhí ann san arm agus tá an-scil aige sna cúrsaí sin. Bíodh “Bisto gravy” agat dhó ar chuma ar bith. Is mór i gceist aige an “Bisto gravy”.

Bhí mo mháthair bhocht ina trua Mhuire aige agus rinne sí a míle dícheall béile blasta a réiteach faoina chomhair. Cócaire maith a bhí inti féin. Nuair a tháinig am dinnéir níor ith Joe an oiread is a d’íosfadh páiste. Ba léir nach locht ar bith a bhí ar an mbeatha aige ach ní raibh ag déanamh imní dhó ach “ a dhul amach go beo go gcríochnóidh muid an garraí sin.”

Ba mhór an spóirt a bheith ag breathnú air féin agus ar m’athair ag gearradh an fhéir. Shílfeá nach raibh stró ar bith orthu agus ní raibh ar bhealach mar bhí faobhar acu beirt a bhearrfadh do chuid féasóige. Marc amháin a bhíodh ag m’athair ar dheá-spealadóir an chaoi a dtugadh sé leis an féar a bhíodh ag bun na cloiche nó ag bun an chlaí Ní fhágadh Joe sop féin ann ach é ag oibriú barr na speile mar a bheadh lansa ann.

I reilig Chill Chiaráin a cuireadh é. Bhí bratach na dtrí dhath ar a chónra agus chas iarshaighdiúr eile, Joe Phat Bhid Ó Flatharta, amhrán beannaithe sular scaip an slua. Ar an saol deifreach atá ann anois ní chuimhnítear i bhfad ar an té atá curtha. Ach cuimhneoidh mise ar Joe Mháire Mhicilín go dtéigh mé féin i dtalamh. Tá neart daoine eile in Iorras Aithneach, agus taobh amuigh de, a bhfuil an rud céanna le rá acu.

# Mná Chonamara



***Ar chlé*: Bridget O' Leary (Keaney) as Gabhla ó dhúchas- iníon le Val an Droichid.**
Bhí sí caite an 100 nuair a tógadh an pictiúr seo i Massachusetts. Jean Coyne, an bhean a bhí pósta ag mac a deirfíre in éineacht léi.



**Mary Joyce-Mannion ar chlé agus a deirfiúr Peggy Joyce - Mannion as Gleann Chóchan.**
Phósadar Mainnínigh as an gClochán. Ba í Peggy máthair an TD agus Co Co. John M.



**Ó chlé: Kate Greene-Lydon, Nan Connolly-Griffen (Nan Roundstone) agus Judie Lydon-Mulkerrins.**



**Annie Mannion – iníon le Willie Mannion –** a bhí ina chónaí in aice leis an 'Lodge' ar Bhóthar na Scrathóg idir an Caiseal agus Doire Iorrais.

# Litir as Cill Chiaráin roimh an nGorta



*Seosamh Ó Cuaig*

Seo litir a foilsíodh sa "Freeman's Journal" a thugann léargas beag dúinn ar an gcineál Iorras Aithneach a bhí ann roimh an nGorta Mór.

*Kilkerrin - November 28, 1843.*

*Sir—I beg to inform you of the total wreck of the Nelson Wood, Captain Ervin, of Maryport, Demerara, South America, laden with timber, sugar, rum and molasses, bound to Liverpool, owner's name is Robertson of Maryport. The crew consisting of fourteen, all perished except four (the second mate, cook, and two seamen). The vessel stuck on a rock on Sunday night, the 26th instant, at Mason Island, near Roundstone, County Galway, Ireland.*

*Upon hearing of the wreck on Monday morning I at once procured a small body of police (four men), and hastened to the spot, in the hope of taking possession of the vessel and what cargo I could for the underwriters, but the distance I had to go (eight or nine miles) through a desperate mountainous country, without road, rendered it necessarily late in the day when I arrived. She was then completely broken up by the sea, and the people of the country, and the whole of her cargo was either washed away or taken by them. From the difficulty of procuring a boat I could not get the police to the spot where the wreck lay, and with great difficulty got in myself. I found the four seamen in a weak state and learnt from them the particulars I have stated, but they could not inform me to whom the cargo was consigned to in Liverpool. They told me they mistook where they were (near the mouth of Galway Bay) for St. Georges Channel; the night was very dark and blowing hard, when they heard breakers, and were in the act of wearing ship when she struck. There was nothing saved, not even their clothes. I learnt that some of the books and papers were with some of the country people, but at the late hour at which I left I could not get any certain intelligence of them. Not knowing any of the parties interested in the unfortunate vessel I have sent you in haste all the information I can, and shall be happy to give any party concerned all the assistance or information I can.*
*(Signed) Thos Hasell*

**Eolas breise:**
Bhí beairic póilíní i gCill Chiaráin an uair sin. Maidir le Thomas Hasell (nó Hazell, mar a litrítí é scaití) bhí seisean ina chónaí i gCill Chiaráin freisin an ag an am, sa nGleann Mór. Bhí lodge agus "model farm" ann ag an Irish Wasteland Society agus ba é Hasell a bhí i gceannas ar an obair. Straidhpeáil siad seo talamh i gCill Chiaráin, i gCoill Sáile, in Aill na Brún agus i gCaladh Fhínse agus mhúin siad do na daoine leis an sliabh a thabhairt chun míntíreachais. Thugaidís duaiseanna do na daoine ab fhearr a mbíodh curaíocht déanta acu, nó a mbíodh teach nó scioból tógtha acu.

Ar an gCaiseaal a bhí a gceanncheathrú ag na Hazells ina dhiaidh sin. Ba leo Doon Cottage, nó Doon House mar a tugadh air ina dhiaidh. Bhí stór mór acu in aice leis i gcomhair na ceilpe.

Is dóichí gurbh iad Johnny O'Loghlen agus Hazell an bheirt ba cumhachtaí ar an gCaiseal lena linn, a dúirt Tim Robinson ina leabhar. Seo mar a chuir sé é chomh fada agus a bhain sé le muintir na háite: " Dependent on the former for credit to tide them over until the latter paid them a pittance for their labours in cutting seaweed and burning it for kelp."

Sách ráite go deimhin.

Thoughtful things for your Home.

Lydon's – Carpets and Flooring.

Moycullen.

Large selection of carpets, vinyls, semi solid and laminated Floors.

Fitting and delivery available.
Compórd agus teolaíocht sna carpets seo!

**Fón: 091 - 555962**
**lydonscarpets@gmail.com**

Síos go básta sna carpets!

**Rath agus séan agus aoibhneas na Nollag oraibh uilig –
Ón gComhairleoir Contae Seán Ó Tuairisg, Áine agus a gclann.**



**Déan teagbháil liom am ar bith de ló no d'oíche in Indreabhán.
Teileafón: 091-593084 no 086-3864179.**

Adhmad Teo.

Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS • CÓFRAÍ**

***Troscán de chineálacha eile***
***Togha na hoibre***

**Fón : 091-572290**

**Tígh Dan O'Hara**

**Lettershea, An Clochán, Conamara**

**Ionad Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir.**

Léargas ar Éirinn na haimsire a caitheadh
Amharchlann
Bialann
Lóistín

*Céad fáilte roimh Ghaeilgeoirí agus Coláistí Gaeilge.*

**Teileafón: 095-21246**

# Seán Ó Cathasaigh

*Graibhéal Clocha*
*agus Clocha Tógála*



**An Gleann Mór**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**Co. na Gaillimhe**

**Fón: 095 33579**
**Mobile: 087 2714648**

# Tígh Chlarke

**Ros Muc**





**091-574152**
**087-2569910**

**Bar agus Siopa**
**Sochraideacha/Teach Torramh**
**Gainimh • Clocha • Ábhar Tógála**



# Camus Autos Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.

Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.

# Óstán Chuan Charna

Carna Bay Hotel, Carna, Connemara, Co. Galway, Ireland



Óstán 3★ & Restaurant Bar Food
**Proprietors: Cloherty Family**
Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil
All readily available locally


**Fón 095 32255, Faics 095 32530**
**Ríomhphost carnabay@iol.ie   www.iol.ie/~ carnabay**

# Teacht le Chéile Mhuintir Mhic Dhonnchadha - 2013



Tháinig clann Sheáin Choilm, as an Aird Thoir ó dhúchas, le chéile i mí Lúnasa 2013. Tháinig siad ó Bhoston, Manchester agus London, mar a bhfuil siad socraithe síos anois le fada…agus in éineacht leob bhí a gclann agus clann a gclainne. B'iontach an teacht le chéile a bhí ann de thrí ghlúin de mhuintir Mhic Dhonnchadha. Níor chas cuid acub ar a chéile le fada an lá agus go deimhin bhí cuid acu nár chas ar a chéile ariamh roimhe sin. Bhí go leor teacht le chéile ann ar feadh na coicíse a chaith siad in Éirinn agus iad ag ceiliúradh lena ndeirfiúr Bríd Úi Mhadaoin agus a clann agus a ndeartháir Seán Beag, atá ina chónaí sa teach san Aird. B'iontach an teacht le chéile a bhí ann do chuile dhuine.

**AN PICTIÚR THUAS – *Ó chlé*: Bríd, Peggy, Seán, Nan, Michael, Kitty agus Baba ag ócáid cheiliúrtha in Óstán Charna.**



**AR DHEIS tá Nan agus a clann. Ó chlé – Sue (beanchéile Nick), Dan (gar mhac), Anne (iníon), Nan í féin, Nick (mac) agus Emma (gar inion) as Manchester.**

# Saol crua in 1882

## - bhí sé seo ag tárlú anseo 130 bliain ó shin

*Seosamh Ó Cuaig*



Ba dhuine de chreideamh na Quakers é James Hack Tuke. Thug sé cuarteanna go leor ar iarthar na hÉireann agus chuidigh sé leis na daoine chomh maith agus a d'fhéad sé. Bhí sé bainteach go láidir le scéim le daoine a chuir ar an imirce; bhfacthas dó nach raibh aon leigheas eile ar an gcruatan sa taobh seo tire. Thug sé cuairt ar Chonamara i 1882 agus seo litir a scríobh sé chuig a chlann inion ón lóistín a bhí aige ar an Sraithe Salach.

### 1882 EVICTED PEASANTS 147

**To his daughters he wrote from Glendalough House on 26th February 1882:**

"The mist and rain shut out the lovely view from this little house and gave a dismal enough aspect to the 'face of Nature,' perhaps somewhat in unison with the sad scenes I witnessed two days ago a few miles from here, near Carna. Seventy or eighty families have been evicted here by Mr. Berridge. They were turned out of their little houses just after Christmas, and since that have been living by the roadside or crowded together in other huts, and now many have made for themselves little 'housheen' "how pretty the diminutive is. These are literally trenches cut out of the soil against some huge stone or boulder, which serves for a wall on one side, and the sods cut out for the other wall or roof. The door is the only means of giving light, and serving also for a chimney in many. In these bog-holes men, women, children, and babies are living" five or eight in a family" lying on the straw generally, though in some the old bed has been built into the hovel, and in one case the dresser formed the end and gable of the dwelling.

In one a poor man was ill, in another a child, lying on the bare ground. The ground wet and saturated with filth around, completes the picture "no, nothing but an experience could complete the picture, or rather the reality" and I think the most pitiable part of the scene was that of strong men crouching down with the children over the bit of scant fire, absolutely idle and helpless "week after week, day after day, with no resource but the gloomy sense of misery and despair as to the future" for what is to become of them? Into the house they will not go, really believing they would die in these 'housheen' rather than do so. I tried to persuade one man who was ill and whose wife expected to be confined soon, who had five children, to go in, but all to no use. At present they have a little food, some relief being given by the Union, and some having a little money left. They offered one year's rent, but owing three, it was refused.

# Doire Iorrais
# - Soir nó Siar

*Máirtín Ó Laoi*

Is uaigneach é uaireannta nuair a theighim ar ais ar cuairt go Doire Iorrais, áit m'óige agus an t-athrú mór atá tagtha ar an áit le imeacht na mblianta. Arnó, an t-athru is mó ná go bhfuil na daoine a bhí luath láidir le linn m'óige imithe ar shlí na fírinne anois. Ní maith a bheith ag smaoineamh go leor ar an méid sin mar 'sé an ghlúin s'a'inne atá ag tógail a n'ait sin ar rotha mór an tsaoil. Rith na smaointe sin liom le gairid agus mé ar chuairt faoi scáth Chnoc Mordáin.

Ta an baile beag Doire Iorrais suite ar an gceann thoir do Iorrais Aithneach agus trasna abhainn Inbhear Mór ó pharóiste Rosmuc. Cé go bhfuil sé i bparóiste Charna, nó Muighros mar a tugtar air uaireannta, nuair a sheolann tú litir go Doire Iorrais, caithfidh tú Rosmuc a chur ar an gclúdach más mian leat fear an phoist a chur ar an eolas faoin áit a bhfuil sí 'g 'ul. Mar bharr ar an meascán tá Doire Iorrais i nDeoise Thuama agus Rosmuc i nDeoise na Gaillimhe. Tá easbog difriúil ag breathnú amach do riachtanaisí creidimh, braitheann sé cén taobh don abhainn a bhfuil tú. Shílfeá go ndéanfadh easbog amháin iad 's a laghad acu atá ann. Ach sin scéal eile.

Beag iontais mar sin go bhfuil sort "gearchéim aitheantais" ag Doire Iorrais agus cos acu sa dá thaobh. Bíonn an deighilt sin áisiúil uaireanta má bhíonn aon cháineadh dá dhéanamh ar mhuintir Chárna nó Rosmuc, is féidir linn rá gur leis an taobh eile muid. Tá sé amhlaidh freisin má tá moladh i gceist.

**Cabhar 'turn' poitín**

Siar sna blianta bhiodh tarraingt go leor ag daoine ó chéanntair Dhúiche Sheoigeach agus an Caiseal go Doire Iorrais. Is minic a théadh caoire ar strae ar chriathrach Choiril agus bhféidir amantaí gur leathscéal a bhíodh ann mar is minic a bhíodh braon poitín le fáil i nDoire Iorrais, bhíodh cáil na stiléireachta ar an áit fadó. Ní raibh móran do mhaoin aiceanta an tsaoil ar an mbaile, ach bhí sé an áisiúil le haghaidh "turn" a dhéanamh i ngan fhios do na peelers. Bfhéidir go raibh fáthanna eile ann freisin mar chuaigh mná óga as an mbaile agus phósadar i gceanntar na gnoc agus an Chaisil siar sna blianta. Siar sa mbliain 1854, phós mo shin sheanathair féin,Cuimín O Laoi, bean do chlainne 'con Rí as an gCaiseal, seans gur "match" a bhiodh ar siúl ag an am. Níl fhios a'm féin a raibh Gaeilge 'á labhairt ar an gCaiseal ag an am, ní chloisfeá aon fhocal anois ann.

Bhíodh sé ráite tráth go raibh béarla briste i nDoire Iorrais agus bhí samplaí breá le cloisteál " go back to Seán Chuimín and try bhfuil sé ann". "pull the leg of the chair to the foot of the fire and hot yourself" B'fhéidir gur theastaigh an Béarla le haghaidh comhrá a dhéanamh le muintir an cheantair neamh Ghaelach máguaird. Is beag an Béarla a dhéanfadh cúis nuair a thiocfadh ort ! Bhí an baile ar immeal na Gaeltachta. Nach maith a rinne said agus an Gaeilge a choinneál beo gan bhuíochas den Bhéarla briste.

Tá an chuid is mó den bhaile fáiscthe thimpeall ar cheathrúnai chnoc Mordáin. Tá an daonra íseal le hais mar a bhí tráth, cosúil le cuid mhaith de Iarthar Chonamara.

**Na daoine ag imeacht**

Níl fhios a'm cinnte cén fhad atá daoine ina gconaí ann nó cé as a dtáinig said an chéad lá ariamh. Is dóigh go raibh daoine ag aistriú ó áit go h-áit sa droch shaol a caitheadh agus gur tháinig siad as áiteacha éagsúla. Sa daonaireamh na bliana 1901, bhi suas le 150 duine ina gcónaí ann beagnach dhá oiread daonra an lae inniu. Tá sé suntasach sa daonaireamh sin go raibh seachtar deartháir de shloinne O Máille agus derfiúr amháin agus idir iad féin agus a gclann go raibh 65 acu ar fad ann. Tá a sliocht scaipí ar fud na cruinne mar atá go leor eile as an mbaile. Ní raibh aon "gathering" ann an bhliain seo, ach dá bhféadfadh siad uilig teacht ar

ais, bheadh cruinniú breá ann. Seans maith go raibh cónaí ann siar go maith san naoú céad déag ach níl sé éasca teacht ar na hainmeacha.

Amach ar aghaidh Dhoire Iorrais tá machaire mór leathan chriathrach Choiril, lán le portaigh, lochanna agus aibhneacha. Ta an criathrach céanna mar áit spóirt, foighléireacht agus iascach, cuid dó nach raibh ag teacht leis an dlí i gcónaí. Bhi sean uncail dom fein a mb'eigeann dó na cosa a thabhairt leis go Meiriceá mar gur shaor sé a chara a bhi greamuithe ag maor iascaigh. Shiúil sé cuid den bhealch go Queenstown agus ní nach ionadh níor tháinig sé ar ais ariamh.

Ach, bhí sé dleathach agus breá éasca ag dream an rachmais, nó na "daoine móra" mar a tugtaí orthu. Thagadh siadsan gach samhradh agus giollaí agus iomróirí acu le gach compóirt a thabhairt dóibh. B'shin fáth eile go raibh an "béarla briste" ag teastáil. Is muid a bhaineadh lán a súl as na carrana breá a bhíodh acu agus gan a'inne ach an sean Raleigh.

**An Bus ag dul siar**

Ní spóirt uilig a bhí ar an gcriathrach céanna, bhí sclábhaíocht freisin ann mar is ann a baintí na cruacha móna le haghaidh na tine agus le cur go hArainn tráth agus ina dhiaidh sin le hadhaigh an power station. Bhí sí bainte le sleán agus ní raibh aon Massey Ferguson ná Quad le í a chur ar bóthar ach an tasal bocht nó cliabh droma má bhi an cosán ró bhog don asal. B'shin í an obair bhaile a bhíodh ag gasúir tar éis na scoile,ar an bportach, i bhfad roimh Nintendo agus Facebook. Ní le fonn oibre a déantaí é go minic agus b'fhada linn go mbeadh bus Chárna ag dul siar mar bhí sé in am baile ansin. Níorbh fhéidir imeacht roimhe sin. Ní raibh aon bhealach eile leis an am a inseacht, ni raibh muid go maith ag léamh áit na gréine. Cé go raibh píosa maith de sholas lae fagtha tar éis bus Chárna dul siar, cheap muide go raibh a ndóthain déanta a'inn. Ach, is iomaí duine a dhéanfadh leath lá oibre ina dhiaidh sin.

Tá gleo gasúr le cloisteáil i nDoire Iorrais i gcónaí, buíochas le Dia agus beidh difríocht mór idir a saol siúd agus iadsan a bhí ann cupla glúin ó shin. Beidh seans acu a marc féin a fhágáil ar an saol mór. Agus nach breá an rud é sin.


# Jackie Ó Cualáin

**CONRAITHEOIR TÓGÁLA**

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí
Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid


***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

"MEMBER OF CONSTRUCTION INDUSTRY FEDERATION" • C.I.S. • "MEMBER OF HOME BOUND"

# Farraigí an tSaoil



**Pat Khate Cheoinín as Leitir Ard ina chulaith Dhubh ar chlé agus fear as Albain leis. Bhí Pat in Arm Shasana agus shiúil sé go leor den domhan. Tógtha sna 1940aidí.**



**Tá slam mór pictiúir ag an saighdiúr Pat Khate as Leitir Ard. Ina measc tá an cailín seo …pé ar bith cérbh í féin. Ní raibh ainm leis an bpictiúr.**



**Ar an oileán Iarthach sna 1940aidí – Ó chlé: Mattie Coyne, John O' Toole (gasúr muintireach leis na Cadhain as Gaillimh) agus Colman Coyne.**



**Pat Khate in uachtar anseo ar an ngunna mór sa Meán Oirthear sna 1950aidí.**

"Best Regional Newspaper" Award Winner
Irish Printer Awards 2012
www.con-telegraph.ie
The Connaught Telegraph

**Fr. John J. Philbin**

On a few occasions I have been asked to point out the grave of Fr. John J. Philbin in the Old Cemetery in Castlebar. His final resting place is in the extension to the cemetery which was opened in 1947, the hat factory side, if you wish. The grave is adorned with a statue of the Blessed Virgin.

When Fr. Philbin died on August 3, 1971, he was parish priest of Carna, Co. Galway. He is buried alongside his sister Bridget.

The Philbins were natives of Ballynew, Castlebar, and a man who remembers the family well is John Jordan senior who comes from the same townland. John is still going strong at 90-plus, a retired member of the nursing staff of St. Mary's Hospital. Many will remember him as a prominent member of the drama group attached to the hospital.

John played starring roles alongside colleagues such as Davy Conroy, Martin Lydon, Bernie Pluck and an old friend of mine, Tommy Quigley, former Castlebar Mitchels and Mayo footballer.

It is said that Fr. Philbin was renowned as a priest who had many curative powers and I know of one mother who claims he cured one of her sick children.

**************************************

**Ba é an tAthair Seán Mac Philbín – Fr John J. Philbin – an Sagart Pobail i gCarna idir 1962 agus 1969. Mar atá ráite san alt seo as an "Connaught Telegraph" a foillsíodh i 2011, bhí sé ráite faoin Athair Mac Philbín go raibh raibh leigheas aige. Thagadh daoine chomh fada leis as áiteacha i bhfad agus i ngearr. Bhí sé tugtha síos dó go mba fear an-bheannaithe a bhí ann; dúradh go mbíodh clocha beaga ina bhróga aige ag cuir pionóis ar féin. Bhí bailiúchán mór cloig aige sa teach; is cosúil go raibh fior-shuim aige i chuile chineál clog.**



# Cruach-na-Curra
# (Saint Mac Dara's Island)

**By Young Connemara Poet —**
**James O'Neill Moran.**

**The Galway Observer -**
**Saturday, December 25, 1926.**

(1)
Sweet Cruach na Cara, hallowed isle
The evening lights are on this breast
The Skerds in wondrous beauty smile
Upon the Sineach's lowly rest;
The erubescent shelvy flags
Hyperion gilds in mellow hue
And Wherroons's waters wash thy crags
That kiss the cloudless welkin blue.

O'er Neptune's throne, the thin-lawned mist
In curtained folds his naiads draw
The winds that rustle them are whilst
And e'en the noisy homeward daw;
From out thy rock-hewn sanctuary
A sacred stillness holds the eve;
And breathes its silence on the sea
Whose waters ever round thee heave.

Thy sands are strewn with snowy shells
That on the moonlit stillness toll
Like myriad sappired tinkling bells
Beneath the ocean's gleaming roll;
The feathery flecks of foam are flung
In garlands round thy silvered creeks
And on thy brow are dewdrops hung
To greet the Dawn's first rosy streaks.

The spotless gull, that rides the wind
Across the cloudless starry plain
Will now in thee a haven find
When tempests toss the angered main
The wary redshank guards thy caves
And mocks the heaving salty brine
That casts its green and tangled waves
Along thy shore in ceaseless line

From out the vaulted firmament
The sloan-goose descends with ease
And brings in homage reverent
Her living offerings from the seas
Within thy shingled coves, in peace
The timberous teal and wild duck lie
And watch the mounting wave increase
To blend its waters with the sky

The mellowed centuries have rolled
A down Time's hushed and storied halls
Since first sweet vesper bells were tolled
Within thy oratory walls
And oft St. Sinach knelt in prayer
And thanked the God who gave him life
To breathe thy pure and briny air
Away from care's unholy, strife.

And when the sun and shower-wrought are
had haloed thee in varied light
The Saint would watch from his frail baroque
thy fading form sink in night
In Summer sun, and Autumn glow.
With unrelinquished faith in God
He toiled, and through the Winter's snow
And when the Springtime decked thy sod.
In lightning flash and thunder blare
In storms brunt, and calm's repose
Through shining hope and dark despair
He bore for Christ his silent woes.

The boatman on his daily quest
Upon the endless boundless sea
When passing St. MacDara's rest
There dips his brown barked sail to thee
The duleasg from the captives stone
His good spouse pulls at ebb of tide
Its healing powers to her are known
And oft she tells the tale with pride

And oft by cosy hearth the tale
Of the ill-fated Gill is told
Who once refused to strike his sail
In honour of thy Saint of old
Of how a Captain proud and vain
Who sailed his barque by Sinach's Rest
Was tossed upon the stormy main
Because he mocked the custom blest.

From Ara's burnished limestone cliffs
Across the waves by Goolum's burrs
Come in their tarred and canvassed skiffs
The tall, dark, sandled Araners
From Maumeen Peaks to stormy slyne
From Great Man's Bay to Mason Head
The pilgrims worship at thy shrine
In homage to they patron dead

And ever as the shadows fall
O'er thy wind-beaten crags so bold
The voice of Faith will ever call
Form out thy silent altars cold
And as the fleeting years depart
This pilgrimage to thee, will be
Imparted to each infant heart
As blest to Sinach's memory

I leave thee now loved holy Isle
Beneath the twilight's crimsoned pall
To kiss the myriad eyes of night
And harken to the sea-mew's call
I leave thee in the moon-kissed seas
That toss each tinkling snowy shell
Fanned by the Western balmy breeze
Sweet Curach na Cara fare thee well.

Saint Mac Dara's Island, or Cruach—na—Caurra, as it is better known to the natives of Connemara lies, together with other smaller Islands, West of Connemara. Here also is the beautiful Croaghnakeela, on which are the ruins of St. Keelan's Church and Well.



## James O' Neill-Moran

Ba as Carna é an "young Connemara poet" atá i gceist san bpíosa seo as an bpáipéar nuachta an "Galway Observer" i 1926 – Lá Nollag an bhliain sin, mar a thárla sé. Ba uncail é James le Micheál Ó Móráin nach maireann agus ba shean uncail é le Dominic, Micheál, Máirtín agus Máire (Uí Chonchubhair). Ba dhochtúr leighis é James O' Neill-Moran agus gar do bhaile Dhún na nGall a chaith sé an chuid is mo dá shaol. Triúr mac a bhí ag Micheál Ó Mórain – sean Mhikie Moran – agus a bhean arbh de mhuintir Néill í. Bhshin iad an Canónach Willie Moran, Michael a bhí i mbun an ghnó i gCarna (athair Mhicheál) agus James, an dochtúr agus an file óg a scríobh an dán seo faoi Oileán Mhic Dara i 1926.

# Spéir, stair agus seandálaíocht ~ Teampall Mhic Dara.



# Mo Shliocht

Carna mo bhunú agus mo dhúchas
Ba as Caladh Mhaínse a d'eascair mo dhream
Mothaím an nádúr fós in mo chuisle
Deirtear go bhfanann an fíon sna cláir.

Sé nádúr an  duine filleadh ar a dhúchas
Tagann an bradán ar ais sa snámh
I measc mo ghaolta agus mo chairde
Is ansa liomsa seal a chaitheamh ann.

Mórtas cine is deacair a sheachaint
Bhain sé sin go mór le mo dhream
Seanchas, comhrá  agus go síoraí ag argóint
Sin tréithe an- láidir a bhí sa gclann.

Shiúil mé amach ar na bánta
An tírdhreach álainn atá fós slán
Tráthanna geala  agus uiscí glana
Mian mo chroí-se  seal a chaitheamh  ann.

I Reilig Mhaínse atá siad sínte
Is tá a n-ainm greanta ar an  leac úd thall
Ach lá na cinniúna, le linn an aiséirí
Beidh an Beo agus na Mairbh le céile ann.

**ó**

**Máirín De Paor Uí Mhaoláin**



Máirín & Peadar Ó Maoláin lena iníon, Éabha.

## Ceoltóir Óg Cumasach Eile

*- Seosamh Ó Cuaig*

Is iontach go deo iad na ceoltóirí óga atá ag teacht chun cinn in Iorras Aithneach le blianta anuas. Níl aon uair dá gcloisim iad nach dtógann siad mo chroí. Ar dhuine amháin acu a dhéanfas mé trácht anseo, Séamus Ó Flatharta as an Aird Mhóir. Sé an chúis atá leis sin gur bhuaigh Séamas cheithre dhuais ag Fleá Cheoil na hÉireann i nDoire Cholm Cille i mbliana. Ach rud ar bith atá le rá faoi Shéamas d'fhéadfaí go leor de a rá faoi na ceoltóirí óga eile freisin.

Dúirt Séamas liom go raibh suim aige sa gceol ó bhí sé beag. Bhí ceol le cloisteáil sa teach mar go mbíodh a chuid deartháireacha ag freastal ar ranganna le Marcas Ó hIarnáin. Ní raibh Marcas ag múineadh nuair a bhí sé in am aigeasan tosú ach fós féin bhí tionchar aige orthu uilig sa teach.

Thosaigh sé féin ar an bhfeadóg le Nóirín Ní Shúilleabháin agus le cúpla bliain anuas bhí Eibhlín Ní Mháille á mhúineadh, múinteoir iontach a deir sé. Maidir leis an gcláirseach thaithin a fuaim leis nuair a chuala sé Laoise Kelly ag ceol thuas ag Scoil Acla. Bhí sé ag iarraidh cláirseach ón nóiméad sin. Ní raibh a mhuintir cinnte gurbh í sin an úirlis cheoil ab fhearr a d'fheilfeadh dhó ach nuair a chuala a athair cailín as Sligeach ag seinm ar an gcláirseach ghéill sé agus fuair sé ceann acu. Tá sé ag freastal ar ranganna le Holly Geraghty le trí bliana anuas agus sí a thug go dtí an caighdeán ard é atá aige anois.

Ó thaobh na n-amhrán de bhí sé d'ádh air go raibh sé i rang Bhríd Ní Mhaoilchiaráin nuair ó bhí sé sna naíonáin go raibh sé i rang a dó. Is cuimhin leis Amhrán Mhaínse a fhoghlaim sna naíonáin mhóra agus "Na Páipéir Á Saighneáil" i rang 1. Is ó Bhríd a fuair sé an grá do na hamhráin. Chomh maith leis sin bhí Bairbre Uí Mhaoilchiaráin agus Caitríona Ní Cheannabháin ag múineadh na n-amhrán a fhad is a bhí sé ag freastal ar an mbunscoil agus roinn siad sin a gcuid amhrán agus a gcuid scileanna sean-nóis leis. Bíonn Mícheál Ó Cuaig ag tabhairt cúnamh dhó i gcónaí ag fáil amhrán nua agus ag déanamh cinnte go mbíonn an fhoclaíocht agus an fhoghraíocht ceart.

Deir Séamas go mbeidh sé buíoch dá chuid múinteoirí go deo agus do dhaoine ar nós Christina Lowry, Marie Walsh. Michael O'Neill, Leo Hallisey agus Ann Conneely a thug cúnamh agus tacaíocht dhó trí na blianta.

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

# Éamonn Ó Cuiv T.D.



**Oifig Dáil cheantair, Teach Kirwin,**
**Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh**

**Fón:(091) 562846**
**Facs:(091) 562844**
Ríomhphost: eamon.ocuiv@oir.ie
Suíomh Idirlíon: www.eamonocuiv.ie

*Coppinger & Curran*
*Photography & Video*

Moylough, Balinasloe, Co. Galway

(086) 2602770
(090) 9679429

www.tcoppinger.com



find us on Facebook Coppinger & Curran Photography

*On The Spot*
*Photography & Printing*


For Every Occasion

Enquiries
Call Barbara on:
(086) 1529661



On The Spot Photography & Printing

**Ann Dowd**
*Gruagaire*



**Unisex Hairdressing**
Carna
Conamara
Co. na Gaillimhe
**095-32277**

## "Sonas"

**B&B/Teach Loistín**
*Míle Fáilte Anseo*

**Teach Ghlinnsge**

**Bar/Restaurant and craftshop**



*Nollag Shona do gach duine*

**Ó Mhuintir Chlochartaigh**
**Fón: 095-32846/32279**

## *Scoil Phobail Mhic Dara Carna*

**Fón: 095-32245**
**www.scoilphobailmhicdara.com**
**Ríomhphost: spmd@eircom.net**

Ag cur Oideachas cuimsitheach Dara Leibhéal ar fáil
agus
Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (P.L.C)
FETAC - Leibhéal 5 i gCúram Leanaí

*Guíonn foireann Scoil Phobail Mhic Dara beannachtaí na Nollag agus na hathbhliana ar an bpobal uilig.*

WESTBIC
BUSINESS & INNOVATION CENTRE

# Ag Tacú le Fiontráíocht

**Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe,**
**Páirc Ghnó Muirbheach,**
**Gaillimhe.**
**www.westbic.ie**
**Fón: 091 730850**

# Joyce's Grocery

Recess, Connemara, Co.Galway
Phone: 095 34658 Mobile: 087 2686946
joycesgrocery@hotmail.com

Opening Hours: 7.30am – 7pm Mon - Sat

**For All Your Farm Needs**

Cattle Feeds – Horse Feeds – Sheep Feeds – Shavings – Coal – Briquettes – Wire & Stakes

**We deliver to your door.**



**Mo bheannachtaí ar mhuintir Chonamara an Nollaig seo.**

**An Comhairleoir Contae**
**Seosamh Ó Laoi**
**087-2739909**
**solaoi@cllr.galwaycoco.ie**

**Déanfaidh mé mo dhicheall dibh.**

**Casaim cabhar amhrán freisin – Tá 'Bean Pháidín' ar cheann acu.**

# Rothaí an tSaoil



**John Mhicil Bheartla Ó Caodhna (John an Fhíodóra) as Gabhla ar dheis, a mhac Josie sa lár agus Mickey ar chlé. An-fhear caipple a bhí i John. Bhásaigh sé go hóg. Tá a mhac Josie básaithe le roinnt mhaith blianta anois freisin. Cónaíonn Mickey i Luimneach.**



**Ó chlé: Kate Green - Lyden (Kate Sheåin), Kate's son Tom, Mary Dawe agus bean a mic, Janice ... gar do Reilig Mhainse.**



**Joe Pheigín Sheáin as Mainis agus a bheirt mhac Jackie & Páraic.**

# Cuimhní Cinn



**Ag casadh ar a chéile don chéad uair le 50 bliain ag teacht le chéile Scoil Bharr Linnín i mí Iúil- Seán Ó Cadhain (Johnny Mhicí) as Gabhla ar chlé agus Tomás Ó Conghaile (Tommie Mhattie Sheáinín) as Leitir Ard.**



**Ó chlé - Máire Ni Chaonaigh as Gabhla (Tuaim anois), Máire Ní Mhaoildhia (McGagh) as Carna, iar mhúinteoir i nGlinsce agus Bairbre Ní Chathasaigh as Glinsce.**

# Jean Paul na Feamainne



*Seosamh Ó Cuaig*

Tá úinéirí nua ar Arramara Teoranta, Acadian Ltd., as Nove Scotia. Go n-éirí sin leo agus tá súil agam gur deá-thoradh a bheas air dóibhsean, don phobal seo agus do phobail eile ar an gcósta.

Ba le Údarás na Gaeltachta Arramara roimhe seo agus sular choinnigh Fine Gael amach den Údarás mé féin agus daoine eile –agus sular cheileadar toghchán ar mhuintir na Gaeltachta ---bhí láimh agam sna comhráití a bhí ar bun faoi dhíol an chomhlachta.

Cúpla bliain ó shin bhí Neasa seo againne ag múineadh in Ollscoil Naomh Muire i Halifax, Nova Scotia. Chuaigh mé féin agus a máthair anonn ar cuairt chuici. Caitheadh thar cionn linn ann. Thug cairde Neasa as an ollscoil amach ar thurais ar fud an cheantair muid. Thug an tOllamh a bhí i gceannas uirthi, Pádraig Ó Siadhail chuig lón muid.

Bhí a fhios againn go raibh lucht na feamainne, Acadian, in aice láimhe agus shocraigh muid bualadh síos chucu. Ar an mbus a chuaigh muid ann. Bhí glaoch teileafóin curtha romhainn againn ach go deimhin bhí sé breá éasca siúl isteach sa bpríomhoifig ar aon chaoi. Bhí fear breá dathúil, suáilceach san oifig agus dúirt sé linn nach raibh an "boss", Jean Paul Deveau, ar fáil faoi láthair ach gur gearr go mbeadh. D'innis sé dhúinn gurbh as Cape Breton é féin. Labhair muid faoi cheol traidisiúnta na hÉireann agus faoina ngaol atá ag an gceol seo againne le ceol Chape Breton. Bhí a fhios agam go raibh bunadh Éireannach sa réigiún sin, bunadh Francach agus na dúchasaigh a bhí ann sular tháinig ceachtar den dá dhream eile. Cén chaoi a raibh siad ag tarraingt le chéile? , d'fhiafraigh mé de. "An-mhaith ar fad," a dúirt sé, "bhí an ghráin ag an trí dhream ar na Sasanaigh."

Faoi cheann tamaill tháinig Jean Paul é féin. Tá mé sáinnithe ag cruinniú faoi láthair, a dúirt sé, ach an bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas mé, cuirfidh mé fios ar thiománaí agus ar threoraí agus tabharfaidh siad ar thuras eolais ar fud an bhaile sibh. Nuair a thiocfas sibh ar ais beidh píosa comhrá againn faoin bhfeamainn. Rug sé ar an fón agus taobh istigh de chúig neomad tháinig fear ard, ligthe den chine gorm ar an láthair, an tiománaí, agus cailín in éineacht leis, an treoraí. Dúirt an fear dubh gurbh as Havana i gCuba é féin. Chuir mise tuairisc ar roinnt áiteacha i Havana a dtug mé féin cuairt orthu blianta ó shin. "Cén chaoi a bhfuil Fidel Castro ag coinneáil?, d'fhiafraigh mé de. "Maith go leor," a dúirt sé.

Turas an-spéisiúil staire a thug siad dhúinn. Thug siad tríd an gcuid den chathair muid is measa a buaileadh nuair a tharla an tubaiste mhór le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Dhá long armlóin a bhuail faoina chéile sa gcuan. Scuabadh isteach iad agus phléasc an t-armlón. Spréach tinte trí Halifax. Maraíodh na mílte agus scriosadh cuid mhór den chathair.

## Cómhrá le Jean Paul

Nuair a tháinig muid ar ais thug Jean Paul síos go dtí an ceaintín muid áit a bhfuair muid lón den scoth. "Tugaigí libh na plátaí", a dúirt sé "agus gabhfaidh muid isteach sa seomra cruinnithe." Lean muid isteach é. Bhí scáileán mór ar an mballa agus thosaigh Jean Paul ag cur síos ar an tionscal rathúil feamainne atá acusan. Mhínigh sé gurbh é a athair, Louis E Deveau, a bhunaigh an comhlacht agus go raibh sé lúth láidir fós agus é lánpháirteach i bpleanáil na hoibre. Mheabhraigh mise dósan nach raibh mé ag margántaíocht ar bhealach ar bith ar son Údarás na Gaeltachta; gur faoi na feidhmeannaigh a bhí sé sin faoi láthair. Dúirt sé gur thuig sé an scéal go maith agus thagair sé go speisialta do Sheán Ó Labhra a bhí i gceannas ar na comhráití ó thaobh an Údaráis de.

Cheistigh sé go mion mé faoi Chill Chiaráin. D'fhiafraigh sé díom cén fáth ar thóg muid an balla ard atá ar thaobh do láimhe clé agus tú ag dul síos go dtí an monarcha. "We're you trying to keep out the British again?", ar seisean. Mhínigh mé an cás dhó chomh maith agus a d'fhéadfainn.

Thug seisean an-eolas dúinne ansin ar an gcaoi a mbaintear an fheamainn i Nova Scotia, ar na rialacha atá ag baint léi, ar na monarchana atá acu. B'údar mór gaisce dhó go ndíoltar a gcuid táirgí i 70 tír ar fud an domhain. Luaigh sé go bhfuil an oiread seo eolaithe ag obair acu. I lár a chuid cainte faoi na heolaithe d'fhiafraigh sé díom an raibh aithne agam ar Dara Flaherty, an fear a cheannaíonn an fheamainn d'Arramara. "Ní hé amháin go bhfuil aithne mhór agam air ach tá gaol agam leis," arsa mise, "agus lena bhean freisin." "Dara might not be a scientist," a dúirt sé, "but he has a very important job in that whole operation".

As deireadh an chomhrá d'fhiafraigh sé díom an raibh aon amhras orm faoin iarracht a bhí ar bun acu ceannas a fháil ar Arramara. Dúirt mise go gcaithfinn a bheith díreach leis, go raibh a fhios agam gur leis an Stát an fheamainn i Nova Scotia, go raibh "quota" uirthi agus go raibh an "quota" sin sroichte ag Acadian. Bheadh beagán imní orm, a dúirt mé, gur ar fheamainn Chonamara a bhí a shúil aigesean seachas rud ar bith eile. "Féach anseo," a dúirt sé agus é ag breathnú idir an dá shúil orm, "má théann muide go Cill Chiaráin agus feabhas mór a chur ar an monarcha sin, rud a theastaíonn a dhéanamh go géar, an mbeadh ciall ar bith againn an mhin a thabhairt anseo go Ceanada? Nach é an rud a chaithfeadh muid a dhéanamh ábhair eile a bhaint as an bhfeamainn agus iad a dhíol ar mhargaí na hEorpa?"

Bhí orm a admháil go raibh an-chiall lena chuid cainte.



# Scíth ar an Oileán



**Dá thógáil go réidh ar Oileán Mhic Dara - an 16ú Iúil 2013.**
*Ó chlé*: Nóra Ní Ghríofa (Tír an Fhia). Johnny Mháirtín Larry (Leitir Ard) agus Leas-Choimisinéara na nGardaí in Éirinn – Dónal Ó Cualáin (Carna).



**Pádraic Ó Coirbín ar chlé agus John Dearbhe Ó Flatharta ag cómhrá i measc an tslua ar Oileán Mhic Dara i mbliana.**

# Carlos

Windows & Doors

Tel: (091) 448664

Mob: (087) 7981488

www.carloswindows.com

# Gannon SPORTS

Stocking all local clubs merchandise. Please contact shop for further information.

**Connemara's**
**Complete Sports Store**

The Square, Clifden, Co. Galway.
Tel: (095) 22268
E-Mail: gannonsports@gmail.com




EUROPUS

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

**Dioplóma Iarchéime /MSc./ Teastas**
**i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán**

Europus i gcomhar le Údarás na Gaeltachta agus GMIT

Tá mórdheiseanna nua fostaíochta anois san earnáil aistriúcháin Ghaeilge anseo in Éirinn agus san Aontas Eorpach. Tá an cúrsa ardghairmiúil seo dírithe ar dhaoine ar mian leo a bheith ina n-aistritheoirí gairmiúla agus beidh modúil ar leith sa chúrsa dírithe ar ghnéithe eile de thionscal na teanga. Tá cuid mhaith daoine tar éis ardphostanna a bhaint amach anseo agus san Eoraip tar éis freastal ar an gcúrsa seo.

Reáchtálfar an cúrsa i gCarna i gConamara ag tosú ag tús na Samhna. Mairfidh an cúrsa Dioplóma Iarchéime /Teastas 24 seachtain agus leanfaidh an oiliúint don MSc. ina dhiaidh sin. Ní bheidh aon táille i gceist.

Glacfar le hiarratais ó chéimithe le honóracha i nGaeilge, ó chainteoirí dúchais Gaeilge a bhfuil céim in ábhar eile acu agus ó dhaoine lánfhásta gan na cáilíochtaí thuasluaite a léireoidh i dtástáil phraiticiúil go bhfuil ardchaighdeán i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla acu.

Déanfaidh iarrthóirí agallamh agus scrúdú scríofa. Má cháilíonn an iomarca iarrthóirí déanfar roghnú randamach.

Seol iarratas mar aon le CV chuig :-
EUROPUS
An Comhlacht Teanga, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe
Roimh an 30 Deireadh Fómhair.

**Gach eolas: www.europus.ie**
**Teil: 091/595492 Ríomhphost: eolas@europus.ie**




Paddy Dundass & Cóilín Mac Donnchadha (An Cheathrú Rua) ar dheis.

# 40 Bliain ó shin

16 - The Connacht Tribune, Friday, January 12, 1973.



Many Carna, Co. Galway, people who have settled in Boston attended a benefit dance held recently in the Metropolitan Hall, Boston, to raise money for the renovation of St. Mary's Church in Carna. The function gained 3,735 dollara for the fund. The attendance included: Front row, from left: Brid Cloherty, Maire Cloherty, Peggy Cloherty, Maureen Mulkern, Paggy Walsh. Back row, from left: Joe Greene, Mary Greene, John Walsh, Coleman Lydon, Jim McTavish, Marcus Mulkern, Pat Lydon.

**Na pictiúir ar an gclúdach cúil 2013:**

In uachtar tá foireann na mban i gCarna a bhua an Sraith Chomórtas Roinn a 2 i nGaillimh agus an comórtas Sciatha chomh maith.
*Líne cúil ó chlé*: Aisling Ni Chualáin, Irene Bhreathnach, Sinéad Bhreathnach, Tríona Ní Chualáin, Bairbre Ní Chonghaile, Dolores Ní Mhadaoin agus an traeneálaí, Joe Ó Neachtain.
*Líne tosaigh ó chlé*: Nóirín Bhreathnach, Brenda Ní Mhaoilchiaráin, Pauline Uí Mhurchú, Fíona Ní Chualáin agus Máire Uí Chonbhuí.

In íochtar na Cualáin as Cill Chiaráin a bhua gradam IFTA – na príomh ghradaim náisiúnta – as an gclár doiciméide teilifíse "Lón sa Spéir". Tógadh an pictiúr seo ag an mbronnadh i mBaile Átha Cliath.
*Ó chlé*: Gearóidín Uí Chualáin, Éamon Ó Cualáin, Caitríona Ní Chualáin, Carol Ní Chualáin, Seán Ó Cualáin agus Deirdre Uí Chualáin.

# Fear Roisín na Mainíoch dá gcur síos!




**Páraic (Paudie) Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch**
**ag buachtáil an bhoinn cré umha ag Comórtas Judo na Breataine**
**i mBirmingham i mí Mheán Fómhair.**

Ta Paudie ina shaoiste ar scéimeanna obair thógála i Sasana agus é ina chónaí i London. Is iontach a chruthaíonn sé mar tá air a chuid traeneála a dhéanamh ar bhun páirt-aimseartha. Bíonn cuid acu seo ag traeneáil go lán-aimseartha.

# *Buaiteoirí 2013!*



**Cailíní na Cispheile**



**Gradam IFTA ag na Cualáin.**